


# Lú2007

## Comhairli Áithiúla Tuarascáil Bhliantúil

*"Ceannasaíocht a sholáthar agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sheachadadh do mhuintir Lú"*

Comhairle Chontae Lú
Telefón: (042) 933 5457
Facs: (042) 933 4549
info@louthcoco.ie
www.louthcoco.ie
LoCall: 1890 202303
Comhairle Thoghlach Dhroichead Átha
Telefón: (041) 983 3511
Facs: (041) 983 9306
info@droghedaboro.ie
www.droghedaboro.ie
Comhairle Bhaile Dún Dealgan
Telefón: (042) 933 2276
Facs: (042) 933 6761
info@dundalktown.ie
www.dundalktown.ie
Baile Bhaile átha Fhirdhia
Telefón: (041) 6853234

Ashville Media Group
Telefón: (01) 432 2200; Facs: (01) 672 7100
info@ashville.com; www.ashville.com

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Cúpla Focal ón mBainisteoir Contae | 02 |
| Comhtheachtaireacht ón gCathaoirleach/Mhéara | 03 |
| Toghcheantair | 04 |
| Comhaltacht Chomhairle Contae Lú 2007 | 05 |
| Comhairle Contae Lú - An Fhoireann | 07 |
| Comhaltacht Chomhairle Baile Dhún Dealgan 2007 | 08 |
| Comhaltacht Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2007 | 09 |
| Comhaltacht Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia 2007 | 10 |
| Sprioc 1 – Seirbhís Chustaiméirí | 11 |
| Sprioc 2 – Forbairt Eacnamúil a Éascú | 17 |
| Sprioc 3 – Caighdeán na Beatha a Fheabhsú | 24 |
| Sprioc 4 – Rannpháirtíocht Pobail a Chothú | 37 |
| Sprioc 5 – Comhaontais a Dhéanamh le hEagraíochtaí Eile | 44 |
| Táscairí Seirbhíse | 47 |
| Figiúir Airgeadais | 50 |


## RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

*"Ceannaireacht a sholáthar agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sheachadadh do mhuintir Lughaí".*



# Cúpla focal ón mBainisteoir Contae

*Conn Murray, Bainisteoir Contae*



Cúis áthais is ea é domsa, mar Bhainisteoir Contae, Tuarascáil Bhliaintúil 2007 a chur i láthair, thar ceann Údaráis Áitiúla Lughaí.

Bhí ár mbonneagar á fhorbairt againn i gcónaí sa bhliain 2007. San áireamh bhí oscailt Nascbhóthar an A1/N1 idir An Iúir agus Dún Dealgan a chríochnaíonn roinn Chontae Lughaí de chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirse, críochnú an phiara nua ag Port Oirialla, leathnú ar Ghléasra Cóireáil Uisce Dhroichead Átha agus roinnt scéimeanna nua tithíochta. Mar thoradh ar an bhfeabhas leanúnach ar bhonneagar, i dteannta le stádas Dhún Dealgan mar Gheata, agus timpeallacht ardchaighdeáin, is láthair infheistíochta agus turasóireachta den scoth é Dún Dealgan.

Tosaíocht de chuid Údaráis Áitiúla Lughaí ab ea é riamh seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí agus tá áthas orm gur bhain ár n-iarrachtaí aitheantas i roinnt comórtas, lena n-áirítear dámhachtain Chomhartha Q sna rannóga Mótarchánach agus Pleanála, dámhachtain Bainistíocht Timpeallacht ISO14001 don Stiúrthóireacht Bhonneagair, Dámhachtain Údarás Áitiúil na Bliana de chuid Repak agus dámhachtain an Irish Business League Against Litter a fuair Comhairle Baile Dhún Dealgan.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann agus le baill tofa Údaráis Áitiúla Lughaí agus le baill na gCoistí Beartais Straitéiseacha éagsúla agus Bhord Forbartha an Chontae as a n-obair dhian agus a dtiomantas le dhá mhí dhéag anuas. Táimid ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i 2008 i gcomhar leis na gníomhaireachtaí éagsúla Stáit, an earnáil phríobháideach agus pobail áitiúla dár gcuid.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mo réamhtheachtaí Ms Martina Moloney, a d'fhág Lughaí mí an Mheithimh chun post a ghlacadh i nGaillimh, as an méid a rinne sí chun cuidiú le Contae Lughaí le linn a téarma oifige. Ba mhaith liom moladh a thabhairt chomh maith do Ms Joan Martin, Stiúrthóir Seirbhíse, a ghníomhaigh mar Bhainisteoir Contae le linn shamhradh 2007.

**Conn Murray**
Bainisteoir Contae

*Jimmy Mulroy*



*Anthony Donohoe*



*Jim D'Arcy*



*Fintan Malone*




Cúis áthais is ea é dúinn tuarascáil bhliantúil 2007 a chur i láthair. Tugann an tuarascáil spléachadh ar mhórchuid de na gníomhaíochtaí a raibh baint ag Údaráis Áitiúla Lughaí leo le dhá mhí dhéag anuas.

Rinneadh dul chun cinn breise i raon leathan oibreacha bonneagair, rud a chuir le caighdeán na beatha do mhuintir Lughaí agus don uile chuairteoir a thugann cuairt ar ár gcontae gach bliain.

Rinneadh mórchuid forbairtí i 2007 sna réimsí spóirt agus caitheamh aimsire. Ceapadh Oifigeach Forbartha Sacair agus Oifigeach Tacaíochta do Chlubanna CLG i gcomhar leis an FAI agus CLG. Spreagfaidh na ceapacháin seo, maille le bunú Chomhpháirtíocht Spóirt Údaráis Áitiúla Lughaí, i bhfad níos mó daoine le bheith rannpháirteach sa spórt.

Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le heagraíochtaí deonacha agus pobail as an méid a rinne siad ina bpobail chun cabhrú le Lughaí dul chun feabhais i gcónaí i gComórtas na mBailte Slachtmhara.


Tá mionchur síos ar ghnóthachtálacha eile sa tuarascáil a bhfuil ár mbuíochas astu ag dul do thiomantas na foirne agus do thiomantas bhaill Údaráis Áitiúla Lughaí. Tá ár meas tuillte acu uile.



**Jimmy Mulroy**
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú




**Anthony Donohoe**
Méara
Comhairle Thoghlach Dhroichead Átha



**Jim D'Arcy**
Cathaoirleach
Comhairle Baile Dhún Dealgan



**Fintan Malone**
Cathaoirleach
Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia





## AN TOGHCHLÁR

Aithníonn an chomhairle an cúram atá uirthi a chinntiú go mbíonn deis ag saoránaigh incháilithe a vóta a chaitheamh. Gach bliain tiomsaítear clár de na saoránaigh go léir atá i dteideal vótála i dtoghcháin áitiúla, ghinearálta nó uachtaránachta agus i reifrinn.

## TOGHCHEANTAIR

| Ceantar | Daonra |
|---|---|
| Baile Átha Fhirdhia | 16,981 |
| Droichead Átha Thoir | 19,154 |
| Droichead Átha Thiar | 13,250 |
| Dún Dealgan Cairlinn | 19,023 |
| Dún Dealgan Theas | 18,780 |

*Comhairle Thoglach Dhroichead Átha*



*Halla An Chontae, Ionad Na Milaoise, Dún Dealgan*



*Halla Baile, Dún Dealgan*



## Dún Dealgan/Cairlinn

**Fine Gael**
Terry Brennan



**Fianna Fáil**
Seamus Keelan



**Sinn Féin**
Jim Loughran



**Neamhpháirtí**
Jim Ryan



**Fianna Fáil**
Peter Savage



**Sinn Féin**
Tomás Sharkey



## Dún Dealgan Theas

**Neamhpháirtí**
Martin Bellew



**Fianna Fáil**
Declan Breathnach



**Fine Gael**
Jim D'Arcy




**Neamhpháirtí**
Mary Grehan



**Fianna Fáil**
Donal Lynch



**Sinn Féin**
Kevin Meenan



## Baile Átha Fhirdhia

**Fine Gael**
Finnan McCoy



**Fianna Fáil**
Thomas Clare



**Fine Gael**
Jim Lennon



**Sinn Féin**
Pearse McGeough



**Fianna Fáil**
Tommy Reilly



## Droichead Átha Thoir

**Fianna Fáil**
Jacqui McConville



**Fianna Fáil**
Jimmy Mulroy



**Sinn Féin**
Imelda Munster



**Fine Gael**
Michael O'Dowd



**Fine Gael**
Oliver Tully



## Droichead Átha Thiar


**Fine Gael**
Anthony Donohoe



**Fianna Fáil**
Frank Maher



**Labour**
Gerald Nash



**Neamhpháirtí**
Ken O'Heiligh



# Comhairle Contae Lú - An Fhoireann

C. MURRAY – Bainisteoir Contae

M CURRAN – Stiúrthóir Seirbhíse

J MARTIN – Stiúrthóir Seirbhíse

J MCGUINNESS – Stiúrthóir Seirbhíse

R KENNY – Stiúrthóir Seirbhíse

A DAVIS – Ceannasaí Airgeadais

## PRÍOMHOIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN

C MOSS (Seirbhísí Corparáideacha)

M MURTAGH (Comhshaol)

P FITZSIMONS (Seírbhísi Tithíochta agus Éigeandála)

P DONNELLY (Bóithre agus Cúrsaí Mara)

W WALSH (Pleanáil agus Forbairt)

E MULHOLLAND (Teicneolaíocht Faisnéise)

B LYNCH (Cuntasaí Airgeadais)

R MCAULEY (Cuntasaí Airgeadais)

A WARD (Leabharlannaí Contae)

## INNEALTÓIRÍ SINSEARACHA

R MCKENNA (Tithíocht)

G. KELLY (Bóithre agus Cúrsaí Mara)

D O'NEILL (Seirbhísi Comhshaoil)

M O'CALLAGHAN (Seirbhísí Sláintíochta)

## PLEANÁLAÍ SINSEARACH


G DUFFY (Pleanáil)

## Baill Chomhairle Baile Dhún Dealgan

**Neamhpháirtí**
Martin Bellew


**Fianna Fáil**
Seamus Keelan


**An Comhaontas Glas**
Mark Dearey


**Sinn Féin**
Ian Dooley


**Neamhpháirtí**
Mary Grehan


**Fianna Fáil**
Seamus Byrne


**Sinn Féin**
Harry Todd


**Fianna Fáil**
Noel Lennon


**Sinn Féin**
Kevin Meenan


**Fine Gael**
Jim D'Arcy


**Fine Gael**
Eamonn O'Boyle


**Neamhpháirtí**
Jim Ryan


### COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN - FOIREANN

**Conn Murray** Bainisteoir Contae

**F Pentony** Cléireach an Bhaile

**David Storey** Príomhoifigeach Fheidhmiúcháin

**Catherine Duff** Innealtóir an Bhaile

## Baill Chomhairle Thoghlach Dhroichead Átha

**Fianna Fáil**
Tommy Murphy



**Fine Gael**
Michael O'Dowd



**Sinn Féin**
Dom Wilton



**Páirtí an Lucht Oibre**
Gerald Nash



**Neamhpháirtí**
Malachy Godfrey




**Fianna Fáil**
Jimmy Mulroy



**Fine Gael**
Anthony Donohoe



**Neamhpháirtí**
Tommy Byrne



**Páirtí an Lucht Oibre**
Paul Bell



**Sinn Féin**
Mathew Coogan



**Fianna Fáil**
Frank Maher



**Neamhpháirtí**
Ken O'Heiligh



## COMHAIRLE THOGHLACH DHROICHEAD - FOIREANN

**Conn Murray** Bainisteoir Contae

**D Foley** Cléireach an Bhaile

**Mary T Daly** Príomhoifigeach Fheidhmiúcháin

**Dermot Agnew** Innealtóir an Buirge

# Baill Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

**Fine Gael**
Niall Carberry



**Sinn Féin**
Seamus Gaffney




**PDs**
Leonard Hatrick



**Fianna Fáil**
Padraig McKenny



**Fianna Fáil**
Fintan Malone



**Neamhpháirtí**
Jim Tenanty




**Fine Gael**
Finnan McCoy



**Fine Gael**
Fionnán McCoy



**Páirtí an Lucht Oibre**
Tom Minogue



## COMHAIRLE BAILE BHAILE ÁTHA FHIRDHIA - FOIREANN

**Conn Murray** Bainisteoir Contae

**Mairead Duffy** Cléireach an Bhaile

# SPRIOC1

## *An tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí agus dár gcliaint*

### *Faireachán a dhéanamh ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ár gcliant agus teacht ar na seirbhísí uile a fheabhsú*

*An Clr Jim D'Arcy Cathaoirleach in éineacht le baill, oifigigh agus foireann Chomhairle Baile Dhún Dealgan i ndiaidh bua Dhún Dealgan i gCraobhchomórtas IBAL*




## GRADAIM ATÁ FAIGHTE AG ÚDARÁIS ÁITIÚLA LUGHAÍ

Téama is ea seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin atá mar sprioc i ngach gníomhaíocht agus cuspóir de chuid Údaráis Áitiúla Lughaí. Ón uair gur tugadh Rialtas Áitiúil Níor Fearr isteach tá riachtanais ár gcustaiméirí agus ár gcliant curtha againn ag ceartlár ár seachadadh seirbhíse. Agus an sprioc seo á baint amach tá gach iarracht déanta ag Údaráis Áitiúla Lughaí feabhas a chur ar fheidhmiú i ngach ceann dár seirbhísí. Tá mórán gradam éagsúla faighte ag ranna agus tá mórtas orainn na gradaim seo a leanas a fhógairt:

**IRISH BUSINESS AGAINST LITTER (IBAL)**
**– COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN**

Fógraíodh Dún Dealgan mar 'an baile is glaine in Éirinn' i gCraobhchomórtas IBAL i 2007. Cruthúnas ab ea an teideal nua mórtasach seo ar an obair leanúnach a rinneadh chun an baile agus na bealaigh isteach ann a choimeád saor ó bhruscar. Rinneadh iarracht thar na bearta an baile a choimeád glan agus slachtmhar agus bhí toradh mór ar an iarracht. Treisiú mór ab ea é do bhaile Dhún Dealgan agus bua ab ea é a chuir go mór le híomhá an bhaile mar bhaile forásach, cuimsitheach agus nua-aimseartha tráth a bhfuil athruithe agus forbairtí níos mó ná riamh ar bun sa bhaile. Tá dianiomaíocht ann le haghaidh Craobhchomórtas IBAL agus beidh fonn ar Dhún Dealgan an bua a bhaint arís i 2008.

**– COMHAIRLE BAILE DHROICHEAD ÁTHA**

Bhain Droichead Átha stádas saor ó bhruscar amach den chéad uair i gCraobhchomórtas IBAL 2007 agus bhain siad marc níos fearr i gComórtas na mBailte Slachtmhara chomh maith.

**DÁMHACHTAIN CHOMHARTHA Q**
**– OIFIG MHÓTARCHÁNACH**

Déanann Oifig Mhótarchánach Chomhairle Contae Lughaí tréaniarracht i gcónaí barrfeabhas a bhaint amach agus seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh dár gcustaiméirí. Chuige sin, chinn an fhoireann Mhótarchánach cur isteach ar an gcomhartha Q i 2006. Is é EIQA (Excellence Ireland Quality Association) a bhainistíonn an dámhachtain cháiliúil seo agus is creat é a chumasaíonn d'eagraíocht í féin a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú ionas go mbeidh ionchur ardchaighdeáin á sholáthar aici i gconaí agus í ag freagairt go héifeachtach do dhálaí atá ag athrú nó do dhálaí neamhchinnte.

Ón uair gur socraíodh ar iarratas a dhéanamh, chuir an fhoireann Mhótarchánach tús le tréimhse ullmhúcháin dhá mhí dhéag. Tháinig an obair dhian, an tiomantas agus an tréaniarracht ar son feabhas leanúnach sa tseirbhís don chustaiméir chun buaice in iniúchadh aon lae neamhspleách ó EIQA i nDeireadh Fómhair 2006. Ábhar mórtais dúinn é gur bronnadh an Comhartha Q cáiliúil orainn ar son ár n-iarrachtaí.

Ní raibh i mbronnadh dhámhachtain an Chomhartha Q i 2006 ach tús. Ciallaíonn sé tiomantas d'fheabhsú leanúnach i gcáilíocht ár seirbhísí. Athneartaíodh an tiomantas seo nuair a coinníodh an Comhartha Q arís i 2007.

**ROINN PLEANÁLA**

I ndiaidh iniúchadh neamhspleách ar ár mbeartais, ár bpróisis agus ár nósanna imeachta mí na Nollag 2007, ba í Roinn Pleanála Chomhairle Contae Lughaí an chéad Roinn Pleanála san oirthuaisceart a bhain Creidiúnú Comhartha Cáilíochta amach. Tá ardmholadh ag dul d'fhoireann na roinne, idir phleanálaithe gairmiúla agus lucht riaracháin, as a ndúthracht agus as an iarracht a rinne siad leis na hullmhúcháin sna seachtainí roimh an iniúchadh, rud ba chúis leis an rath. Táimid ag tnúth le rath eile mar é sna blianta romhainn.

*Foireann Mhótarchánach, Comhairle Contae Lughaí, a fuair Dámhachtain Comhartha Q 2007*



*Foireann Phleanála, Comhairle Contae Lughaí, a fuair Dámhachtain Comhartha Q 2007*



### ISO 14001 DÁMHACHTAIN COMHSHAOIL – AN STIÚRTHÓIREACHT BHONNEAGAIR

Bhí an Stiúrthóireacht Bhonneagair mar chomhpháirtí i dtionscnamh trasteorann a ceapadh chun cuidiú le seacht gcinn d'údaráis áitiúla i dTuaisceart Éireann agus dhá cheann sa Phoblacht an caighdeán comhshaoil ISO 14001 a bhaint amach. D'éirigh leis an Stiúrthóireacht an creidiúnú a bhaint amach ar son fheidhmeanna na Seirbhísí Uisce agus na mBóithre araon agus bhí siad ar an gcéad údarás áitiúil a bhain amach an caighdeán sa Phoblacht.

Baineadh amach an creidiúnú i ndiaidh iniúchadh neamhspleách ar áiteanna oibre, córais oibre agus cleachtais oibre. Rinne an fhoireann tréaniarracht chun an cleachtas ab fhearr a bhaint amach i bhfeasacht agus i gcleachtas comhshaoil i ngach gníomhaíocht sa raon ó stóráil ábhar go diúscairt rudaí millte agus dramhaíl eile a ghintear le linn sholáthar na seirbhísí bonneagair. Baineadh amach an caighdeán a bhuí do thiomantas gach baill foirne. Ní amháin go raibh orthu cleachtais oibre a leasú ach d'éirigh leo athrú meoin a bhaint amach ní amháin san áit oibre ach ó chonraitheoirí agus ó sholáthraithe chomh maith.

Tá gach ceann de na hOifigí i Halla an Chontae ag iarraidh an creidiúnú a bhaint amach anois mar aithris ar an Stiúrthóireacht Bhonneagair.

### DÁMHACHTAINÍ 2007 REPAK – AN COMHSHAOL

Bhain Comhairle Contae Lughaí gradam Chomhairle Contae Foriomlán na Bliana i nDámhachtainí 2007 Repak ar son a gclár cuimsitheach athchúrsála mar aon le rannpháirtíocht rathúil na Comhairle i gClár na Scoileanna Glasa, Comórtas na mBailte Slachtmhara agus ar son gníomhaíochtaí íoslaghdaithe dramhaíola le pobail, gnóthais agus scoileanna.

*Údaráis Áitiúla Lughaí ag ceiliúradh a mbua ag Searmanas Dámhachtainí Athchúrsála Repak 2007*



*Brian Harten, Oifigeach Ealaíon an Chontae, ag glacadh leis an nDámhachtain Oiliúna agus Forbartha ag Oíche Bhronnta Fhreagracht Chorparáideach Lughaí*



### DÁMHACHTAINÍ FHREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH LUGHAÍ – NA hEALAÍONA

Is é CreateLouth an t-ainm a thugtar ar an svuít dámhachtainí, sparánachtaí agus deontas a bhronntar ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí ar fud an chontae trí Sheirbhís Ealaíon Údaráis Áitiúla Lughaí. Mar chuid de CreateLouth, chuir Scéim Cheannaigh Uirlisí Ceoil do Scoileanna ar chumas lear mór

scoileanna uirlisí ceoil a cheannach ar son a ndaltaí. Ainmníodh an tionscnamh seo le haghaidh dámhachtain catagóire ag Dámhachtainí Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach Lughaí, agus d'éirigh leo an Dámhachtain Oiliúna agus Forbartha a bhreith leo.

## IONAD SEIRBHÍSÍ CATHRACH LÁR LUGHAÍ

Tá oibreacha ag druidim chun críche ar an áis nua ag Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, ina mbeidh oifigí Ceancair lár Lughaí mar aon háis oibriúcháin agus riaracháin Oifig na nOibreacha Poiblí um dhraenáil réigiúnach agus áis nua le haghaidh an tseirbhís chúirteanna. Dearadh an foirgneamh chun freastal do riachantais chruinnithe míosúla Chomhairle Bhaile Átha Fhirdhia.

Tá sé beartaithe bogadh isteach san áis nua go luath i 2008 agus osclófar é don phobal i gcoitinne go gairid ina dhiaidh sin chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí i gceantar lár Lughaí agus feabhas a chur ar an bpáirc phoiblí i mBaile Átha Fhirdhia a mbaintear úsáid fhorleathan as cheana féin.

*Ionad Seirbhísí Pobail Lár Lughaí, Baile Átha Fhirdhia*



*Thug Mary Capplis, Oifigeach Cuimsithe Sóisialta, cur i láthair maidir le plean ARD ag seimineár in nDún Geanainn, Lá Inimirceach Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe, mí na Nollag 2007*




## CUIMSIÚ SÓISIALTA

### TIONSCADAL DHÚSHLÁN AN ATHRAITHE

Chuir Comhairle Contae Lughaí i gcomhar le Comhairle Ceantair an Iúir & Cheantar Mhoirne tús le roll amach Tionscadal Dhúshlán an Athraithe, a dhíríonn ar riachtanais na mionlach eitneach ó thaobh seachadadh seirbhísí.

Fostaíodh Oifigeach Tionscadail um Dhúshlán an Athraithe sa dá chomhairle chun cúram a dhéanamh de sheachadadh an tionscadail. Aistríodh eolas údaráis áitiúil chun cur leis an tseirbhís do chustaiméirí agus eagraíodh imeachtaí chun an tSeachtain Idirchultúrtha a cheiliúradh i mí an Mhárta agus Seachtain Frithchiníochais san Áit Oibre i mí na Samhna.

Ghlac an bhainistíocht 'Cur Chuige Córais Uile' i leith príomhshruthú na héagsúlachta i mbeartais agus i gcleachtais Údaráis Áitiúla Lughaí.

### MÍCHUMAS

Fuair Údaráis Áitiúla Lughaí €400,000 i gcistiú faoin gCiste Straitéise Míchumais. Ar an obair a rinneadh ar fud na tíre bhí oiliúint foirne, iniúchtaí inrochtaineachta, teicneolaíocht chúnta, doirse uathoibrithe, rampaí, cathaoireacha aslonnaithe agus uasghrádú cosán agus achomhal.

## TEACHT AR FHOIREANN AGUS AR DHOICIMÉID NA hOIFIGE PLEANÁLA

I gcaitheamh 2007 bhí córas ann an t-am ar fad chun go mbeadh líon uasta pleanálaithe ann chun déileáil le ceisteanna ginearálta pleanála ar an bhfón. Tá pleanálaí dualgais ar fáil chun ceisteanna ginearálta pleanála a fhreagairt Dé Máirt agus Déardaoin le cois na gnáth-infhaighteachta le coinne Dé Céadaoin do chlinicí réamhphleanála.

Lena chois sin, i 2007, cuireadh doiciméid maidir le pleanáil reatha agus pleanáil stairiúil ar fáil den chéad uair ar an Idirlíon don phobal i gcoitinne.

## CÓRAS GEARÁN AGUS TUAIRIMÍ CUSTAIMÉIRÍ

Tá foirmeacha gearán/tuairime ar fáil ar gach deasc poiblí agus pléitear le gach gearán agus tuairim chomh tapa agus is féidir. I gcaitheamh 2007:

- fuarthas trí cinn de ghearáin ó chustaiméirí sa chóras foirmiúil.
- tarraingíodh anuas 6 cheist leis an Ombudsman.
- rinneadh 16 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

## *Caighdeáin chomhleanúnacha corparáideacha a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta*

## SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

### CÓRAS BAINISTITHE DOICIMÉAD D'OIBREACHA BÓTHAIR

Ba é príomhfhócas na foirne Sláinte & Sábháilteachta don chéad

chuid de 2007 Córas Bainistithe Doiciméad a cheapadh d'oibreacha bóthair a chinnteodh lánghéilliúlacht do na Rialacháin Foirgníochta 2006. Forbraíodh an córas táblach seo go sonrach do Lughaí i gcomhar leis an Údarás um Shláinte agus Sábháilteacht (HSA) agus bhí sé comhdhéanta de shraith foirmeacha a thugann cuntas ar shaol an tionscadail agus a sholáthraíonn leidí do dhaoine atá ag obair ar scéim oibreacha bóthair. Nuair a fuarthas faomhadh ón HSA, cuireadh an córas i bhfeidhm ar fud Lughaí ar bhonn píolótach. Meastar go rollfar an scéim amach chuig na húdaráis uirbeacha i 2008.

### PLEAN ÚDARÁIS ÁITIÚIL UM CHÓRAS SONRACH OIBRE

I 2007, bhí an tOifigeach agus an Comhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhar go gníomhach leis an HSA agus an LGMSB maidir le grúpa oibre chun Plean Údaráis Áitiúil um Chóras Sonrach Oibre a cheapadh d'uasghrádú agus do chothabháil bóithre. Meastar go mbeidh an doiciméad críochnaithe seolta agus rollta amach go luath i 2008.

### MEASÚNACHTAÍ TORAINN AGUS TONNCHREATHA

Chuir Lughaí tús le measúnachtaí torainn agus tonnchreatha i raon gníomhaíochtaí údaráis áitiúla chun réimsí buartha a aithint le ceartú faoin na Rialacháin Ghinearálta Feidhmiúcháin 2007. Leanfar de na measúnaithe seo i 2008 agus cuirfear faireachán sláinte ar fáil don fhoireann nuair a iarrfar é.

### MEASÚNACHTAÍ RIOSCAÍ

Ar fud 2007, mhisnigh an fhoireann bainistíochta soláthar measúnachtaí rioscaí do gach gníomhaíocht údaráis áitiúil le sprioc de chríochnú 50% roimh dheireadh bliana. Shocraigh sé sin an caighdeán do bhainistíocht údaráis áitiúil ar shláinte agus ar shábháilteacht ón mbarr anuas, treocht a choimeádfar i bhfeidhm sa todhchaí.

Roll Lughaí amach 'Lámhleabhar Sábháilteachta d'Fhostaithe', lámhleabhar a cuireadh i dtoll a chéile ar fud na tíre, don fhoireann ar fad agus dhaingnigh beartas Oibrí Aonair chun cuidiú chun sábháilteacht baill foirne soghonta a chinntiú ag an obair.

## UATH-LÉAMH MÉADAIR DON SOLÁTHAR UISCE NEAMHTHEAGHLAIGH


Thug an Stiúrthóireacht Bhonneagair chun críche suiteáil na méadar uisce ar gach custaiméir neamhtheaghlaigh i 2006. Ina dhiaidh sin coimisiúnaíodh trealamh Uath-Léamh Méadar sa bhliain a ghabh romhainn. Cuireann an trealamh seo feabhas ar éifeachtacht léamh na méadar agus soláthraíonn próifíl leathnaithe d'úsáid uisce gach custaiméara.

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Sa bhliain 2007 d'ullmhaigh agus ghlac Údaráis Áitiúla Lughaí le Scéim le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm. Leagtar amach sa doiciméad na bearta a dhéanfar chun tacú le húsáid na Gaeilge sna comhairlí.

Glacadh an Scéim tar éis próisis lenar áiríodh glao ar

*Sláinte & Sábháilteacht*




aighneachtaí ón bpobal i gcoitinne. Leasaíodh dréacht-Scéim ag leibhéal SPC agus ghlac Údaráis Áitiúla Lughaí í ina n-aonar ina dhiaidh sin.

Leagann an Scéim amach ár ngealltanais teanga i réimsí na hoiliúna, na hidirghníomhaíochta poiblí, chruinnithe na Comhairle, na meán, agus na gcóras eolais, agus i réimsí nach iad. Tiocfaidh scéimeanna eile ina diaidh, rud a sholáthróidh seirbhísí níos fearr i nGaeilge dóibh siúd ar mian leo a gcuid gnó le hÚdaráis Áitiúla Lughaí a dhéanamh i nGaeilge.

## COISTE FUINNIMH

Ba é an Bainisteoir Contae a bhunaigh an Coiste Fuinnimh i Lughaí agus tá comhaltaí air ó na trí údarás áitiúla i Lughaí. Grúpa tras-údaráis a d'fhéadfaí a thabhairt air agus tá saineolas forbartha aige i mbainistíocht fuinnimh atá ar fáil mar bhonn eolais do chinnteoirí, ach é a iarraidh. Glacann an grúpa seo cur chuige réamhghníomhach chun feasacht ar fhuinneamh a mhéadú i measc na foirne chomh maith le tionscadail a éascú a laghdóidh an méid fuinnimh a úsáideann an eagraíocht tríd is tríd.

### DÚN DEALGAN 2020

I gcomhar le SEI agus an Tionscadal Dún Dealgan 2020 (www.sei.ie) fuair an grúpa oiliúint ó shaininnealtóirí bainistithe fuinnimh a sholáthair SEI agus tá eolas oibre réasúnta aige anois ar bhainistíocht fuinnimh. Rith Lughaí treoirscéim do Learscáil Fuinnimh SEI (www.sei.ie/energymap) mar uirlis bhainistíochta fuinnimh a d'fhorbair SEI agus atá bunaithe ar ISO 393.

### TIONSCADAIL AMACH ANSEO

Beidh an Coiste Fuinnimh páirteach go gairid i mBiúró Fuinnimh mar chuid de thionscadal foriomlán Dún Dealgan 2020. Tá eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí sa Bhiúró Fuinnimh atá suite i limistéar Tionscadail Dhún Dealgan 2020, agus

coimeádfaidh agus stiúirfidh an comhar eagraíochtaí seo i dteannta a chéile comhlacht speisialtóirí chun gach gné d'úsáid fuinnimh a bhainistiú. Ba cheart go mbeadh sé seo mar thaithí luachmhar foghlama don uile duine atá bainteach leis. Ritheadh an tsamhail seo go rathúil cheana ag SEI i mBaile Átha Cliath, mar a bhfuil na ceithre phríomhcholáiste (UCD, TCD, DCU agus DIT) bainteach leis ag obair i dteannta a chéile mar Biúró Bainistíochta Fuinnimh e3 (www.e3.ie).

## COMHPHÁIRTÍOCHT SAN IONAD OIBRE 2007

Bhí Comhpháirtíocht san Ionad Oibre ag déanamh dul chun cinn réidh i gcónaí in Údaráis Áitiúla Lughaí i 2007.

Trí Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre rinneadh dul chun cinn chun córas údaráis áitiúil nua-chóirithe, éifeachtach agus níos críochnúla a fhorbairt in Údaráis Áitiúla Lughaí.

Soláthraíonn Comhpháirtíocht san Ionad Oibre fóram éifeachtach inar féidir le lucht bainistíochta agus ceardchumainn idirbheartaíocht luath a dhéanamh de chineál neamhsháraíochta mar gheall ar athruithe pleanáilte, agus féadfaidh siad cur chuige fadhbréitigh a sholáthar maidir le láimhseáil cineálacha coimhlinte a thagann chun cinn go dosheachanta ó am go chéile, mar gheall ar athrú suntasach eagraíochtúil. Taispeánann taithí gur féidir le haeráid chobhsaí tionslaíoch agus cumarsáid éifeachtach agus rialta idir lucht bainistíochta agus an fhoireann timpeallacht a chothú inar féidir difríochtaí a chur in iúl go hoscailte agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach a chothaíonn fadhbréiteach in ionad coimhlintí.

Bhí cruinnithe rialta ag na Coistí Comhpháirtíochta san Ionad Oibre éagsúla le linn 2007:

- Coiste Comhpháirtíochta Údaráis Áitiúla Lughaí
- Coiste Comhpháirtíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan
- Coiste Comhpháirtíochta Chomhairle Contae Lughaí
- Coiste Comhpháirtíochta Seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúla Lughaí
- Coiste Oibreacha Dhroichead Átha

### BAILL DE CHOMHPHÁIRTÍOCHT ÚDARÁIS ÁITIÚLA LUGHAÍ SAN IONAD OIBRE 2007

Mary Murtagh, Comhchathaoirleach, Bainistíocht
Isabell Murphy, Comhchathaoirleach, Impact
Joe Mc Guinness, Stiúrthóir Seirbhíse, Bainistíochta
Danny Churchill, Coiste Oibreacha Dhroichead Átha / UCAT
Joan Martin, Stiúrthóir Seirbhíse, Bainistíochta
Paul Owens, UCAT
Kieran Lawless, Oifigeach Riaracháin, Bainistíocht
Pat Casey, ATGWU
John Lawrence, Oifigeach Riaracháin, Bainistíocht
Pat Harrison, SIPTU
Michael McCabe, Éascaitheoir Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre

*Fáiltiú Sibhialta i Halla Cathrach Bhéal Feirste, ag ceiliúradh craobhchomórtas CLG idir-chomhairle trasteorann a d'óstáil Comhairle Cathrach Bhéal Feirste*



## Comhtháthú na gcóras eolais agus an clár oibre ríomh-Rialtais

Tugadh straitéis TFC le haghaidh tréimhse 2007-2010 chun críche. I gceist anseo bhí comhtháthú le cuspóirí an Phlean Chorparáidigh agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ón LGCSB, stiúrthóireachtaí Comhairle agus comhairlí baile.

Bunachar sonraí seirbhíse do chustaiméirí is ea eDirect a sholáthraíonn an LGCSB a chumasaíonn d'údaráis áitiúla freagairt éifeachtach a thabhairt ar cheisteanna ó chustaiméirí. Bhí deacrachtaí ag gabháil le roll amach an fheidhmchláir seo. Ar na deacrachtaí sin i 2007 bhí acmhainní a leithdháileadh agus teorainneacha an táirge i dtimpeallacht éagsúil chomhairle.

Maidir le seirbhísí ar líne, d'éirigh linn teacht a thabhairt ar dhoiciméadú pleanála ar líne i gcás Chomhairle Contae Lughaí agus leathnófar é sin anois go Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Baile Dhroichead Átha. Tacaíodh tuilleadh leis an ngluaisteacht i dtreo ríomhRialtais nuair a leathnaíodh próiseáil íomhánna doiciméid sa dá chomhairle baile. Leathnaíodh ríomhÍocaíochtai chun déileáil le táillí páirceála.

Chomhlíon TFC riachtanais faoi Dhearbhú Barcelona nuair a baineadh amach Comhlíonadh an Tionscnaimh Inrochtaineachta Gréasáin ar láithreáin Ghréasáin agus trí chuntair phoiblí a threalmhú le haghaidh custaiméirí ar bheagán éisteachta agus trí shaoráidí TFC a leathnú go dtí na leabharlanna.

Athnuadh suíomh www.louthcoco.ie i 2007 agus tá tuilleadh oibre beartaithe le haghaidh 2008. Féachann an fhoireann FTC ar aghaidh go dtí 2008 agus do thacaíocht leanúnach a sholáthar don phróiseas athraithe agus feabhsaithe atá ar bun in Údaráis Áitiúla Lughaí.

## Oiliúint & Forás na Foirne

Tá Údaráis Áitiúla Lughaí tiomanta don tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí, agus mar sin, cuid thábhachtach is ea oiliúint agus forás leanúnach don fhoireann maidir le tionchar a imirt ar an leibhéal feidhmíochta agus éifeachtachta

san eagraíocht. Cinntíonn sin go leanfaimid dár spriocanna agus cuspóirí a chomhlíonadh.

Tá cúram ar Oiliúint & Forás Foirne as oiliúint a sholáthar d'fhoireann Údaráis Áitiúla Lughaí atá tiomanta d'oiliúint a sholáthar don uile fhostaí ar bhonn cothrom chun cur lena gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí chun ár gcuspóirí agus ár spriocanna a chomhlíonadh.

Seachadadh roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha oiliúna don fhoireann i 2007 chun a chumasú dóibh seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar don chustaiméir agus do chliaint, lena n-áirítear:

| Gníomhaíocht Oiliúna | Líon na Foirne a Oileadh |
|---|---|
| Oiliúint Míchumais, Comhionannais & Éagsúlachta | 62 |
| Cúram do Chustaiméirí | 32 |
| Déileál le hIompar Dúshlánach | 42 |
| Oilúint Feasachta STEM | 157 |

Bhí an caiteachas ar oiliúint agus ar fhorás le haghaidh 2007 ar aon dul leis na spriocanna a socraíodh faoi An Dul Chun Cinn a Choinneáil.

## OILIÚINT IONDUCHTÚCHÁIN

Tugadh oiliúint ionduchtúcháin isteach don fhoireann nua in Údaráis Áitiúla Lughaí i 2007. Ritheadh roinnt seisiún ó shin chun a chinntiú go bhfaigheann gach ball nua foirne oiliúint oiriúnach. Clúdaíonn oiliúint ionduchtúcháin struchtúr, beartais agus seirbhísí Údaráis Áitiúla Lughaí go príomha, ach clúdaíonn sí chomh maith réimsí chomh héagsúil le Seirbhís do Chustaiméirí agus Sláinte & Sábháilteacht agus déantar an oiliúint ar an láthair agus i bhfoirm chláraithe.

## OILIÚINT SHLÁINTE & SHÁBHÁILTEACHT

Aithníonn Údaráis Áitiúla Lughaí go bhfuil ró ríthábhachtach ag oiliúint Shláinte & Shábháilteacht maidir le feasacht a chothú ar Shláinte & Sábháilteacht san ionad oibre agus timpistí a laghdú san ionad oibre. I gcaitheamh na bliana chuir roinnt ball foirne tús leis an Teastas i Sláinte & Sábháilteacht san Ionad Oibre i DKIT, agus chuaigh baill eile ar aghaidh go dtí leibhéal an Dioplóma. Aithníonn an Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde (RA) an cúrsa seo agus tá sé creidiúnaithe ag UCD. Bhí an oiliúint seo a leanas i gceist i gcláir eile Shláinte & Sábháilteachta:

- Úsáid shábháilte trealaimh ar nós sábhanna slabhracha, trealamh gearrtha agus dumpálaithe láithreacha.
- Suíomh seirbhísí faoi thalamh.
- Oiliúint i scileanna tiomána.
- Oiliúint mar mhaoir scoile.
- Garchabhair.
- Measúnóirí VDU.
- Láimhseáil.

## FOGHLAMA AR FEADH AN tSAOIL

Is mian le hÚdaráis Áitiúla Lughaí coincheap na Poghlama ar feadh an tSaoil a chur chun cinn i measc na foirne. Maoiníodh roinnt ball foirne i 2007 chun tabhairt faoi chúrsaí tríú leibhéil i gcoláistí éagsúla. Baineadh leas as naoi gcúrsa is ceathracha faoin Scéim Chúnaimh le hAghaidh Oiliúna, agus b'iad na cúrsaí ba mhó tóir ná cúrsaí i Staidéar ar Rialtas Áitiúil. Chríochnaigh roinnt ball foirne an Máistreacht MBA i Riarachán Gnó ó DCU.

*Rannpháirtithe i gClár Oiliúna um Bhainistíocht Thrasteorann in Óstán Bhaile Mhic Scanláin*



## CLÁR OILIÚNA BAINISTÍOCHTA TRASTEORANN

Tháinig an Clár Oiliúna Bainistíochta Trasteorann chun críche ag deireadh 2007. Bhí seisear d'fhoireann Údaráis Áitiúla Lughaí rannpháirteach sa chlár oiliúna bainistíochta seo faoi urraíocht Interreg. Thug an clár deiseanna d'fhoireann ó údaráis áitiúla ar dhá thaobh na teorann eolas, taithí agus an cleachtas is fearr a roinnt.

## OILIÚINT SAFEPASS

Dhírigh oiliúint Safepass ar athnuachan teistithe do bhaill foirne a raibh a gcártaí ar tí dul in éag, agus fuair 84 ball foirne oiliúint i 2007.

## Ag leanúint le forbairt Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso

Chomhchuimsigh Údaráis Áitiúla Lughaí na trí bhunachar sonraí Agresso aonair a bhí suite i gComhairle Baile Dhroichead Átha, Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae Lughaí i bhfoirm bunachar sonraí aonair lárnach suite i Halla an Chontae.

Soláthraíodh oiliúint Agresso go leanúnach ar chóras Agresso, agus tá Agresso in úsáid i ngach rannóg den eagraíocht anois.

Tá lámhleabhar leasaithe nósanna imeachta airgeadais ar fáil anois don fhoireann ar fad ar an Inlíon le ceadú mar gheall ar an gcleachtas is fearr ó thaobh airgeadais de.

Thug Údaráis Áitiúla Lughaí isteach córas nua costála chomh maith faoina ndéanfar 'tagarmharcáil' in am is i dtráth de sheirbhísí sna húdaráis ar fad agus faoina malartófar na cleachtais is fearr idir eagraíochtaí.

# SPRIOC2

## *Forbairt eacnamúil a éascú agus ár suíomh straitéiseach ag lárphointe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a uasmhéadú*

## *Dún Dealgan a fhorbairt mar Gheata do réigiún an oirthuaiscirt*

*An tAire Dermot Ahern i gcuideacha an Clr Jim D'Arcy, Cathaoirleach Chomhairle Baile Dhún Dealgan, an Clr Jimmy Mulroy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Lughaí, Mr Conn Murray, Bainisteoir Contae, oifigigh de chuid Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus Mr Andrew Griffin, Parma Developments Ltd, tráth seolta thairiscint Dhún Dealgan ar an gCiste Tionscnaimh Gheata*



### CHISTE NUÁLA AN GHEATA

Chuir Comhairle Baile Dhún Dealgan an togra seo faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar fhreagairt ar ghairm ar thograí faoi a d'eisigh an Roinn.

Tá an togra bunaithe ar straitéis chomhtháite chun forbairt i nDún Dealgan a luasghéarú, a mbeidh infheistíocht i bpríomhghnéithe den bhonneagar áitiúil i gceist leis, mar aon le teacht ar bhonneagar agus infheistíocht i gcáilíocht na beatha, arna thacú ag pleanáil nuálach. Cinnteoidh an togra chomh maith fás inmharthana daonra agus soláthróidh sé deis den scoth chun cuspóirí an chiste a bhaint amach. Meallfaidh na príomhthionscadail seo ardleibhéal infheistíochta ón earnáil phríobháideach. Tá na hinfheistíochtaí ar aon dul le Plean Forbartha Eacnamúil Dhroichead Átha 2005-2010 a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí san earnáil phríobháideach agus ó ghníomhaireachtaí reachtúla.

#### FÍS GHEATA DHÚN DEALGAN

Tá gá le leathnú breise ar Dhún Dealgan ar mhaithe le geilleagar an réigiúin agus geilleagar an oileáin uile. Tá Dún Dealgan suite i lár chonair Bhaile Átha Cliath–Bhéal Feirste agus san áit is feiliúnaí chun féachaint ó thuaidh chuig an Iúir agus Béal Feirste agus ó dheas go Baile Átha Cliath. Ciallaíonn an bonneagar atá i bhfeidhm go mbeidh dálaí den scoth ag Dún Dealgan, nuair a gheofar na hinfheistíochtaí beartaithe GIF, chun dul chun cinn eacnamúil a dhéanamh. Beidh sé ar ár gcumas forbairt éifeachtach a dhéanamh ar an nGeata de thoradh na maise criticiúla daonra a thiocfaidh dá bharr mar aon lenár bhfogasacht do dhá cheann d'aerfoirt idirnáisiúnta agus do chúig cinn de bhunaíochtaí ag leibhéal ollscoile. Tá tacaíocht á fáil ag an tairiscint ó na príomhpháirtithe leasmhara idir phríobháideach agus phoiblí agus tá tacaíocht láidir aici ó pháirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann chomh maith.

Gné uathúil den tairiscint seo is ea an leibhéal comhairle agus comhaontaithe le páirtithe leasmhara. Tá Dún Dealgan tiomanta don bhfás breise atá riachtanach mar Gheata agus tá sé meáite go ndéanfar an fhorbairt eacnamúil ar bhealach inmharthana. Tógfaidh Dún Dealgan i gcuntas gach gné den inbhuanaitheacht ina fhorbairt, agus tá fócas nuálach aontaithe maidir le fuinneamh inmharthana agus laghdú ar gháis cheaptha teasa. Le cistiú GIF, féachfaidh Dún Dealgan le bheith ina eiseamláir do gach cuid d'Éirinn.

Is í seo an fhís atá againn d'fhorbairt an Gheata: "Chun an baile a leathnú go 60,000 cónaitheoir agus bonneagar agus seirbhísí riachtanacha a sholáthar chun ardchaighdeán saoil a chinntiú don uile dhuine ina mbeidh an cur chuige i leith úsáid fuinnimh níos inmharthana agus chun eiseamláir a sholáthar d'fhorbairt pobal fuinnimh inmharthana ar fud na hÉireann."

Féachann an fhís nuálach a cuireadh ar aghaidh le feabhas a chur ar agus leas a bhaint as suíomh straitéiseach Dhún Dealgan maidir le tuaisceart agus deisceart na hÉireann agus as na hacmhainní atá aige cheana féin. Agus an fhís curtha i ngníomh le tacaíocht ó GIF beidh Geata beoga, ardchaighdeáin agus inmharthana againn, a bheidh mar mhol gníomhaíochta a chruthóidh dea-íomhá de Dhún Dealgan don chuairteoir, don infheisteoir agus chomh tábhachtach céanna, do na daoine a chónaíonn ann. Tá baint agus ceangal idir an fhís agus cuspóir Phlean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin 2003-2009 an leas is fearr is féidir a bhaint as buntáistí straitéiseacha an bhaile.

### PLEANÁIL DON TODHCHAÍ

#### CREAT DEARAIDH UIRBEACH DO CHEANTAR MHULLAIGH CHAIRLINN DHÚN DEALGAN

Thug Colin Buchanan Planning Consultants ullmhú Chreatphlean do cheantar Mhullaigh Chairlinn Dhún Dealgan chun críche i 2007. Tugadh éifeacht dlí don Chreatphlean nuair a ghlac Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae

Lughaí é mar éagsúlú ar Phlean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurláin in Eanáir 2008.

## SOLÁTHAR BONNEAGAIR

### CONAIR EACNAMAÍOCH BHAILE ÁTHA CLIATH–BHÉAL FEIRSTE

Thug tógáil Nascbhóthar an Iúir-Dhún Dealgan roinn Chontae Lughaí de Chonair Bhaile Átha Cliath–Bhéal Feirste chun críche. Críochnaíodh Nascbhóthar A1/N1 an Iúir go Dún Dealgan 5 mhí roimh an sceideal nach mór ag costas de €128m. Laghdóidh an bóthar nua an t-am taistil go mór idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus beidh sé níos sábháilte don úsáideoir.

Nasc 14 cileaméadar idir Baile Mhic Scanláin ag deireadh an M1 lasmuigh de Dhún Dealgan agus timpeallán Chlochóige ar an mbealach isteach go dtí An Iúr atá sa bhóthar seo. Nuair a bheidh 12 cileaméadar de bhóthar ó cheantar Sheepbridge i gContae an Dúin agus Clochóg críochnaithe beidh débhealach iomlán ann idir an dhá phríomhchathair ar oileán na hÉireann.

Ba é an tAire Gnóthaí Eachtracha Dermot Ahern in éineacht le hAire Fheidhmeannacht Stormont, MP Westminster d'Ard Mhacha, agus Leas-Phríomh-Aire Stormont, Martin McGuinness, a rinne an oscailt oifigiúil an 2 Lúnasa 2007.

Baineann tuairim is 20,000 feithicil úsáid as trasnú teorann Ard Mhacha/Lughaí gach lá.

### DEISCEART AGUS OIRTHEAR

Chuaigh oibreacha chun teacht a thabhairt ar láthair straitéiseach an IDA ag Mullaigh Chairlinn go maith chun cinn i 2007 agus beidh an timpeallán nua ar an Nascbhóthar Theas mar aon le roinn den Bhonneagar Iartharach ar fáil go luath i 2008. Chuaigh an obair chun cinn chomh maith ar chumas breise sheirbhís uisce a sholáthar d'úsáideoirí tionsclaíocha amach anseo.

Thángthas ar chomhaontú leis an mórfhorbróir tithíochta ag Baile Hagaird agus tá seachadadh na bpríomhbhóithre agus an bonneagar uisce ar bun i láthair na huaire lena n-áirítear mórstáisiún caidéalúcháin dramhuisce a choimisiúnófar i 2008.

Tá comhfhiontar leis an IDA agus le roinnt forbróirí ag dul ar aghaidh chun soláthar a dhéanamh do dhraenáil píosa mór de thalamh criosaithe i gceantar na gCreagacha Dubha. Tá cuid de Scéim Sholáthar Uisce Réigiúnach Lár Lughaí Dhún Leire i gceist san obair seo.

*Oifigigh ag nochtadh na plaice comórtha ag oscailt Nascbhóthar A1/N1 an Iúir Dhún Dealgan*




### TUAISCEART AGUS IARTHAR

Tá comhairligh ceaptha againn chun roinn de Bhóthar Bonneagair Iartharach Dhún Dealgan a dhearadh idir Bóthar Ard Mhacha agus Bóthar an Iúir atá mar chuid d'iarratas GIF an Gheata chomh maith. Tá cainteanna leanúnacha ar siúl le forbróirí maidir le soláthar an bhóthair seo. Tá creat comhairleach ceaptha anois chun na hoibreacha dearaidh a bhrostú ar ghnéithe eile de bhonneagar na mbóithre agus na seirbhísí uisce le haghaidh Geata Dhún Dealgan.

### – NAISC LEIS AN nGEATA

Tá cainteanna leanúnacha ar siúl leis an gCabhán agus le Muineachán chun roinn Dhún Dealgan/an Chabháin den bhealach thoir-thiar go Sligeach a bhrostú. Seirbheáladh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh do Roinn an Phortaigh Dheirg den bhóthar ó Dhún Dealgan go Carraig Mhachaire Rois agus tá an dearadh mionsonraithe leis an Roinn dá bhfaomhadh. Ach an cistiú ón gciste le haghaidh Bealach Straitéiseach Neamhnáisiúnta a bheith ar fáil tá sé i gceist againn tús a chur leis an bhfoirgníocht le linn 2008.

Tá an obair ag dul ar aghaidh ar dhearadh Chuid 1 d'Uasghrádú an N53 agus tá súil againn dul ar aghaidh go dtí ceannach na talún agus ceapadh conraitheora faoi dheireadh 2008 ach an cistiú a bheith ar fáil.

### UASGHRÁDÚ CHABHÁN AN CHNOIC

I gcomhar leis an IDA tá cumas Gléasra Cóireála Uisce Chabhán an Chnoic á mhéadú chun gur féidir tailte tionsclaíocha Mhullaigh Chairlinn a sheirbhísiú. Déanfar athchóiriú mór ag an am céanna leis an obair sin. Meastar go dtosóidh conarthaí do na hoibreacha thuas i lár 2008

### STAIDÉAR STRAITÉISEACH UISCE DHÚN DEALGAN

Tá staidéar straitéiseach uisce á dhéanamh ar son Dhún Dealgan a scrúdóidh éilimh, soláthairtí agus roghanna dáileacháin go ceann tríocha bliain. Críochnófar an tuarascáil deiridh sa dara ceathrú de 2008.

# *Droichead Átha mar Phríomhionad Forbartha*

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT EACNAMÚIL DHROICHEAD ÁTHA

Seoladh Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Eacnamúil Dhroichead Átha 2004-2007 i Samhain 2004 agus aithníonn sé sraith beart a dearadh chun cur le cáilíocht bheatha agus fhorbairt eacnamúil Dhroichead Átha.

Bunaíodh Grúpa Forbartha Eacnamúil Dhroichead Átha i Márta 2004 chun an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt

*Radharc ar Dhroichead Átha ó Chnoc an Mhuilinn*



Eacnamúil a ullmhú agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an bplean. Is é an Bainisteoir Contae atá i gceannas ar an ngrúpa agus tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Contae Lú, Comhairle Baile Dhroichead Átha, IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Cumann Tráchtála Dhroichead Átha, Cumann Trádála Dhroichead Átha, Bord Fiontair Chontae Lú, FÁS agus Comhairle Ceardchumann Droichead Átha.

I dtréimhse an phlean, tugadh raon leathan beart chun críche agus tá roinnt beart eile idir lámha fós. Tugadh na tionscadail seo a leanas chun críche i 2007:

1. Na bóithre isteach sa bhaile a fheabhsú.
2. Lár an bhaile a oiriúnú do choisithe amháin.
3. Gléasra Cóireála Dramhuisce a Uasghrádú.
4. Gailearaí Highlanes a fhorbairt.
5. Féile ealaíon bhliantúil a bhunú.
6. Linn snámha agus áiseanna coimhdeacha fóillíochta a sholáthar.
7. Ionad fóntas pobail a fhorbairt.

Tá an Grúpa Forbartha Eacnamúla ag athbhreithniú an phlean agus seolfar plean nua Forbartha Eacnamúla i 2008.

## SOLÁTHAR BONNEAGAIR I nDROICHEAD ÁTHA

### GLÉASRA CÓIREÁLA DRAMHUISCE DHROICHEAD ÁTHA

Críochnaíodh an leathnú ar Ghléasra Chóireáil Dramhuisce Dhroichead Átha, a sheachadfaidh acmhainn ionann le 101,000 de dhaonra, le linn 2007 agus táimid ag féachaint ar Chéim 3 i láthair na huaire a mhéadóidh acmhainn go 125,000de dhaonra i gcaitheamh 2008. Tá roghanna do mhéaduithe níos mó ná sin á scrúdú chomh maith.

### SCÉIM FHEABHSÚCHÁIN LÍONRA SÉARACH DHROICHEAD ÁTHA (CÉIM 1) – MEASÚNÚ LÍONRA

Tá an scéim ceaptha le tosú i 2008 agus i gceist leis beidh suirbhé cuimsitheach ar an líonra atá anois ann chun deiseanna a aithint chun deireadh a chur le hinsíothlú uisce dromchla, rud a laghdóidh an tionchar ar cháilíocht an uisce sa Bhóinn, a laghdóidh an costas cóireála agus a scaoilfidh le hacmhainn chun forbairt a éascú.

### SOLÁTHAR UISCE DHROICHEAD ÁTHA

Tá Contae na Mí ag treorú an tionscadail seo. Ní mheastar go soláthróidh an tionscadal seo aon soláthar uisce suntasach breise go dtí 2009 ar a thúisce trí fhorbairt foinsí scramhuisce, agus tá uasghrádú ar ghléasra cóireáil uisce Staleen beartaithe le haghaidh 2012. Tá i gceist ag an gcomhairle oibreacha athchóirithe a dhéanamh chomh maith ag Staleen i 2008 roimh an phríomhchonradh chun córais rialaithe, áiseanna cóireála agus caidéalúcháin a nuachóiriú.

### TIONSCADAIL BHONNEAGAIR

Mar chomhlánú ar an raon cuspóirí i bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Eacnamúil Dhroichead Átha, tá na tionscadail bhonneagair seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Baile Dhroichead Átha:

1. Uasghrádú ar Bhóthar Dhún Uabhair ón R132 go hacomhal IDA agus acomhal Lána an Bhuidéil san áireamh. Uasghrádú na soilse tráchta, an tsoilsithe poiblí agus draenáil an uisce stoirme.
2. Oibreacha speisialta bóthair a dhéanamh ag láithreacha éagsúla, lena n-áirítear:
   a. Lána na Croise-balla teorann agus cosáin nua.
   b. Lána Mhuileann-an línéadaigh dromchla agus marcálacha nua móide comharthaí.
3. Áis thrasnaithe do choisithe ag Na Cnoca Glasa agus Sráid Bolton mar chuid de Chairt Sábháilteachta Bóthair na hEorpa.
4. Trasrianta nua le comharthaí do choisithe curtha ar fáil ag Bóthar Bhaile Átha Cliath (Theas).
5. Scéimeanna feabhsúcháin ar chostas íseal ag Sráid an Aonaigh/Sráid an Diúca agus ag Sráid na Siopaí/Cé Thuaidh (feabhsuithe i soilsiú poiblí agus cosán oiriúnaithe le haghaidh rochtain ó chathaoir rotha).
6. Deisithe déanta ar an mbóthar agus ar an gcosán agus cosáin oiriúnaithe curtha ar fáil le haghaidh rochtain ó chathaoireacha rotha ag láithreacha éagsúla ar fud an bhaile.
7. Céim 1 de uasghrádú an tsoilsithe poiblí ar mhórbhealaí artaireacha ar fud an bhaile curtha ar fáil agus cothabháilte ar fud an bhaile.
8. Scéim Fheabhsúcháin na Sráide Thiar, tús curtha le hoibreacha ar na céimeanna a bhí fanta agus iad críochnaithe ag deireadh 2007 – liosta mionoibrithe i 2008.
9. Uasghrádú na gcomharthaí bóthair ag Sráid Mhuire/acomhal R132.
10. Carrchlós Íoc & Taispeáin oscailte i gClós Uí Raghallaigh amach ó Shráid an Aonaigh.
11. Céimeanna ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath go Bóthar an Réisc – an ceantar uasghrádaithe.
12. Glanadh agus cothabháil clasán déanta ar fud an bhaile.
13. Clár substaintiúil marcálacha bóthair curtha i gcrích ag láithreacha éagsúla.
14. Leanúint de Thionscadal Caomhnaithe Uisce i nDroichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae Lughaí.
15. Leanúint de shuiteáil na mboscaí teorann méadar uisce/méadar uisce do chustaiméirí neamhtheaghlaigh ar

*Scéim Fheabhsúcháin Chomhshaoil na Sráide Thiar*



aon dul le beartas an Rialtais.
16. Tabhairt chun críche tógáil Leathnú ar Ghléasra Chóireáil Dramhuisce Dhroichead Átha chun cumas a mhéadú go 101,000de dhaonra.
17. Ceapadh comhairleach do Chéim 1 de Scéim Mheasúnachta um Fheabhsú ar Líonra Séarachais Dhroichead Átha.
18. Feabhsúcháin ar Ghléasraí Cóireáil Uisce Staleen agus Halla an Róis agus ar Stáisiún Caidéalúcháin Roughgrange, ar nós suiteáil saoráidí nua cóireáil sloda ag Ionad Cóireáil Uisce Staleen, soláthar meán nua scagtha ag Ionad Cóireála Uisce Halla an Róis agus pumpa nua ag Stáisiún Caidéalúcháin Roughgrange.
19. Oscailt oifigiúil Reilig an Bhaile Nua ar Bhóthar an Bhaile Nua.
20. Críochnú Chosán Abhainn na Rampar – Slí Chath na Bóinne.
21. Bainc Bheir Leat suiteáilte ag Garrán Bál.
22. Scéim Fheabhsúcháin Chomhshaoil na Sráide Thiar.

## PLEANÁIL DON TODHCHAÍ

### MÁISTIRPHLEAN DO PHURLÁIN THUAIDH DHROICHEAD ÁTHA

Glacadh Plean Limistéir Áitiúil do Phurláin Dhroichead Átha ag an gComhairle Contae in Iúil 2004, chun soláthar a dhéanamh do raon úsáidí forbartha i bPurláin Thuaidh Dhroichead Átha, a mbeidh daonra de 20,000 iontu laistigh de 20 bliain. Clúdaíonn an máistirphlean don cheantar na tailte criosaithe cónaithe laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil agus glacadh é mar éagsúlú ar an bPlean Limistéir Áitiúil ag an gComhairle Contae ag a chruinniú den 15 Bealtaine 2006.

Chuaigh Grúpa Forbartha Dhroichead Átha Thuaidh, comhdhéanta d'fhorbróirí agus d'úinéirí talún, i gcomhairle go forleathan leis an Údarás Pleanála ag an gcéim réamhphleanála i gcaitheamh 2007 agus tá siad i láthair na huaire ag cur iarratas pleanála isteach le haghaidh forbairt an cheantair.

### PLEAN CHEANTAR NA nDUGAÍ

Ghlac Comhairle Baile Dhroichead Átha chomh maith le Plean Limistéar na nDuganna i bhFeabhra 2007 agus rinneadh cuid de Phlean Forbartha Chomhairle Baile Dhroichead Átha 2005-2011 de. Soláthraíonn Plean Limistéar na nDuganna straitéis chun forbairt cheantar na nDuganna a threorú amach anseo agus déanann sé soláthar le haghaidh meascán d'fhorbairtí tráchtála, cónaitheacha, sóisialta agus cultúrtha.

### STRAITÉIS PHLEANÁLA DO MHÓRCHEANTAR DHROICHEAD ÁTHA

Ghlac Údaráis Áitiúla Lughaí leis an staidéar seo, ar comhfhiontar é idir Comhairle Contae Lughaí, Comhairle Baile Dhroichead Átha agus Comhairle Contae na Mí, sa chéad leath de 2007. Soláthraíonn sé creat straitéiseach d'fhorbairt Dhroichead Átha sa tréimhse 2004 go 2024 agus déanfaidh sé soláthar le haghaidh daonra de thuairim is 65,000 laistigh de Dhroichead Átha agus a phurláin thuaidh agus theas.

## SCÉIMEANNA ATHNUACHANA UIRBEACHA AGUS BAILTE

Tháinig an scéim reatha, faoinar réitíodh Pleananna Limistéir comhtháite do Dhún Dealgan agus do Dhroichead Átha, i bhfeidhm i 1999. Bhí sé ceaptha i dtús báire le rith chomh fada le deireadh 2002 ach cuireadh síneadh leis (le hincháilitheacht do lánfhaoiseamh cánach) go dtí Iúil 2006, i gcás na dtionscadal sin a raibh 15% de chostas iomlán an tionscadail caite faoi Mheitheamh 2003.

Cuireadh síneadh chomh maith leis an scéim Athnuachana Baile, faoinar réitíodh pleananna do Bhaile Átha Fhirdhia, Dún Laoire, Cairlinn, agus Caisleán an Ghearlánaigh (le hincháilitheacht do lánfhaoiseamh cánach) go dtí Iúil 2006 ar choinníoll go raibh iarratais phleanála iomlána faighte faoi dheireadh 2004. Bhí feidhm ag an síneadh seo maidir le forbairtí díolmhaithe a raibh íoschaiteachas de 5% de chostais tionscadail tabhaithe acu (agus conarthaí sínithe) faoi dheireadh 2004.

Ceadaítear faoin mBille Airgeadais (2006) reatha síntí eile a chur leis na scéimeanna seo, ar choinníoll go mbeidh íoschaiteachas, socraithe ag 15% de chostas an tionscadail, gan costas cheannach na talún san áireamh, déanta ar an tionscadal faoi dheireadh 2006 agus é deimhnithe ag an údarás áitiúil, le scála aistritheach de fhaoiseamh cánach suas go Iúil 2008 mar seo a leanas:

- Beidh lánfhaoiseamh ar fáil go deireadh mhí na Nollag 2006.
- Beidh 75% den ghnáthfhaoiseamh i bhfeidhm ó Eanáir go deireadh mhí na Nollag 2007.
- Beidh 50% den ghnáthfhaoiseamh i bhfeidhm sa tréimhse Eanáir go deireadh Iúil 2008.

*Lógó nua Dhún Dealgan arna sheoladh ag an Aire Dermot Ahern*




## Forbairt Eacnamúil

### GRÚPA DHÚN DEALGAN UM FHORBAIRT EACNAMÚIL

Tá Dún Dealgan ar cheann de na bailte is gasta fáis in Éirinn agus má tá ardphóitéinseal réigiún Dhún Dealgan le réadú go hiomlán, tá gá le hardleibhéal tiomantais agus cur chuige ilghníomhaireachta ag obair leis an earnáil phríobháideach, na húdaráis reachtúla agus eagraíochtaí deonacha.

Bunaíodh Grúpa Forbartha Eacnamúla Dhún Dealgan, tionscadal comhpháirtíochta trí bliana a bhfuilimid ar fad mórtasach as, i Márta 2005 faoi cheannas Peter Malone.

Tascfhórsa de chuid na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha is ea é seo a léiríonn comhar rathúil idir na gníomhaireachtaí fiontair agus forbartha sóisialta agus na gnóthais ar fad atá bunaithe i nDún Dealgan.

Tá na príomhghnéithe ar fad a theastaíonn le haghaidh rath eacnamúil ag Dún Dealgan. Tá an DEDG suite go maith chun Dún Dealgan a athlonnú mar an phríomhláthair le hinfheistiú, obair, staidéar nó cónaí a dhéanamh ann nó teacht ar cuairt chuige.

Tá Údaráis Áitiúla Lughaí i gcomhar leis an DEDG tiomanta do dhul i mbun oibre le forbróirí, infheisteoirí agus gnóthais chun a chinntiú go mbeidh na gnéithe riachtanacha ar fad ann chun infheistíocht i nDún Dealgan a spreagadh.

Ar na príomhbhuaicphointí tá:

- Seoladh lógó agus branda nua le haghaidh Dún Dealgan.
- DVD 'Life and Leisure' a chruthú de Dhún Dealgan chun an baile a chur chun cinn mar áit chónaithe, áit oibre agus áit chuartaíochta.
- Clár rochtana in DKIT le haghaidh mac léinn ó cheantair faoi mhíbhuntáiste.
- Clár críochnaithe scoile i bhfeidhm i bhformhór scoileanna dara leibhéil.
- Clár fiontraíochta comhordaithe ar a dtugtar an Ciste Teicneolaíochta Glaise ceaptha le haghaidh Dún Dealgan.
- Tús curtha le pleanáil le haghaidh athfhorbairt mhór ar lár an bhaile.
- Seoladh DVD tionscnaimh i Samhain 2007 chun infheistíocht a mhealladh isteach i nDún Dealgan.
- Clár Ambasadóirí Gnó curtha chun cinn le haghaidh Dún Dealgan.
- Buadh an Bonn Airgid i gComórtas na mBailte Slachtmhara.

*Féile Siúil an Táin, Márta 2007*



## LOUTH HOSPITALITY & TURASÓIREACHT

D'fhás Louth Hospitality, an cuideachta margaíochta turasóireachta, as tionscnamh de chuid an Bhoird Forbartha Contae agus an aidhm sonrach aige toradh eacnamúil na turasóireachta sa chontae a uasmhéadú.

I ngeall ar fheabhas a shuímh, an líne chósta álainn, tránna brataigh ghoirm agus an lear mór finscéalta oidhreachta agus miotaseolaíochta, tá an cumas ag Lughaí a bheith mar phríomhcheann scríbe turasóireachta.

Ar bhuaicphointí turasóireachta 2007 bhí Féile Siúil an Táin, cabhair dheontais €400m ó Fháilte Ireland le haghaidh Siúlóid Rampairt Chath na Bóinne agus tabhairt chun críche an chláir turasóireachta Interreg don Teorainn Thoir a sheachaid breis is €600,000 chun cabhrú le forbairt tháirge na turasóireachta i mórchuid de bhailte agus agus de shráidbhailte beaga Lughaí, ag cainéalú infheistíocht isteach i bhféiltí, tarraingtí do chuairteoirí agus seirbhísí.

Ar na gníomhaíochtaí margaíochta bhí: Soláthar DVD tionscnaimh Dhún Dealgan, soláthar agus scaipeadh Treoir Chontae de 'Louth – Land of Legends', tionscnamh Louth Value Golf Pass agus a chur chun cinn sa RA, uasghrádú ar www.louthholidays.com, freastal ar thrádseónna náisiúnta agus ar thrádseónna thar lear, fógraíocht i bhfoilseacháin de chuid Fáilte Ireland agus treoracha gníomhaíochta. Chistigh Tasfhórsa Shíocháin II Chomhairle Chontae Lughaí chomh maith le cistí ballraíochta tráchtála na gníomhaíochtaí margaíochta.

## COIMISIÚN SCANNÁN LUGHAÍ, AN IÚIR & MHOIRNE

Tionscadal trasteorann is ea Coimisiún Scannán Lughaí, an Iúir & Mhoirne a dearadh chun forbairt eacnamaíocht a spreagadh sa réigiún trí léirithe a mhealladh agus naisc a chruthú idir léirithe agus fiontair bheaga agus leathmhóra sa cheantar, soláthraithe fáilteachais agus criú.

Le linn 2007:

- Rinne Paisean Faisean cláir ar feadh dhá lá i nDún Dealgan mí Feabhra agus d'úsáid na siopaí agus bialanna áitiúla agus an Park Inn Hotel. Tugadh creidiúint don bhaile sa chlár.
- Rinneadh scannánaíocht le haghaidh 'I'm An Adult Get Me Out Of Here' de chuid RTÉ lá amháin i nDún Dealgan i mí an Mhárta.

*Clós an Iarnróid – Ba i nDún Dealgan a rinne 'Frankie', an gearrscannán seo a bhain mórchuid dámhachtainí*



- Rinne an BBC scannán i gCeann Chlochair mí an Mhárta le haghaidh sraith nua fíorasach ar a dtugtar 'Blueprints'.
- Rinne Granada/ITV scannán le haghaidh cuid de 'Britain's Favourite View' i gCeantar Mhoirne.
- Rinne Compántas Amharclainne agus Pictiúir Calipo scannán gearr dar teideal 'Frankie' a scríobh Darren Thornton ar feadh seachtaine i nDiméin Cox, Dún Dealgan ag deireadh an Mhárta. Bhuaigh an scannán Grada UIP Prix ó shin don Scannán Gearr is Fearr ag Féile Scannán Bheirlín na bliana seo. Bhuaigh sé chomh maith gradam an Best First Irish Short ag Fleadh Scannán na Gaillimhe agus an Best Irish Short Film ag Féile Scannán Corona Chorcaí anuraidh.
- Ritheadh an Féile Scannán Cinergy DIY ag Amharclann an Táin an 15, 16 agus 17 Feabhra. D'urraigh John Moore comórtas do scannáin ghearra, agus bhronn duais de €1,000 agus trófaí a rinneadh de láimh sa cheantar. As breis is 30 iontráil, ba é Gareth Chambers (ó Mheigh, Co. Ard Mhacha) rogha an phainéil d'aonghuth.
- D'fhreastail Máirtín de Barra, Stiúrthóir an Choimisiúin Scannáin, ar an gceardlann/cúrsa cáiliúil EAVE do léiritheoirí i Lucsamburg in éineacht le 54 léiritheoir eile ó áiteanna eile san Eoraip. D'éirigh leis modúl den chúrsa seo a thabhairt go Droichead Átha in Iúil 2008.
- D'aimsigh an Coimisiún Scannán roinnt scannán Gaeilge don Mhúsaem Contae le taispeáint mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.
- Thairg an New Media Factory, comhfhiontar idir Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Ollscoil Uladh agus an Coimisiún Scannán Lughaí, an Iúir & Mhoirne oiliúint shaor in aisce sna meáin do bhreis is 150 cónaitheoir ó Réigiún na Teorann Thoir chun bonn scileanna an chriú áitiúil agus scileanna gnó compántas sa réigiún a mhéadú.

***Gach bonneagar sa chontae a fheabhsú agus Ranna Rialtais a éascú agus cuidiú leochun míreanna eile den Phlean Náisiúnta Forbartha a fhorbairt***

## FEABHAS AR BHONNEAGAR NA mBÓITHRE

### SEACHBHÓTHAR BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Fuarthas faomhadh ón Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) chun fógra gnóthaíochta a sheirbheáil maidir le roinn N52 de Sheachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia. Táimid ag na céimeanna luatha den idirbheartaíocht le húinéirí talún maidir le ceannach. Meastar go leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2008. Braithfidh an dul chun cinn ar an scéim seo go huile is go hiomlán ar chistiú a bheith curtha ar fáil ag an NRA.

### R177 CILL AN CHURRAIGH

Tá na hoibreacha ar an scéim seo ag dul ar aghaidh go maith agus meastar go mbeidh sé nach mór críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

*R177 Cill an Churraigh: Roimh*



*R177 Cill an Churraigh: Tar Éis*




### FEABHSÚCHÁIN AR AN IONAD FORBARTHA – BÓTHAR NA gCREAGACHA DUBHA-BÓTHAR NA gCREAGACHA

Seirbheáladh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh maidir le Céim 1 den scéim. Ach na nósanna imeachta reachtúla a bheith críochnaithe agus an t-ordú deimnithe ag an mBord Pleanála measaimid go mbeimid in ann tairiscintí a lorg agus conradh a bhronnadh go luath i 2008.

### – TULAIGH ÁLAINN

I ndiaidh próiseas Chuid 8 a thabhairt chun críche go rathúil tá i gceist againn conradh le haghaidh na n-oibreacha a fhógairt faoi dheireadh bliana agus tá súil conraitheoir a cheapadh go luath i 2008.

### – BÓTHAR AN STÁISIÚIN BAILE AN GHEARLÁNAIGH (ROINN AN TSRÁIDBHAILE)

Tá dul chun cinn déanta maidir le ceannach na dtailte faoi chomhaontú agus tá súil againn é a thabhairt chun críche faoi dheireadh bliana. Is iad na pleananna le haghaidh 2008 an conradh a fhógairt do roinn an tsráidbhaile d'fhonn na hoibreacha a thosú agus a chríochnú faoi dheireadh 2008.

## PORT OIRIALLA, CEANN CHLOCHAIR: UASGHRÁDÚ AGUS LEATHNÚ AN CHUAIN

D'oscail an piar nua ag Port Oirialla, Ceann Chlochair an 18 Bealtaine, 2007. Tá an flít iascaireachta áitiúil tar éis filleadh ar an gcuan agus tá níos mó gníomhaíochta iascaireachta ann ó athosclaíodh é. Bhí cainteanna againn le roinnt gníomhaireachtaí stáit a bhfuil téarmaí tagartha mara/iascaigh acu agus a bhfuil spéis léirithe acu i mbonn oibriúcháin a bhunú ag Port Oirialla. Déanfaimid dul chun cinn ar an bhforbairt fhéideartha seo i 2008.

## LEATHANBHANDA

Tugadh an obair chun críche ar shuiteáil Líonra Ceantair Chathrach i mBaile Átha Fhirdhia. Tá an tseirbhís á margadú i nDún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia an t-am ar fad.

## CLÁR ATHNUACHANA UIRBEACH AGUS SRÁIDBHAILTE 2006

Tá an Clár Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhailte tugtha chun críche anois ach bhí roinnt cistiú fanta le haghaidh 2007. Díríodh an cistiú ar dhá thionscadal i nDún Dealgan – an cosán agus an cosán rothair Cois Abhann agus an Gairdín Céadfach ag Páirc Naomh Lionaird. Soláthraíodh cistiú le haghaidh cáblaí thuas a chur faoi thalamh agus dhá cheann de cholúin nua soilsithe a chur suas ar an bPríomhshráid, Na Creagacha Dubha i 2007.

## SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA

Ar an 16 ú Feabhra 2008 ghlac an Chomhairle scéim ranníocaíochta faoi fhoráil Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus tá sé i bhfeidhm ó shin. Leagann an scéim seo amach go soiléir d'fhorbróirí an leibhéal ranníocaíochta a theastaíonn le haghaidh gach cineál forbartha, chomh maith leis an mbonn chun ranníocaíocht a thobhach. Soláthróidh ranníocaíochtaí ón scéim an cistiú le haghaidh bonneagar riachtanach chun forbairt agus fás sa chontae a inbhuanú.

Féadfar ranníocaíocht speisialta a thobhach chomh maith maidir le forbairt ar leith i gcás nár chlúdaigh an scéim ghinearálta costais eisceachtúla sonracha a bhain le bonneagar poiblí agus saoráidí a thairbhíonn an fhorbairt bheartaithe.

B'ionann agus €4,657,350 i 2007 na fáltais ón scéim reatha. Lena chois sin, bhí €4,659,090 amuigh faoin scéim seo agus an scéim roimhe le haghaidh forbairtí a tógadh nó a bhí á dtógáil faoin 31ú Nollaig, 2007.

# SPRIOC3

## *Chun caighdeán bheatha na n-áitritheoirí a fheabhsú, anois agus do na glúinte amach anseo*

*Forbairt cónaithe ardchaighdeáin ilchineálach agus inbhuanaithe, atá á stiúradh de réir plean, a chur chun cinn*

*Oscailt oifigiúil na scéime nua tithíochta ag Na Creagacha Dubha: Gort na Glaise*



### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM THITHÍOCHT SHÓISIALTA AGUS INACMHAINNE 2004-2008

Bhí an Plean Gníomhaíochta do Thithíochta Shóisialta agus Inacmhainne 2004-2008 mar ardán againn go fóill óna raibh ár bpríomhchláir agus ár bpríomh-aschur tithíochta á stiúradh i rith 2007. Rinneadh athbhreithniú sa bhreis ar an bPlean Gníomhaíochta le linn na bliana agus rinneadh athrú air mar ba ghá, i gcomhair leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus aird á tabhairt ar riachtanais agus acmhainní athraitheacha.

### SOLÁTHAR TITHE, COTHÚ NA bPOBAL

I bhFeabhra 2007, sheol an rialtas doiciméad polasaí mór nua – Soláthar Tithe, Cothú na bPobal. Rinne an polasaí seo aird a athdhíriú agus a athfhócasú ar sheachadadh tithíochta inbhuanaithe dár saoránaigh go léir atá de chaighdeán níos airde, nuair atá fás daonra agus foirmiú teaghlach as cuimse ar siúl. Luaigh sé arís gurb é an cuspóir ríthábhachtach atá ag an bpolasaí tithíochta iomlán ná 'le cur ar chumas gach teaghlaigh áit chónaithe inacmhainne a fháil atá de chaighdeán maith, a oireann dá riachtanais i ndea-thimpeallacht agus le tionacht dá rogha féin, chomh fada agus is féidir.'

Úsáidfear an polasaí seo chun ár ngníomhaíocht tithíochta go léir a threorú agus le tionchar a imirt uirthi sna blianta amach romhainn, de réir mar a bhímid ag iarraidh freastal ar riachtanais ár saoránach go léir, go háirithe i gcás na ndaoine leochaileacha sa phobal.

### MEASÚNÚ AR RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

Bíonn sé mar thoradh ar an monatóireacht agus an nuashonrú a dhéantar ar ár liostaí feithimh do thithíocht shóisialta agus inacmhainne araon, gur féidir linn ár gcláir tógála nua a phleanáil i gceart agus ár scéimeanna nua a chur in oiriúint chun iad a chomhoiriúnú leis na catagóirí éagsúla agus le méid na dteaghlach ar ár liostaí feithimh.

Ag deireadh 2007, bhí iomlán 3,311 teaghlach againn ar ár liostaí feithimh sóisialta agus bhí líon na n-iarratasóirí ar ár liosta feithimh inacmhainne tar éis méadú go 526. Bhí ullmhúcháin ar bun chun an measúnú reachtúil trí bliana a dhéanamh ar riachtanais na tithíochta sóisialta, chun an t-éileamh iomlán a bheidh ann ar 31 ú Márta 2008 a dheimhniú agus bheimis ag súil le laghdú suntasach a fheiceáil ag teacht ar an bhfigiúr thuasluaite.

### CLÁR TÓGÁLA AGUS ÉADÁLA NA TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Críochnaíodh scéimeanna nua le linn na bliana ag Mayfield (6), Na Creagacha Dubha (25), Tearmann Feichín (30), Ceann Chlochair (27), agus Lios Dubh, Dún Dealgan (68) agus cuireadh tús le scéimeanna nua ag Cairlinn (2), Collann (19) agus Glenwood (12).

Rinneadh dul chun cinn in obair phleanála agus dheartha ar scéimeanna breise ag Geata an Cheapógaigh, Baile Átha Fhirdhia (23), Na Creagacha Dubha (1) agus Dún Léire i gceantar an chontae, agus i gceantar Chomhairle Baile Dhroichead Átha ag Meille, An Mhónaidh Mhór agus Páirc Labhráis agus i gceantar Chomhairle Baile Dhún Dealgan ag Mount Avenue agus Sráid na Beairice i nDún Dealgan.

Bítear ag cur lenár gcláir tógála leanúnacha le ceannach na dtithe aonair sna heastáit atá ann cheana agus bíonn sé seo

mar rogha úsáideach le cabhrú linn spriocanna ár bplean gníomhaíochta a bhaint amach agus le cur go suntasach lenár bpolasaí de chuimsiú sóisialta. Sa bhliain 2007, cheannaíomar iomlán 70 áit chónaithe faoin gceannteideal seo.

## TITHÍOCHT INACMHAINNE, CUID V AGUS AN STRAITÉIS TITHÍOCHTA

Aithnítear ról leanúnach na n-údarás áitiúil i soláthar na tithíochta inacmhainne in Soláthar Tithe, Cothú na bPobal. Le blianta beaga anuas, tá na húdaráis áitiúla páirteach i dtógáil dhíreach na n-aonad tithíochta inacmhainne ar a dtalamh féin. Is gnách go ndéantar é seo i gcomhair le tógáil na tithíochta sóisialta comhtháite ar an suíomh céanna, faoin rud ar a dtugtar Scéim 1999.

Is é an modh eile atá ar fáil chun soláthar tithe inacmhainne a bhaint amach ná trí chur i bhfeidhm Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha, trínar gá d'fhorbróirí tithíochta príobháidí 20% de gach forbairt nua a chur ar leataobh do mheascán de thithíocht shóisialta agus inacmhainne. Le linn na bliana, seachadadh 41 aonad tithíochta inacmhainne faoi scéim 1999, sna Creagacha Dubha (6), Ceann Chlochair (15) agus Lios Dubh, Dún Dealgan (20).

### STRAITÉIS TITHÍOCHTA

Bhí gá le hathbhreithniú a dhéanamh i 2007 ar an Straitéis Tithíochta atá mar bhunús le soláthar na tithíochta sóisialta agus inacmhainne faoi Chuid V agus ghlac na húdaráis áitiúla le straitéis athbhreithnithe i dtreo dheireadh na bliana. Ní raibh an t-aschur faoi Chuid V chomh mór is a bhíothas ag súil leis le blianta beaga anuas, mar gheall ar réimse fachtóirí agus beidh tionchar sa bhreis air ag an moilliú ginearálta atá tagtha ar mhargadh iomlán na tithíochta le linn 2007. Ina ainneoin sin, soláthraíodh iomlán 26 aonad de thithíocht inacmhainne ag roinnt áiteanna ar fud an chontae agus táthar ag súil leis go méadóidh an t-aschur faoin gceannteideal seo go suntasach sna blianta amach romhainn. Ar bhealach níos lú, tá roinnt suíomh de thithíocht inacmhainne phríobháideach curtha san áireamh againn i roinnt dár bhforbairtí nua, le 6 shuíomh dá leithéid curtha ar fáil ag Ceann Chlochair agus suímh eile atá á bhforbairt ag Cairlinn (5), Collann (4) agus trí cinn eile atá ar tí tosú i mBaile Átha Fhirdhia.

## TITHÍOCHT DHEONACH

Amhail tithíocht inacmhainne, aithnítear ról borrach in Soláthar Tithíochta, Cothabháil Pobal, do chumainn cheadaithe tithíochta dheonacha, chun iarrachtaí na n-údarás áitiúil le tithíocht sa bhreis a chur ar fáil a chur i gcrích, go háirithe tithíocht shóisialta. Anuas ar na cumainn tithíochta dheonacha go léir atá ag feidhmiú inár gceantar cheana féin, tá go neart cumann deonach nua againn atá ag iarraidh a bheith páirteach, lena n-áirítear roinnt grúpaí áitiúla pobalbhunaithe sna bailte beaga agus sna sráidbhailte agus tabharfaimid gach spreagadh dá leithéid de thionscnaimh.

Críochnaíodh scéimeanna deonacha i nDún Dealgan le linn 2007, ag Lios Dubh (10) agus Saltown (16) agus tosaíodh scéimeanna breise ag Collann (19) agus Tulaigh Álainn (11). Tá scéimeanna eile ar tí tosú, amhail Baile Átha Fhirdhia (39), chomh maith le suíomh a ceannaíodh ag Kilkerley d'fhonn scéim dheonach áitiúil a bheadh pobalbhunaithe, a chur chun cinn.

## TITHÍOCHT RIACHTANAS SPEISIALTA

Tá Comhairle Contae Lú lán-tiomanta freastal ar riachtanais tithíochta na ndaoine a bhfuil míchumas orthu a d'fhéadfadh gá a bheith acu le lóistín oiriúnaithe, ina mbaile reatha nó i lóistín nua-thógtha. Is féidir linn cabhrú leis na daoine sin ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- Aonaid tithíochta a dhearadh agus a thógáil atá oiriúnaithe go speisialta inár n-eastáit nua.
- Mionathruithe/oiriúnaithe a chur ar fáil inár stoc reatha de thithe ar cíos.
- Obair a dhéanamh le cumainn dheonacha tithíochta, chun tithíocht atá sain-oiriúnaithe do sheandaoine agus do dhaoine le míchumas.
- Cúnamh deontais a chur ar fáil d'úinéirí tí le go mbeidh siad in ann á n-áit chónaithe a chur in oiriúint.

Sa bhliain 2007, tugadh isteach Scéim nua faoi réir tástáil acmhainne, do Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta agus Deontais Áiseanna Soghluaisteachta do Dhaoine le Míchumas, in éineacht le scéim deontas do Chúnamh Tithíochta le hAghaidh Seandaoine.

Chuaigh an chéad scéim thuasluaite in áit na Scéime Deontas Reatha do Lucht Míchumais agus cruthaíodh an dara scéim chun Scéim Deontas na nDeisiúchán Riachtanach a bhí ann roimhe sin, a chomhshnaidhmeadh leis an Scéim um Chúnamh Speisialta do Sheanóirí, atá á feidhmiú ag FSS.

Lean an ghníomhaíocht faoin na seanscéimeanna ar aghaidh ag leibhéal ard le linn 2007, le 186 Deontas do Lucht Míchumais arna n-íoc ar luach €2.2 milliún, chomh maith le 69 Deontas Deisiúchán Riachtanach ar luach €364,144. Ag deireadh na bliana, bhí 110 iarratas a bhí ag fanacht ar chríochnú na hoibre agus ar íocaíocht, 98 iarratas a raibh cead sealadach faighte acu agus 128 iarratas eile ag céimeanna próiseála éagsúla.

## COTHABHÁIL & FEABHSÚ STOC NA TITHÍOCHTA

Bíonn gá le hinfheistíocht chuimsitheach acmhainní chun ár stoc tithíochta de 3,000 áit chónaithe ar cíos a chothabháil agus a dheisiú. Is éard a bhíonn i gceist ná gnáthchothabháil rialta mar fhreagra ar iarratais na dtionóntaí in éineacht le hoibreacha cothabhála agus feabhsaithe pleanáilte, lena n-áirítear suiteáil teasa lárnaigh in áiteanna cónaithe a raibh sé in easnamh orthu. Suiteáladh teas lárnach in iomlán 175 dár n-áiteanna cónaithe ar cíos le linn 2007, agus beidh sé mar thoradh ar an gclár seo a chríochnófar le linn 2008, go mbeidh teas lárnach ar fáil inár stoc go léir atá ar cíos.

In éineacht lenár gcláir teasa lárnaigh, d'úsáideamar an deis seo chun obair athchóirithe mhór a dhéanamh i gcuid mhaith de na háiteanna cónaithe seo, lenar áiríodh doirse, fuinneoga, tairr, éadain, suiteáil teasa agus obair leictreach.

Lean an obair ar aghaidh ar phleananna le haghaidh cláir athghiniúna mhóra ag Muirtheimhne Mór agus ag Diméin Cox i nDún Dealgan, ach níor léiríodh aon tiomantas láidir rialtais faoi mhaoiniú, faoi dheireadh na bliana.

## RANNPHÁIRTÍOCHT TIONÓNTAÍ AGUS IOMPAR FRITH-SHÓISIALTA

Dhá chuspóir mhóra atá ann ná páirtíocht tionóntaí níos mó i mbainistíocht ár n-eastát agus deireadh a chur le hiompar frith-shóisialta, le caighdeán maith beatha a chinntiú dár n-áitritheoirí.

Treisíodh ár gcláir páirtíocht tionóntaí le hearcú oifigeach teagmhála tionóntaí breise agus bíonn oiliúint réamh-thionóntachta mar ghnáth-thréith dár leithdháiltí tithíochta nua anois. Rinne ár nOifigeach Iompair Fhrith-Shóisialta déileáil le 362 gearán le linn na bliana, lenar áiríodh aighnis idir comharsana, torann agus cóisirí, bagairtí agus imeaglú chomh maith le fadhbanna óige.

Sa chuid is mó de na cásanna seo, réitíodh an fhadhb trí rabhaidh bhéil nó scríofa, gan gá a bheith le gníomh níos tromchúisí, ar nós díshealbhú.

## SCÉIM LÓISTÍN AR CÍOS

Leanaimid de chur chun cinn agus de chur i bhfeidhm na Scéime Lóistín ar Cíos, atá dírithe ar thionóntaí a fhaigheann liúntas cíosa i lóistín príobháideach, a aistriú go dtí tionóntacht ina bhfuil an t-áitreabh ar léas ag an údarás áitiúil ón tiarna talún. I láthair na huaire, baineann sé seo le cásanna nuair a fhaigheann tionóntaí liúntas cíosa forlíontach ar feadh 18 mí nó níos mó. Cé go raibh an dul chun cinn sa scéim seo níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, bhí beagnach 100 áitreabh ann a aistríodh faoin scéim faoi dheireadh 2007, ina ainneoin sin.

## LÓISTÍN DON LUCHT SIÚIL

Rinneadh athbhreithniú ar an gClár um Lóistín don Lucht Siúil 2005-2008, i dtreo dheireadh na bliana. Ní dhearnadh aon athrú ar an gclár, ós rud go mbeidh athbhreithniú níos cuimsithí agus clár nua á n-ullmhú le linn 2008. Táthar ag súil leis go mbainfear amach spriocanna iomlána an chláir, nach mór, ag deireadh an chláir ceithre bliana. Cuireadh lóistín ar fáil do theaghlaigh den lucht siúil le linn 2007 i ngnáth-thithíocht (9), suímh stad (2), agus ceannach aon uaire (1). Bhuail Coiste Comhairleach Lóistín an Lucht Siúil le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana.

Bhí fadhbanna ann go fóill le campaí an lucht siúil ar thaobh na mbóithre agus rinneadh déileáil le cuid de na cásanna sin trí chomhoibriú leis na Gardaí.

## DAOINE GAN DÍDEAN

Bhuail Fóram Chontae Lú um Dhaoine gan Dídean le chéile cúig huaire in aghaidh na bliana agus bhí freastal an-mhór ar na cruinnithe agus comhoibriú den scoth idir na comhlachtaí reachtúla agus na heagraíocht deonacha. Ba é príomhfhócas an Fhóraim le linn na bliana ná díriú ar athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean 2004-2006, ar feitheamh fhoilsiú na straitéise rialtais nua, tar éis do Thuarascáil Fitzpatrick a bheith foilsithe. I dtreo dheireadh 2007, thosaigh an obair ar bhrú nua i nDroichead Átha, do Thearmann Ban Dhroichead Átha.

Ag leibhéal an fhóraim, b'ábhar buartha leanúnach é go bhfuil ciorrú á dhéanamh ar mhaoiniú an rialtais agus FSS do chuid mhaith de na seirbhísí ríthábhachtacha atá á gcur ar fáil sa chontae.

## PLEANÁIL CHUN CINN

### STRAITÉIS PLEANÁLA SPÁSÚLA CHAIRLINN

Thosaigh straitéis pleanála spásúla do Chairlinn le linn 2007, chun treoir a chur ar fáil d'fhorbairt inbhuanaithe Chairlinn amach anseo, agus aird á thabhairt ar scéimhe na háite agus an gá atá lena caomhnú agus chun leas a bhaint as an oidhreachta thógtha ar leith atá sa cheantar, idir mheánaoiseach agus eile. Críochnófar an staidéar seo go luath sa bhliain 2008.

# *Na hEalaíona, Iarsmalanna, Leabharlanna agus Ceantair Thaitneamhachta*

## NA hEALAÍONA

### CEOL

Ba í 2007 lár-phointe Phlean Ealaíon an Chontae, agus bhí ceol den uile chineál go mór chun cinn ar fud an chontae lena linn. Chomh maith le Sraith Cheoil Idirnáisiúnta Fhadbhunaithe Dhroichead Átha agus na ceolchoirmeacha clasaiceacha in Ionad Oidhreachta Chairlinn, cuireadh fáilte roimh Cheolfhoireann Uladh, Camerata Ireland, Ensemble Avalon agus an Locrian Emsemble i nDún Dealgan.

Do chuid mhaith daoine, ba é an buaicphointe ná an chéad chuairt ar Éirinn a thug an cumadóir ó California, Terry Riley, ar Fhéile Ealaíon Dhroichead Átha.  Rinneadh comhoibriú ar leith idir Cumann Ceoil Comhaimseartha Lú, Údaráis Áitiúla Lú agus an Chomhairle Ealaíon chun go mbeadh Riley, atá luaite sa Sunday Times mar 'dhuine de 1000 cruthadóir an 20ú haois', i mbun ceoil le Arte Saxophone Quartet, a mhac Gyan Reilly agus an Crash Emsemble. Tugadh 'Spirals of Ragtime and Raga' air seo, agus rinneadh ceiliúradh ar shaol agus saothar an chumadóra ceannródaíoch seo leis na ceolchoirmeacha agus na himeachtaí eile a bhí ar siúl.

Níos déanaí sa bhliain, bhí Monica Huggett i mbun ceoil le Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann i sraith ceolchoirmeacha mar chuid de Bharóc Bhaile Átha Fhirdhia.

### NA hAMHARCEALAÍONA

Bíonn Údaráis Áitiúla Lú ag tacú le dhá spás taispeántais ar leith do na hamharcealaíona; an Basement Gallery i nDún Dealgan agus an Highlanes Gallery i nDroichead Átha. I mbealaí éagsúla, léiríonn na taispeántais seo de chlár na ndánlann an chuid is fearr de chleachtais ealaíon in Éirinn na linne, idir choimeádaíoch agus chomhaimseartha. Tharla sé le linn 2007 go raibh roinnt seónna dánlainne ar leith ar siúl sa

Basement, lenar áiríodh Rigor Mort. Bhí Sally Timmons ina haoi-choimeádaí agus bhí foilseachán mar chuid den taispeántas, lena bhféadfaí scagadh sa bhreis a dhéanamh ar théama na cailliúna, le saothar ó 12 ealaíontóir agus scríbhneoir.

Cuireadh roinnt taispeántas dúshlánach ar siúl sa Highlanes Gallery, atá suite sa Seaneaglais Phroinsiasach i nDroichead Átha, le linn na bliana. Mar chuid d'Fhéile Ealaíon Dhroichead Átha, cuireadh taispeántas ar siúl de shaothar na n-ealaíontóirí Éireannacha a bhain leas as scoláireachtaí Fulbright, darbh ainm 'Interchanges'. Ceapadh Aoife Ruane mar Stiúrthóir Highlanes níos déanaí sa bhliain, agus tá clár iomlán de thaispeántais á réiteach do 2008.

### TACÚ LE hEALAÍONA NA hÓIGE

Bhí sé mar cheann de na téamaí le linn na bliana tacú le healaíona na hóige agus na ndaoine óga. Chabhraigh na tionscnaimh seo go léir le próifíl agus feasacht ar ardchaighdeán na ngníomhaíochtaí ealaíon le haghaidh agus de chuid daoine óga a mhéadú, chomh maith le béim a chur ar na riachtanais atá ag an gcuid ríthábhachtach seo de sholáthar áitiúil na n-ealaíon:

- Thug daoine ó TEAM, String Trio Bhaile Átha Cliath agus an National Chamber Choir, cuairt ar scoileanna sa chontae.
- Bhí ceardlanna scannánaíochta agus scoil samhraidh scannánaíochta ar siúl.
- Forbairt leanúnach an Chomhlachta Damhsa Óige i nDroichead Átha agus Téatar Óige Droichead.
- Coimisiúnú tuarascála ar thodhchaí an téatair óige sa chontae.

## IARSMALANN

Fanfaidh an bhliain 2007 i bhfad in intinn mhuintir na hIarsmalainne mar gheall ar dhá imeacht cheannródaíocha. Ba iad seo páirtíocht na hIarsmalainne sa Chlár um Chaighdeáin Iarsmalann d'Éirinn de chuid na Comhairle Oidhreachta agus oscailt an taispeántais 'On the Trail of the Arctic Fox' ag Ambasadóir Ceanadach na hÉireann, A Shoilse An tUas Patrick Binns.

Is fearr cur síos ar an gClár um Chaighdeáin Iarsmalann d'Éirinn, mar leagan iarsmalann den ISO 9000, ina ndéantar measúnú ar an institiúid agus go n-aithnítear faoi dheireadh go bhfuil ardchaighdeán seirbhíse á chur ar fáil ar fud 35 critéar, a bhaineann le gach réimse d'fheidhmiú na hIarsmalainne, lena n-áirítear bailiú agus stóras, seirbhísí cuairteoirí agus oideachas, lipéadú agus caomhnú. I ndeireadh na dála, beidh sé seo mar thagarmharc a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar an Iarsmalann maidir le soláthar agus cur i bhfeidhm a bundualgas. Ós í seo an chéad bhliain den chlár, creidimid go mbeidh an-tábhacht ag baint lenár bpáirtíocht sa scéim, de réir mar a bhíonn an Iarsmalann ag iarraidh réimse na seirbhísí a chuireann sí ar fáil dá páirtithe leasmhara i láthair na huaire a fhorbairt, agus aird ar leith á díriú ar fhorbairt an bhailiúcháin amach anseo. Táthar ag súil leis go mbeidh trí/ceithre bliana ann sula mbeidh creidiúnú iomlán bainte amach. Ach mar a deirtear sa seanfhocal Síneach, 'tosaíonn turas 1,000 míle le coiscéim amháin'.

Nuair a bhí an taispeántas 'On the Trail of the Arctic Fox' á sheoladh ag an Ambasadóir Ceanadach go hÉirinn, An tUas Patrick Binns, Dé Sathairn an 17ú Samhain seo caite, chuir sé tús le taispeántas a bhí á ullmhú le beagnach dhá bhliain go leith. Rugadh Francis Leopold McClintock i Seatown Place agus bhí sé ar dhuine de phearsana móra an Antartaigh, ach a bhfuil dearmad déanta ag an saol mór ar a éachtaí taiscéalaíochta. D'fhéadfaí a mhaíomh go raibh an taispeántas ar cheann de na cinn ba chasta a raibh foireann na hIarsmalainne ina mbun, ó bhí iarsmaí ar taispeáint ann a bhí ar iasacht ó roinnt áiteanna éagsúla, lenar áiríodh Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, An Iarsmalann Staire Nádúrtha agus Institiúid Taighde Pólaí Scott i Cambridge, chomh maith le roinnt nithe a fuarthas ar iasacht ó dhaoine príobháideacha ar fud na hÉireann.

Déantar cur síos leis an mbailiúchán ar óige McClintock agus é ag fás aníos i nDún Dealgan agus ar a ghairm bheatha sa chabhlach. Cuid an-tábhachtach de seo, ná an tsuim leanúnach a bhíodh aige i nDún Dealgan agus i Lú, a raibh sé mar thoradh uirthi gur sheas sé mar iarrthóir neamhspleách i nDroichead Átha. Seans maith gurb é an iarsma is suimiúla atá ar taispeáint ná sleamhnán satailíte – rud atá ina shiombail den áit inar bhain sé cáil amach. Tá roinnt imeachtaí eile á n-eagrú le cur leis an taispeántas, lena n-áirítear scoil gheimhridh ina mbeidh scrúdú á dhéanamh ar réimsí éagsúla den taiscéalaíocht Artach, chomh maith le sraith ceardlann d'athachtú stairiúil, ina mbeidh McClintock féin ag labhairt faoina ghairm Artach féin.

Seachas na píosaí thuasluaite, tá an Iarsmalann tar éis leanúint dá bailiúchán a fhorbairt, le tabhartais á dtabhairt le linn na bliana. Agus forbairt á déanamh ar an réimse nithe a bheidh a gcoinneáil do na glúinte amach romhainn, fuarthas roinnt rudaí suimiúla nua, lena n-áirítear roinnt foirne d'fhearas grianghrafadóireachta, chomh maith le réimse ríomhairí agus cluichí ó lár na 1980idí.

Ar an iomlán, ba bhliain ghnóthach í ag an Iarsmalann agus leis an bhforbairt leanúnach atá á déanamh ar an mbailiúchán agus ar dhaingniú an Chláir um Chaighdeáin Iarsmalann in Éirinn, tá an chuma air go mbeidh 2008 ina bliain spreagúil.

## SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHONTAE LÚ

Is é an aidhm atá ag Seirbhís Leabharlann Chontae Lú ná chun feabhsú agus breisiú a dhéanamh ar na deiseanna saoil ar leith do chách trí iarracht a dhéanamh:

- Freastal ar na riachtanais eolais, oideachais, chultúrtha agus caitheamh aimsire atá ag ár bpobal ilchineálach agus borrach.
- Teacht ar fhoghlaim fad saoil a chur ar fáil i dtimpeallacht fháilteach.
- An úsáid is fearr a bhaint as Teicneolaíocht Cumarsáide.

### SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE DO SCOILEANNA

Thug foireann na leabharlainne cuairt ar roinnt bunscoileanna chun suíomh gréasáin agus catalóg na leabharlainne a thaispeáint. Bhí Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias, atá nua-bhunaithe sna Creagacha Dubha, ar na scoileanna ar thug seirbhís leabharlainne na scoileanna cuairt orthu.

Chruthaigh foireann na leabharlainne 'Treoir do Pháistí faoin Leabharlann' agus beidh sí á dáileadh ar na bunscoileanna go léir sa chontae agus beidh sí ar fáil sna brainsí go léir chomh maith.

**'BIG WILD READ'**

Seoladh Dúshlán Léitheoireachta 'Big Wild Read' sna leabharlanna go léir le linn mhíonna an tsamhraidh agus tugadh spreagadh do pháistí a bheith ag léamh agus chun grá don léitheoireacht amach anseo a chothú. Nuair a críochnaíodh an dúshlán ag deireadh Lúnasa, eagraíodh imeachtaí ceiliúrtha i ngach leabharlann agus bronnadh teastais ar na páistí chun a ngnóthachtáil a aithint.

**FORBAIRTÍ TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE**

I measc na bhforbairtí Teicneolaíocht Faisnéise le linn na bliana:

- Bhí uasghrádú Líne Dhigiteach Síntiúsóirí agus Cumarsáide.
- Suiteáladh meaisíní nua de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann i leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia. Úsáidtear iad seo le teacht ar léarscáileanna Suirbhéireacht Ordanáis ar line.
- Is féidir teacht ar sheirbhís na nuachtán ar líne go cianda ó nasc idirlín ar bith, trí leathanach gréasáin na leabharlainne.

**'SILVER SURFERS'**

Eagraíodh ranganna ríomhaireachta 'Silver Surfers' i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha, ar bhonn seachtainiúil. Cuireadh deis ar fáil sna ranganna seo do dhaoine ar scor, scileanna idirlín agus ríomhaireachta bunúsacha a fhoghlaim. Bhí na ranganna seo curtha ar fáil ag Paul Smith, an tOifigeach Forbartha TF san Oifig Pobail & Fiontraíochta. I mBealtaine agus Nollaig, bhí chuid de na "Silver Surfers" seo in éineacht lena bpiaraí ó Mhuineacháin, Droichead na Banna agus Craigavon agus cuireadh oiliúint Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide orthu, chomh maith le camchuairt agus turas siopadóireachta a eagrú dóibh, imeachtaí a bhí á n-eagrú ag Togra Discover ICT. Leis an tionscnamh seo, cuirtear timpeallacht foghlama neamhfhoirmiúil, réchúiseach ar fáil d'úsáideoirí nua TFC, chomh maith le deis chun réimsí ar leith de TFC a bhaineann leo agus a bheidh chun a leasa amach anseo, a fhoghlaim.

**IMEACHTAÍ FOR-ROCHTANA**

Tharla an líon is mó riamh d'Imeachtaí For-Rochtana sna brainsí go léir, le dul in éineacht le himeachtaí amhail Féile Leabhar na bPáistí, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine srl. Ar na himeachtaí a bhí ar siúl:

- Bhí cuairteanna údar & scéalaíocht á déanamh ag údair do pháistí, a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.
- Seisiúin scéalaíochta le ceol.
- Seónna draíochta.
- Comórtais dathaithe agus gearrscéalta.
- Seisiúin am ríme.
- Scéalaíocht do mháithreacha agus do leanaí óga.
- Seisiún líníochta.
- Scéalaíocht dhátheangach.
- Cruthadóirí ceoil beaga.
- Seó bóthair Animates.
- Ceardlann fhaisnéiseach ar dhúlra agus ar ainmhithe le samplaí beo, amhail ulchabháin, naithreacha nimhe agus toirtísí.
- Cór Ógra Ghuthanna na bPáistí.
- Tráth na gceist boird.

**TAISPEÁNTAIS**

Ar na taispeántais a bhí ar siúl sna leabharlanna éagsúla bhí:

- Mná do Ghníomhú ar Mhíchumas agus Comhionannas.
- Taispeántas Ionad na Meán Cumarsáide i nDún Dealgan.
- Taispeántas Cártaí Poist do Lá Fhéile Pádraig.
- Taispeántas Ealaíona & Ceardaíocht ICA.
- Seanghrianghraif de Dhroichead Átha.
- 'Lord of the Land, Heart of the Home', taispeántas d'ealaíona agus ceardaíocht ón bhFionlainn.
- Taispeántas Chlub Grianghraf Dhroichead Átha.
- Taispeántas ealaíne Norma Jean Finnegan.
- Na Grianghrafadóirí Gairmiúla.

**SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE EILE**
**– IONAD FOGHLAMA**

Úsáideann grúpaí an tIonad Foghlama go rialta, lena n-áirítear FÁS, Rehab, VEC, Slán Abhaile, Seirbhísí Hilltop agus an Gréasán Foghlama Náisiúnta. Bunaíodh grúpa scríbhneoireachta cruthaithí i gcomhair le hOifig na nEalaíon agus bíonn an tIonad Foghlama in úsáid mar shuíomh lena aghaidh seo chomh maith.

**– LEABHARLANN SOGHLUAISTE**

Stopadh ag áit bhreis ar bhealach na leabharlainne soghluaiste, ag Sráidbhaile Scoir Moorehall i mBaile Átha Fhirdhia.

**– TURAIS**

Eagraíodh turais sna leabharlanna go léir do ghrúpaí amhail bunscoileanna, grúpaí súgartha, daltaí staire sna meánscoileanna agus grúpaí ó eagraíochtaí éagsúla sna bailte.

## *Straitéis Spóirt agus Áineasa*

Lean Comhairle Contae Lú de bheith ag cruthú nasc le líon borrach de Chomhlachtaí Náisiúnta Rialála Spóirt le linn 2007, lena n-áirítear an FAI, CLG, Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann, Community Games, Badminton Ireland agus Rugbaí Chúige Laighean. Bhí sé mar thoradh ar pháirtíochtaí le FSS in Oir-Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, Irish Heart Foundation, DKIT, Coillte agus grúpaí eile, gur forbraíodh cuid de na tograí/gníomhaíochtaí thuasluaite.

In éineacht leis sin, thacaigh an Chomhairle leis an gclár For-rochtana d'imeachtaí samhraidh, a bhí á oibriú ag Ionad Spóirt Dhroichead Átha, chabhraigh siad le hathbhunú Chlub Leadóige Chollann agus lean siad de chur ar fáil an eolais bhaintigh ar cheisteanna ginearálta spóirt/caitheamh aimsire agus súgartha do chlubanna agus do ghrúpaí pobail.

## STRAITÉIS SPÓIRT AGUS ÁINEASA

Foilsíodh doiciméad Údaráis Áitiúla Lú ar Straitéis Spóirt agus Caitheamh Aimsire an Chontae le linn 2007, ina ndéantar clúdach ar an tréimhse go dtí 2012 agus ina bhfuil sé mar aidhm an leibhéal rannpháirtíochta ginearálta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiceach a mhéadú. Tosaíodh cuid de na gníomhartha a bhfuil cur síos orthu sa straitéis seo, le linn 2007. Tá cur síos ar na cinn is suntasaí anseo.

### OIFIGIGH FORBARTHA SPÓIRT

Thosaigh Mick Neville, Oifigeach Forbartha Sacair sa Phobal i Lú agus Donal McNally, Oifigeach Tacaíocht Clubanna CLG i Lú, a gcuid oibre i Lú sa dara cuid de 2007, tar éis go ndearnadh socrú idir Comhairle Contae Lú, an FAI agus Comhairle Laighean agus CLG faoi seach, chun a gceapacháin sin a chómhaoiniú. Beidh cláir á soláthar ag na hoifigigh forbartha seo, a bheidh socraithe idir an Chomhairle agus a gCumann, atá dírithe ar rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú i measc sprioc-ghrúpaí ar leith agus na spóirt ar leith sin a chur chun cinn ag an am céanna

### DEONTAIS DO SPÓRT NA nÓG FAOI MHÍBHUNTÁISTE

Fuair Comhairle Contae Lú méid €52,000 trí chlár Pobal, ó Chistí na gCuntas Díomhaoin, faoi scéim aon uaire chun cúnamh deontais a chur ar fáil chun spórt a chur chun cinn do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste, atá ina sprioc-ghrúpa i Straitéis Spóirt agus Caitheamh Aimsire LLA. Rinne an Chomhairle iomlán 26 deontas a bhronnadh, idir €1,000 agus €5,000, ar réimse de chlubanna/eagraíochtaí spóirt éagsúla ar fud Lú, ó na cistí seo.

### PÁIRTÍOCHT SPÓIRT ÁITIÚIL LÚ

Bunaíodh Páirtíocht Spóirt Áitiúil Lú i bhFómhar na bliana 2007. Is ionann an Pháirtíocht seo agus ionadaíocht ó na ceann-ghníomhaireachtaí agus na ceann-chomhlachtaí spóirt i Lú agus beidh sí ag feidhmiú faoi choimirce Bhord Forbartha Chontae Lú. Is é David Cranny, atá ina léachtóir i DKIT, atá mar Chathaoirleach Bhord Eatramhach PSA Lú. Ceapfar oifigeach comhordaithe go luath sa bhliain 2008, chun maoirseacht a dhéanamh ar oibriú PSA Lú, a bheidh ag obair de réir na straitéisí spóirt agus caitheamh aimsire atá ag Comhairle Spóirt na hÉireann agus ag na hÚdaráis Áitiúla i Lú, chun leibhéal na rannpháirtíochta i spórt a mhéadú.

### OIFIGEACH MÍCHUMAIS UM CHUIMSIÚ SPÓIRT

Bronnadh maoiniú ar Chomhairle Contae Lú de €170,200 chun Oifigeach Míchumais um Chuimsiú Spóirt (OMCS) a fhostú. Tá 21 de na hoifigigh seo á bhfostú ar fud na tíre le bheith ag obair ar thogra/tionscnamh píolótach dhá bhliain leis na Páirtíochtaí Spóirt Áitiúla, d'fhonn na deiseanna spóirt do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú. Ceapfar OMCS Lú go luath sa bhliain 2008 agus beidh sé/sí ag obair faoi Pháirtíochtaí Spóirt Áitiúla Lú.

### INIÚCHADH AR NA hÁISEANNA SPÓIRT SA CHONTAE

Leanadh leis an obair ar Eolaire na gClubanna/Eagraíochtaí Spóirt agus ar an iniúchadh ar Áiseanna Spóirt i gContae Lú le linn 2007. Tá sé i gceist an t-iniúchadh a chríochnú le linn 2008 agus go mbeadh Eolaire uasdhátaithe na gClubanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na nÚdarás Áitiúil i Lú.

### SCÉIM DEONTAS UM OILIÚINT TRAENÁLAITHE

Thug Comhairle Contae Lú í seo isteach ar bhonn píolótach le linn 2006, chun spreagadh a thabhairt d'fhorbairt/soláthar traenálaithe i measc na gcód spóirt go léir i Lú. Cuireadh cúnamh deontais ar fáil faoin scéim seo do 103 duine, le bheith páirteach i gcúrsaí creidiúnaithe traenálaithe/comhairleoirí do lúthchleasaíocht, badmantan, sacar agus rugbaí le linn 2007. Leanfar ar aghaidh leis an scéim seo le linn 2008.

*Tionscnamh Chomhairle Contae Lughaí CLG Laighean*



## TIONSCNAIMH TRASTEORANN

### TOGRA OIRIALLA 2012

Seoladh togra Oirialla 2012 go foirmiúil san Iúr, i Meitheamh 2007. Forbraíodh é seo mar thionscnamh faoi Chlár na bhFíseanna Teorann, clár trasteorann atá á éascú ag Gníomhaireacht Fiontraíochta an Iúir & Mhúrna agus Bord Fiontraíochta Chontae Lú agus tá sé d'aidhm ag an togra leas a bhaint as na deiseanna féideartha don réigiún a d'eascródh as na Cluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha i Londain i 2012. Déanfar an réigiún a chur chun cinn leis an togra mar bhunáit do champaí traenála réamh-chluichí do na tíortha rannpháirteacha, agus an 'cur chuige cnuasaithe' comhoibríoch atá in úsáid cheana do shainleasanna gnó, a úsáid.

### TOGRA FORBARTHA NA SPÓRT MIONLACH

Mar chuid de thuras Ionad Scátála soghluaiste a bhí á eagrú faoin togra seo ag Oifigeach Forbartha Trasteorann na Spórt Mionlach, Ms Nicola McAlinden, eagraíodh seisiúin i nDroichead Átha agus Dún Dealgan agus deireadh Lúnasa. Bhí tuairim is 100 scátálaí cláir i láthair sa dá áit agus bhí na comhairleoirí agus tuismitheoirí in ann féachaint ar an spórt á chur i ngníomh agus bualadh leis na scátálaithe cláir.

## FORBAIRTÍ SIÚIL

### SLÍ NA SLÁINTE

Cuireadh bealaí nua ar fáil do Shlí na Sláinte sna Creagacha Dubha agus cruthaíodh leagan 'fíorúil' de Shlí na Sláinte san Ionad Oiliúna nua de chuid CLG ag Dairbhre, i gcomhair le Bord Contae CLG. Rinneadh uasghrádú chomh maith ar an gcomharthaíocht ar sheanbhealaí na Slí i nDroichead Átha agus Dún Dealgan, le linn 2007.

### FÉILE SIÚIL NA TÁNA

Reáchtáladh céad Fhéile Siúil na Tána i gceantar Shliabh Chuaille/Chairlinn le linn mhí Mhárta. Bhí sí seo arna heagrú ag Louth Hospitality agus Carlingford Tourism agus bhí sí á tacú ag an gComhairle. Tá sé i gceist an imeacht seo a fhorbairt ina fheile siúil bhliantúil don cheantar seo.

Fuarthas cúnamh deontais chomh maith ó Fáilte Ireland chun obair feabhsaithe a dhéanamh ar Bhealach na Tána agus chun tuilleadh cuarchosán a fhorbairt i gceantar shliabh Chuaille agus tosaíodh ar an obair go déanach i 2007.

Forbróidh an Chomhairle Straitéis Siúil do cheantar Leithinis Chuaille i gcoitinne, le linn 2008.

### BEALACH CHATH NA BÓINNE

Thosaigh oibreacha feabhsaithe ar an mbealach cois abhainn de chuid Chomhairle Baile Dhroichead Átha, le haghaidh Chath na Bóinne. Tá sé seo á thacú ag deontas ó Fáilte Ireland de €301,853 agus ag Mellon O'Reilly. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh an cosán seo ina nasc idir Droichead Átha agus Eastát nua an tSeandroichid/suíomh Chath na Bóinne.

### COSÁN ABHANN BHAILE AN CHAISLEÁIN

Osclaíodh fad eile de chosán cois abhann, a d'fhorbair Comhairle Baile Dhún Dealgan ar an mbruach thuaidh d'abhainn Bhaile an Chaisleáin, rud atá ina nasc idir Seanbhóthar an Iúir agus Droichid Nua na Tána. Tá raonta rothar mar chuid den chosán agus beidh sé mar chuid den chosán siúil/rothaíochta cois abhann atá molta do Bhaile an Chaisleáin.

## ÁISEANNA SPÓIRT


### MIONPHÁIRCEANNA SACAIR

Fuarthas cúnamh deontais faoi Scéim Mionpháirceanna an FAI, do cheithre mhionpháirc sacair i Lú. Cuirfear na páirceanna seo ar fáil i nDroichead Átha (2), i nDún Dealgan agus i mBaile Átha Fhirdhia, le cúnamh airgid breise ó na hÚdaráis Áitiúla chuí

### PÁIRC DÚICHE MUIRTHEIMHNE MÓR

Rinne Comhairle Baile Dhún Dealgan athfhorbairt ar an bpáirc seo le cabhair ó mhaoiniú Caipiteal Spóirt agus osclaíodh é go hoifigiúil i mí Mheithimh. Is iad cuid de na háiseanna atá ann ná raonta rothar, páirc peile féir a bhfuil raon reatha 400m thart timpeall air, cúirt cispheile phoiblí agus trí áit do chluichí éagsúla, atá marcáilte do leadóg, peil cúigir, sacar agus cispheil.

*Seoladh Tionscadal Oirialla 2012, An Iúir, Meitheamh 2007*




### IONAD SPÓIRT DHÚN DEALGAN

Rinneadh feabhsuithe chomh maith in Ionad Spóirt Dhún Dealgan, lenar áiríodh urlár adhmaid nua HARO, aonaid cispheile nua agus doirse éigeandála, a maoiníodh le cabhair ó dheontas €65,000 ó chlár Caipiteal Spóirt DAST 2006.

Fuarthas cúnamh deontais sa bhreis trí Chlár Caipiteal Spóirt DAST 2007 agus tríd an Scéim Shóisialta agus Pobail de Dheontas Caipitil, d'oibreacha athfhorbartha (athrú feistis/leithris, oifigí agus suiteáil ardaitheoirí) ag an Ionad Spóirt.

### IONAD FÓILLÍOCHTA DHÚN DEALGAN

Tá comhaontú i bprionsabal idir Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhlacht Bainistíocht Fóillíochta Aura chun feabhsuithe molta a dhéanamh ag an Linn Snámha/Ionad Aclaíochta, (lena n-áireofar soláthar clós súgartha allamuigh ar an suíomh chomh maith le flúma) a chuirfear ar fáil le linn 2008.

### LINN SNÁMHA/IONAD FÓILLÍOCHTA DHROICHEAD ÁTHA

Fuarthas maoiniú ó chlár Caipiteal Spóirt DAST, ar mhaithe le síneadh na n-áiseanna athraithe feistis agus aclaíochta ag Linn Snámha/Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha.

### LOURDES STADIUM

Thosaigh oibreacha glantacháin ar shuíomh staid Lourdes, chun an áis a ullmhú le haghaidh forbairt amach anseo.

### AN MHÓNAIDH MHÓR - ÁISEANNA PÁIRCE

Críochnaíodh na hoibreacha feabhsaithe ar cheantar na páirce imeartha le féir ag an Monaidh Mhór, chomh maith le páirc uile-aimsire nua do shacar cúigir (in aice le Club Dornálaíochta Dhroichead Átha), a bhí curtha ar fáil ag Comhairle Baile Dhroichead Átha.

Thosaigh an réamh-dhearadh agus an próiseas pleanála le haghaidh Clós Súgartha agus páirc il-úsáidí (MUGA) le cúnamh ó RAPID.

## CLÓIS SÚGARTHA

Fuarthas tairiscintí le haghaidh sholáthar an chlóis súgartha ag Baile na gCailleach, Ceann Chlochair ag deireadh 2007 agus tá sé i gceist an clós súgartha seo a chur ar fáil go luath sa bhliain 2008.

Rinneadh réamh-iniúchadh le linn na bliana ar shuímh eile ar fud an Chontae, mar shuímh fhéideartha do chlóis súgartha amach anseo, agus aimsíodh suímh chinnte atá le forbairt le linn 2008.

# *Cosaint Comhshaoil agus Rialáil Truaillithe*

## PLEANÁIL

Bhí ar na cairéil go léir sa Chontae, seachas na cinn siúd ar tugadh ceadúnas dóibh ó 28ú lá Aibreán 1999, clárú le Comhairle Contae Lú faoin 27ú lá Aibreán 2005.

Déantar foráil in Alt 261 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, d'fhoilsiú fógra faoi chlárú an chairéil, deis do pháirtithe buartha aighneachtaí/ráitis a dhéanamh, cur i bhfeidhm coinníollacha faoi fheidhmiú an chairéil taobh istigh de dhá bhliain ón gclárú ag an gComhairle nó athrú na gcoinníollacha a cuireadh i bhfeidhm roimhe sin, agus próiseas acomhairc d'oibritheoirí cairéil.

Fuair Comhairle Contae Lú 12 iarratas do chlárú agus chríochnaigh siad an próiseas cinnteoireachta sa 10 gcás a bhí cláraithe, tar éis go ndearnadh cinntí cheana le linn 2006, ar an gcéad dhá chairéal a bhí cláraithe.

## COMHAIRLE BAILE DHROICHEAD ÁTHA

- Críochnú na n-oibreacha bainte gáis ar an seansuíomh inlíonta talún ar Bhóthar Chollann.
- Obair chaidhpeála/athchóirithe arna críochnú ar Sheansuíomh Inlíonta Talún CBDÁ.
- Athbhreithniú ar cheadúnas GCC d'inlíonadh talún, ar siúl go fóill.

## CAIGHDEÁN UISCE

Lean an obair ar aghaidh sa réimse seo le linn na bliana agus ar na himeachtaí a bhí i gceist, bhí suirbhéanna feirme, clár monatóireachta ar uisce aibhneacha, ceadúnú sceite d'eisilteach trádála agus cigireacht/oiriúnú na n-iarratas pleanála. Bhí Lú go hiomlán páirteach sa dhá chlár Dúiche Abhantraí, Réigiún nEathach, na Banna agus an Oirthir. Bhí léiriúcháin i gceist leis an dá chlár ag cruinnithe CPS agus bhí idir bhaill thofa agus oifigigh rannpháirteach go hiomlán i bhforbairt na dTuarascálacha SWMI do gach dúiche.

## SCÉIM NA **m**BRATACH GORM

D'éirigh le Lú an Bhratach Ghorm chéimiúil a choinneáil do na tránna ag an bPort agus Baile an Teampaill Bhí dhá shearmanas ard-phróifíle ann le linn mhí Mheithimh chun an bhratach a ardú, in éineacht le sraith gníomhaíochtaí oideachais ar na tránna.

*Dhá bhratach á bhronnadh go foirmeálta ar Lughaí ag searmanas náisiúnta ag Dick Roche, iarAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil*




# *Seirbhísí Uisce agus Fuílluisce d'Ardchaighdeán a chur ar fáil*

## SEIRBHÍSÍ UISCE

### TOGRA CAOMHNAITHE UISCE

Tá Céim 1 den Togra Caomhnaithe Uisce don Chontae go léir críochnaithe ar an mórchuid, le 89 Ceantar Méadar Dúiche (CMD) arna mbunú. Tá sé mar thoradh air seo, agus ar oibreacha feabhais éigeandála, go bhfuiltear ag coigilt suas le ceithre mhilliún lítear uisce in aghaidh an lae.

Tá Céim 2 den scéim á cur i bhfeidhm cheana agus cuirfear dlús leis seo le linn 2008, nuair a bheidh brath gníomhach sceite uisce á chur i bhfeidhm ar fud an 89 CMD go léir. Déanfar roinnt athshlánaithe ar phríomhlíonraí agus athchóiriú ar líonraí píobaithe le linn 2008, faoi réir ceadú maoinithe.

Is maith an seans go mbeidh sé mar thoradh ar bhainistíocht fheabhsaithe ar na soláthair uisce aonair, mar gheall ar thogra an mhéadraithe fheabhsaithe, go gcuirfear leis na hiarrachtaí caomhnaithe uisce le linn 2008.

### MEADRÚ UISCE TRÁCHTÁLA

Is féidir gach méadar tráchtála a léamh go leictreonach anois. Cuirfear léamh níos cruinne ar fáil mar gheall air seo, chomh maith le haga slánúcháin níos tapúla maidir le déileáil le billí agus fiosrúcháin. Chomh maith leis sin, cuireann an áis seo ar ár gcumas anailís a dhéanamh ar na treochtaí úsáidte uisce, rud a éascaíonn pleanáil uisce agus réiteach na gceisteanna a eascraíonn ó sceitheadh uisce ó thaobh an chustaiméara de.

Cuirtear próifíl úsáide míosúil ar fáil do chustaiméirí anois. Tá córas bainistíocht fiosrúchán á chur i bhfeidhm, lena ndéanfar ceisteanna a rianadh, chun seirbhís níos fearr do chustaiméirí a éascú.

## FEABHSÚ AN BHONNEAGAIR UISCE AGUS FUÍOLLUISCE

### IONAID CÓIREÁLA FUÍOLLUISCE CHOLLANN/BHAILE AN TALLÚNAIGH, LÚ AGUS DHROICHEAD AN CHNOIC

Ceadaíodh réamh-thuarascáil sa bhliain reatha agus táthar ag súil le bronnadh an chonartha faoi dheireadh na bliana. Conradh tógála deartha a bheidh i gceist leis an togra agus táthar ag súil leis go gcríochnófar é go luath sa bhliain 2009.

### SCÉIM UISCE RÉIGIÚNACH CHUAILLE CÉIM 2

Tá an scéim ag céim na réamh-thuarascála, i láthair na huaire. Déanfar fiosrú faoi oibreacha ar phríomhsholáthar píobáin ó Chairlinn go dtí Ó Méith, le linn 2008.

### SCÉIM SÉARACHAIS BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Tá an réamh-thuarascáil arna socrú ag an Roinn. Is é an cuspóir a bheidh ann i 2008 ná ullmhú EIS, in éineacht le feabhsú ar an líonra píobaithe. Tosóidh tógáil an ionaid go déanach le linn 2008 nó go luath le linn 2009, faoi réir nósanna imeachta reachtúla agus an fháil atá ar mhaoiniú. Díreofar an scéim seo ar cheisteanna chaighdeán an eisiltigh, agus ar na héilimh reatha/amach anseo i mBaile Átha Fhirdhia.

### SCÉIM UISCE RÉIGIÚNACH LÁR LÚ

Déanfaidh an scéim seo déileáil le héilimh amach anseo ar uisce i gceantar lár Lú. Díríodh ar na ceisteanna láithreacha maidir le caighdeán uisce i nDún Léire, trí chonradh luathaithe le linn 2007. Tá príomhlíonra ardaithe agus taisceadán uisce nua á moladh, le bheith tógtha i nDún Léire le linn 2009. Tarlóidh sé sa chéad chéim eile go dtógfar príomhlíonra uisce ó Dhún Dealgan go Droichead Átha, faoi réir chead an Ordaithe Aistarraingthe, agus ionad cóireála á thógáil ina dhiaidh sin.

*Gléasra Cóireála Dramhuisce Dhroichead Átha*



## CLÁR UISCE TUAITHE

Fuarthas deontais d'iomlán €980,000 ón Roinn le linn 2007 faoi Chlár na Scéimeanna Beaga Uisce/Séarachais. I measc na n-oibreacha a rinneadh faoin gclár seo bhí:

- Athsholáthar an Phríomhlíonra Uisce ar Shráid Hale – Céim 1 agus Céim 2.
- An Riann, Áth na gCasán – oibreacha feabhsaithe do dhraenáil stoirmeacha.
- Greengates, Droichead Abhainn Átha Féan scéim Athsholáthar Príomhlíonra Uisce Céim 2.
- Greengates – Crosaire Bhaile Hagaird scéim Athsholáthar Príomhlíonra Uisce Céim 3.
- Príomhshráid, Na Creagacha Dubha Feabhsú ar an líonra uisce (Príomhshráid, Na Creagacha Dubha)Céim 2.
- Togra Suiteála Teiliméadrachta Céim 2 (Oibreacha Uisce).
- Síneadh Príomhlíonra Uisce ag Townparks, Baile Átha Fhirdhia (Bóthar an Phortaigh).
- Soláthar Uisce Thulaigh Álainn - Taisceadán Uisce Nua & Príomhlíonra Ardaithe – Céim 2.
- Sráidbhaile Thulaigh Álainn - síneadh príomhlíonra uisce Sráidbhaile Thulaigh Álainn.
- Príomhshráid Uachtarach, Dún Léire suiteáil príomhlíonra ardaithe/dáilte.
- Lána Crossabeigh Uasghrádú an phríomhlíonra uisce ag Lána Crossabeigh, Dún Binne.
- Bhóthar Marlbog Aistriú na seirbhísí agus na nasc reatha Bhóthar Marlbog go dtí príomhlíonra uisce nua.
- Greengates – nasc phríomhlíonra uisce Clermont.
- Oibreacha Feabhsaithe Sláinte & Sábháilteachta ag ionaid cóireála uisce – Céim 2.
- WWTW Cheann Chlochair – Córas Aeraithe Nua.

Is féidir a fheiceáil cé chomh tábhachtach is atá na Grúpscéimeanna Uisce (GU) mar chuid de sheirbhísí uisce iomlána an chontae, ón cúnamh deontais de €193,000 a cuireadh ar fáil dóibh. I measc na scéimeanna a bhain leas as an maoiniú d'uasghrádú/soláthar príomhlíonra nua bhí:

- GU Bhaile Ghib (nua – leathnú an phríomhlíonra).
- GU Pháirceanna an Bhaile (nua – leathnú an phríomhlíonra).
- GU Bhaile Mhic Éinigh – Céim 2 (oibreacha uasghrádaithe).
- GU Ardachadh (oibreacha uasghrádaithe).
- GU Ghráinseach na gCaorach – Céim 1 & 2 (oibreacha uasghrádaithe).
- GU Thulaigh Álainn – Céim 6 (oibreacha uasghrádaithe).
- GU Drybridge (oibreacha uasghrádaithe).

Chomh maith leis sin fuair 5 GU fóirdheontais uisce grúpa d'iomlán €119,283.36 le linn 2007, le haghaidh chostais reatha na scéimeanna agus íocadh deontas d'iomlán €100,007 le 44 iarrthóir faoin scéim do sholáthar nó feabhsú riachtanach ar sholáthar uisce aonair do thithe ar leith.

# *Bainistíocht Dramhaíola*

## PLEAN BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

Lean an Coiste Stiúrtha Réigiúnach de bheith ag bualadh le

chéile ar bhonn rialta le linn na bliana, chun comhordú a dhéanamh ar sheachadadh gníomhartha de réir an Phlean um Bainistíocht Dramhaíola san Oir-Thuaisceart. Ba iad na príomhghníomhartha a rinneadh le linn na bliana ná tosú athbhreithnithe ar Léiriú na bhFo-dhlíthe Dramhaíola don Réigiún agus feasacht ar an mbailiúchán dramhaíola ag an gcosán, chun seirbhís Gabhdán Donn a chur léi.

I Lú, roghnaíodh trí cheantar – Dún Dealgan, Na Creagacha Dubha agus Baile Átha Fhirdhia – le haghaidh seirbhís phíolótach gabhdán donn agus d'oibrigh an tÚdarás Áitiúil go dlúth le soláthraí na seirbhíse, Oxigen, le cinntiú gur cuireadh clár oideachais/feasachta cuimsitheach i bhfeidhm sna ceantair seo.

### WEEE

Leanadh de Threoir WEEE a chur i bhfeidhm, agus 915 tonna arna n-athchúrsáil le linn 2007. Bhí iomlán 133 táirgeoir cláraithe ag deireadh na bliana

### TREOIR DEIREADH SAOIL NA BHFEITHICLÍ

Lean obair ar aghaidh chun Treoir Deireadh Saoil na bhFeithiclí a chur i bhfeidhm le linn na bliana agus bhí 25 iarratas a fuarthas ó tháirgeoirí á bpróiseáil ag deireadh na bliana.

### CUR I BHFEIDHM

I measc na gníomhaíochta do chur i bhfeidhm le linn na bliana, bhí 25 cigireacht pacáistithe agus eisíodh 20 litir feasachta.

## ATHCHÚRSÁIL

Bhí rath mór ar na hIonaid Athchúrsála i nDún Dealgan agus Droichead Átha le linn na bliana maidir le hathchúrsáil, i dtéarmaí mhéid agus éagsúlacht na sreabhacha dramhaíola a bheith ag leibhéal a bhí níos airde ná riamh. Bhí deis iontach á cur ar fáil do lucht tí leis na háiseanna úrscothacha seo, in éineacht le gréasán na mBanc Bailithe sa chontae, chun an oiread dramhaíola a athchúrsáil agus is féidir. Le linn 2007, rinneadh 14,581 tonna de dhramhaíl tí a athchúrsáil agus na háiseanna seo in úsáid. In éineacht leis an dramhaíl a athchúrsáladh leis an mbailiúchán cosáin, bhí ráta athchúrsála 37% i gceist maidir le dramhaíl tí sa chontae mar gheall air seo.

D'éirigh le Comhairle Contae Lú Duais Mhór na nÚdarás Áitiúil don bhliain 2007 a bhuachan ag Gradaim Repak, mar gheall ar an gclár athchúrsála cuimsitheach, páirtíocht rathúil na Comhairle i gClár na Scoileanna Glasa, Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, chomh maith le gníomhaíochtaí laghdaithe dramhaíola in éineacht le pobail, gnólachtaí agus scoileanna. Fianaise eile den rath a bhí ar chlár athchúrsála an Chontae é go raibh Ionad Athchúrsála Dhroichead Átha ar cheann amháin de thrí áis a bhí ar an ngearrliosta do Ghradam Thionscnaimh na nÚdarás Áitiúil.

## LÍONADH TALÚN

Rinneadh oibreacha suntasacha ar shuíomh inlíonta talún na hAbhann Báine, a bhfuil toilleadh ceadúnaithe de 96,000 tonna

*Maidin Feasacht Dramhaíola chun an tSeachtain Náisiúnta Athchúrsála a cheiliúradh in Ionad Siopadóireachta na Riasc, Dún Dealgan*




ann, le linn na bliana nuair a rinneadh caidhpeáil deiridh agus athchóiriú na gceall críochnaithe agus soláthar córais nua do bhailiú agus bladhmadh gáis. Bhí sé mar thoradh air seo gur feabhsaíodh an bailiú gáis agus rialáil bolaidh ar an suíomh inlíonta. Thosaigh an chéad chéim eile den tógáil inlíonta le linn na Samhna agus leanfar ar aghaidh leis le linn 2008. Cuirfear toilleadh inlíonta talún ar fáil leis seo don chúig bliana amach anseo.

## CUR I BHFEIDHM DRAMHAÍOLA

Díríodh aird shuntasach ar chur i bhfeidhm dramhaíola le linn na bliana. Bhí seicphointí bóithre idir-ghníomhaíochtaí ina dtréith leanúnach den chlár oibre, sa chaoi chéanna go raibh iniúchadh na n-áiseanna ceadaithe. Bronnadh iomlán 17 gCeadúnas Dramhaíola le linn na bliana, le hiomlán 40 Ceadúnas i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Bhí iomlán 188 gnólacht sa Chontae cláraithe le Repak ag deireadh mhí na Nollag. Fuarthas iomlán 223 gearán dramhaíola le linn 2007, a raibh 39% díobh réitithe ag deireadh na bliana, tharla gníomh feidhmiúcháin i gcás 33 acu agus bhí dul chun cinn á dhéanamh leis na cinn eile chun cúrsaí a rialtú.

## BAINISTÍOCHT BRUSCAIR

Tá an Plean Bainistíocht Bruscair athbhreithnithe don chontae, ina bhfuil 28 cuspóir shoiléire ar ghlac na trí Údarás Bruscair go léir sa chontae leo le linn na bliana, le seoladh go foirmiúil san athbhliain.

Choinnigh Lú a stádas mar cheann de na feidhmitheoirí is fearr den Acht um Thruailliú Bruscair le linn 2007, nuair a d'eisigh an fhoireann seachtair de mhaoir bruscair iomlán 1,207 fíneáil.

Leanadh ar aghaidh leis na cláir feasacht bruscair, le cuairteanna scoile, agus bhí fógraíocht pictiúrlann agus Léig Bruscair ina léiriú maith den chlár cuimsitheach a cuireadh i bhfeidhm.

Bhí ceiliúradh mór ann i Meán Fómhair nuair a thug muintir

Dhún Dealgan an svae leo i Léig Bruscair IBAL, nuair a bhuaigh siad gradam an Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn le haghaidh 2007.

## *Sábháilteacht ar Bhóithre*

### CHLÁR AN SEAT BELT SHERIFF

Lean Comhairle Contae Lú de chur ar fáil chlár an Seat Belt Sheriff, chun caitheamh na gcriosanna sábhála a chur chun cinn. Cuireadh an clár ar fáil i 26 bunscoil, gó háirithe i ndeisceart agus lár Lú, le linn 2007, arbh ionann é seo agus an líon scoileanna is mó riamh.

### SHEÓ BÓTHAIR AR SHÁBHÁILTEACHT BÓITHRE AGUS 'DRIVE FOR LIFE'

Shocraigh an tOifigeach Sábháilteacht Bóithre é le gur fhreastal mic léinn ó DKIT, Ionaid For-Rochtana Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus daltaí ó roinnt meánscoileanna ar Sheó Bóthair i nDroichead na Banna ar Shábháilteacht Bóithre, i Droichead na Banna i dTuaisceart Éireann, i bhFeabhra 2007. D'fhorbair Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann an Seó Bóthair ar Shábháilteacht Bóithre agus tá sé mar chuspóir aige spreagadh a thabhairt do thiománaithe óga agus iad siúd atá ag tosú ar bheith ag tiomáint, le go mbeadh meon níos freagraí acu i leith iompar tiomána sábháilte. Chomh maith leis sin, rinne Comhairle Contae Lú maoiniú ar an gclár rathúil, 'Drive for Life', atá á reáchtáil i gcúig mheánscoil i mbailte Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha.

### SEACHTAIN DHOMHANDA AR SHÁBHÁILTEACHT BÓITHRE

Agus iad ag iarraidh aird a dhíriú ar an gcéad, a bhí ar siúl ó 23 ú-29 ú Aibreán, shocraigh Comhairle Contae Lú, i gcomhair le húinéirí garáistí áitiúla, go mbeadh carranna scriosta á dtaispeáint agus an mana 'Slow Down – It Could Be You' orthu, agus iad suite go straitéiseach i seacht réamhchúirt garáiste áitiúla, rud a bhí ina rabhadh deiridh do thiománaithe agus iad ag dul ar na bóithre.

### 'BE SAFE, BE SEEN'

I mí na Samhna, chuir an Chomhairle feachtas poiblíochta, 'Be Safe, Be Seen', ar siúl ina rabhamar ag comhoibriú leis an nGarda Síochána, chun 1,200 veist ard-infheictheachta a dháileadh ar choisithe agus ar rothaithe, agus bhí ár maoir fhásta agus óga araon ag dáileadh bandaí sábháilteachta ar pháistí scoile.

### COISTE UM CHLÁR COISCTHE IMBHUAILTE

Tharla sé le linn 2007 gur athbhunaíodh an Coiste um Chlár Coiscthe Imbhuailte (CCI) do Lár agus Deisceart Lú. Bhí cruinnithe CCI Thuaisceart Lú á reáchtáil go ráithiúil le linn na bliana.

### SÁBHÁILTEACHT BÓITHRE TRASTEORANN

Bunaíodh grúpa oibre i Samhain 2007, a raibh Oifigigh Sábháilteacht Bóithre rannpháirteach ann ó Chontae Lú, Contae na Mí, Contae Mhuineacháin agus Contae an Chabháin. Bhí sé d'aidhm ag an ngrúpa clár a fhorbairt do chur chun cinn na sábháilteachta bóithre go réigiúnach.

### DEONTAIS FEABHSAITHE SÁBHÁILTEACHTA

Fuarthas deontais feabhsaithe sábháilteachta ar chostas íseal, ón NRA agus ón Roinn Iompair. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích bhí dromchlú neamhsciorrach ar an N53, Bóthar Bhaile na Lorgan, moilliú tráchta agus áiseanna feabhsaithe do thrasnú na gcoisithe ar an R934 (an N53, Bóthar Bhaile na Lorgan roimhe seo) an príomhnasc ón M1 agus ón mBaile, chomh maith le bacainn ar feadh imeall an charrbhealaigh ar Bhóthar Toberona le hais Abhainn Bhaile an Chaisleáin. Rinneadh oibreacha deartha don N53, Crosaire Bhaile Bháiltéir chomh maith.

## *Tacú le Pobail faoi Mhíbhuntáiste*

### CUIMSIÚ SÓISIALTA

Bhí an tAonad um Chuimsiú Sóisialta ar thús cadhnaíochta sa Phlean Frith-Chiníochais agus Éagsúlachta (ARD) do Lú, rud a seoladh i Samhain 2007. Is plean gníomhaíochta trí bliana idir gníomhaíochtaí ar fud na tíre é plean ARD Lú, chun treo agus ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil, le dul i ngleic le ciníochas agus chun sochaí níos cuimsithí agus níos ilchultúrtha a chruthú i Lú.

I measc na ngníomhaíochtaí eile a bhí ar siúl ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta le linn 2007, bhí cabhrú le bunú cór páistí cuimsitheach i nDún Dealgan – Guthanna Páistí na hÉireann. Tharla seisiúin chun feasacht a mhúscailt faoin bPlean um Chuimsiú Sóisialta agus faoin bPlean Frith-Chiníochais agus Éagsúlachta do Lú, i gComhairle Baile Dhroichead Átha i 2007, in éineacht le hathbhreithniú ar scéim sparánacht oideachais na nÚdarás Áitiúil i Lú. Cuireadh léiriúcháin ar siúl do na comhlachtaí agus na heagraíochtaí éagsúla, amhail DEJLR.

Lean an tAonad um Chuimsiú Sóisialta de bheith ag cur staidrimh agus eolais ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair faoi cheisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta agus rinneadh taighde agus anailís, lenar áiríodh suirbhéanna ar sholáthar seirbhíse do dhaoine gan dídean i Lú, agus ar rochtain do lucht míchumais ar sholáthar seirbhíse na nÚdarás Áitiúil i Lú.

## *Oidhreacht*

Seoladh an chéad phlean oidhreachta riamh do Lú i mBealtaine 2007. Ba é seo an chéad bhliain de chur i

bhfeidhm an phlean, le maoiniú flaithiúil á chur ar fáil ag an gComhairle Oidhreachta agus ó chistí Údaráis Áitiúla Lú chomh maith.

Chomh maith le clár feidhmiúcháin an phlean oidhreachta, rinneadh oibreacha feidhmiúcháin chomh maith ar phleananna caomhnaithe agus bainistíochta na mballaí baile i gCairlinn agus i nDroichead Átha, rud a rinneadh le maoiniú ón gComhairle Oidhreachta chomh maith.

Rud eile a seoladh le linn 2007 ná an Suirbhé Éiceolaíochta ar na Creagacha Dubha, gníomh a bhí á reáchtáil ag grúpa na mBailte Slachtmhara sna Creagacha Dubha, le cúnamh ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Contae Lú. Cuireadh cúnamh ar fáil chomh maith chun painéil eolais a thógáil sna Creagacha Dubha.

Tosaíodh ar obair fhorbartha ar thograí a bheidh ag feidhmiú amach anseo, lena n-áirítear moladh mór trasteorann do Geopark.

## CAOMHNÚ

Eagraíodh clár cuimsitheach d'imeachtaí le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta 2007, lenar áiríodh turas chuig suímh trasteorann. Osclaíodh Caisleán an Rí Eoin don chéad uair le roinnt blianta anuas. Tógadh samhail de gheata an bhaile in aice le Caisleán Taaffe. Bhronn Fáilte Ireland Teastas Feabhais orainn le haghaidh Lá na mBailte le Ballaí, i gCairlinn.

Osclaíodh Geata Labhráis i nDroichead Átha don phobal don chéad uair le blianta fada, ag an deireadh seachtaine don lá saoire bainc le linn Dheireadh Fómhair.

## COMHAIRLEOIR NA SÉADCHOMHARTHAÍ ALLAMUIGH

Thug Comhairleoir na Séadchomharthaí Allamuigh cuairt ar bhreis is 80 suíomh séadchomhartha (lenar áiríodh 25 seanreilig). Rinne sí obair le ceithre scoil agus bhí poiblíocht an-mhaith sna meáin chumarsáide mar gheall air. Reáchtáil sí imeachtaí poiblí chomh maith ar bhainistíocht reiligí, lenar áiríodh caint a rinne Cathaoirleach Conhairle Contae Lú agus cainteoirí ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Éanna Ní Lamhna.

## CAOMHNAITHE

Bhí na forálacha um chosaint na hOidhreachta Ailtireachta athluaite san Acht Pleanála & Forbartha 2000, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2000, faoi fhorálacha an Achta um Rialtas Áitiúil (Pleanáil & Forbairt) 1999. Lean an tOifigeach Caomhnaithe, atá comhfhostaithe in éineacht le Comhairle Contae na Mí, dá hobair sa réimse seo le linn 2007. Ceadaíodh agus íocadh iomlán 18 ndeontas do dheisiúcháin ar dhíonta, obair chloiche, fuinneoga agus ar thuíodóireacht le linn 2007, ar chostas iomlán €138,960.

Rinneadh obair ar shuirbhé geoifisiceach ag Mainistir Bhuithe, i gceangal le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, chun eolas a fháil le haghaidh forbairt plean caomhnaithe amach anseo don suíomh mór.

# *Seirbhísí Éigeandála*

## COSAINT SHIBHIALTA

Tharla sé le linn 2007 gur seoladh feisteas oibre ard-infheictheachta nua praiticiúil, do bhaill na Cosanta Sibhialta i Lú agus ar fud na tíre. Bhí sé d'éifeacht aige seo gur feabhsaíodh íomhá na heagraíochta agus gur cuireadh muid ar aon dul le heagraíochtaí cosúla eile ar fud an domhain. Chomh maith leis sin, chuir Bord na Cosanta Sibhialta mionbhus nua Ford Transit ar fáil do bhaill na Cosanta Sibhialta i Lú agus bád inséidte nua Grand Raid do chuardach agus athshlánú ar aibhneacha agus ar locha.

Lean na baill dá n-oiliúint sna disciplíní éagsúla sa chontae agus eagraíodh laethanta oiliúna réigiúnacha i réimsí na tarrthála teicniúla, comhrac dóiteáin, báid agus garchabhair. D'éirigh go han-mhaith le baill Lú i mBealtaine ag an gCleachtadh Náisiúnta san Inbhear Mór, ina rabhthas ag díriú ar scileanna tarrthála teicniúla.

Chuir daoine deonacha ó Chosaint Shibhialta Lú clúdach garchabhrach ar fáil ag go leor imeachtaí pobail i Lú agus ar fud an réigiúin. Bhí na sluaite móra daoine i láthair ag ceolchoirmeacha an tsamhraidh ag Oxegen, Baile Shláine agus Electric Picnic, áiteanna ar cuireadh na ceachtanna a foghlaimíodh sa seomra ranga i bhfeidhm, i gcásanna strusmhara fíor-shaoil.

## SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN LÚ

Is éard atá i gceist le Seirbhísí Dóiteáin Lú, ná Seirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan, Seirbhís Dóiteáin Dhroichead Átha agus Seirbhís Dóiteáin Chontae Lú, agus iad go léir ag obair le chéile chun clúdach dóiteáin oibríochtúil a chur ar fáil do mhuintir Lú. Bíonn go leor seirbhísí á gcur ar fáil ag an gCosc Dóiteáin agus Rialáil Foirgneamh atá lonnaithe i gComhairle Contae Lú, lena n-áirítear próiseáil na n-iarratas ar theastas sábháilteacht dóiteáin, cigireachtaí foirgneamh le haghaidh sábháilteacht dóiteáin chomh maith le clár cigireachta agus feidhmiúcháin do Rialáil Foirgneamh.

### IONAD OILIÚNA

Chuir Seirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan iarratas isteach ar mhaoiniú chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chun síneadh suntasach a chur le hIonad Oiliúna Dhún Dealgan. Bíonn an tIonad Oiliúna in úsáid chun réimse leathan d'oiliúint a chur ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin ó gach cearn den tír. Cuireadh dhá fhearas dóiteáin nua ar fáil d'Ionad Oiliúna Dhún Dealgan agus soláthraíodh Iompróir Pod nó buninneall, lenar féidir réimse aonad in-íosluchtaithe a iompar le haghaidh Sheirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan, de réir mar a bhíonn siad ag teastáil, mar shampla eachtra mhór, eachtra le ceimiceáin.

### STÁISIÚN DÓITEÁIN NUA I nDROICHEAD ÁTHA

Críochnaíodh stáisiún dóiteáin nua do Sheirbhís Dóiteáin Dhroichead Átha, nach mór, ag deireadh 2007. Dhear Ailtirí Grafton ó Bhaile Átha Cliath an stáisiún agus thóg Brendan

*Cosaint Shibhialta éadaí oibre nua*



*Cuairt a thug gasóga Ó Méith & Chairlinn ar Stáisiún Dóiteáin Chairlinn*




Duffy Construction ó Dhún Dealgan é. Tá an stáisiún nua ag dul in áit na seanáise ar Shráid Scarlet agus is feabhsú mór é ar choinníollacha oibre na gcomhraiceoirí dóiteáin a bhí ag obair ansin. Ar na háiseanna nua atá ann, tá seomra feistis tiomnaithe, áiseanna ceathanna, seomra aclaíochta tiomnaithe agus seomra oiliúna saintógtha. Tá an áis nua in ann glacadh le trealamh uasghrádaithe, áiseanna cothabhála agus ceardlann mheicniúil shaintógtha le dhá bhá. Tá córais eastarraingthe d'astuithe díosail feistithe ar fud na háite. Tógadh túr oiliúna ceithre stór chomh maith, le feabhsú breise a dhéanamh ar na háiseanna oiliúna sa stáisiún.

Rinneadh machnamh ar cheisteanna comhshaoil i dtógáil an stáisiúin 7 mbá. Bítear ag cur leis an bhfuinneamh le teicneolaíochtaí gréine agus gaoithe araon agus úsáidtear modhanna bailithe báistí chomh maith. Dearadh an foirgneamh chun go mbainfí an oiread úsáide as solas nádúrtha agus is féidir, chun an úsáid fuinnimh a laghdú. Tá comhfhearas nua á chur le chéile, le soláthar do Sheirbhís Dóiteáin Dhroichead Átha le linn 2008. Beidh gnáthfhreastalán uisce i gceist le hardán hiodrálach, a bheidh in áit dréimirí ar an díon, rud a bheidh an-oiriúnach do rochtain ar fhoirgnimh arda i nDroichead Átha.

### PLEANÁIL ÉIGEANDÁLA

Nuair a ceapadh Príomhoifigeach Dóiteáin cúnta nua do Phleanáil Éigeandálacha Móra, cuireadh clár éigeandála mór nua i bhfeidhm le linn 2007. Bhí sé mar chuid de seo go ndearnadh athbhreithniú suntasach ar agus gur glacadh le Plean Éigeandála Mór nua, faoina bhfuil pleananna éigeandála seachtracha le haghaidh dhá shuíomh thionsclaíocha de chuid Seveso i nDroichead Átha á gcuimsiú, ina bhfuil substaintí dainséaracha le fáil. Chomh maith leis sin, reáchtáladh cleachtadh éigeandála i Nollaig 2007 ag Flogas i nDroichead Átha.

### TREALAMH DÓITEÁIN NUA

Fuair Seirbhís Dóiteáin Dhún Léire Veain nua Mercedes chun an freagra oibríochtúil a fheabhsú i gceantar Dhún Léire. Fuair Stáisiún Dóiteáin Chairlinn fearas dóiteáin nua Aicme B, a bhfuil córas brúite aeir úrscothach do chúr mar chuid de. Cuirtear éifeachtúlacht níos mó ar fáil leis an bhfearas seo in úsáid uisce, chomh maith le dochar comhshaoil a laghdú agus cúr den scoth do chomhrac dóiteáin a chur ar fáil. Tá sé seo agus na huirlisí tarrthála hiodrálacha ó Holmatro, mar fheabhsú suntasach ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do mhuintir Leithinis Chuaille.

### PÁIRTÍOCHT NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN

Leanann Páirtíocht na Seirbhíse Dóiteáin de bheith ag cothú agus ag éascú dul chun cinn maidir le réimse mór ábhar a bhaineann leis an tseirbhís dóiteáin agus is mór an chreidiúint í do thiomantas na ndaoine atá páirteach ann. Tá Seirbhís Dóiteáin Lú ag súil le feabhsú a dhéanamh ar an tseirbhís do chustaiméirí agus le cur le feabhsú chaighdeán na beatha do shaoránaigh Lú le linn 2008.

## SÁBHÁILTEACHT UISCE

Rinneadh measúnacht priacail ag Curly Hole ar Abhainn na Bóinne agus tosaíodh ar na hoibreacha a moladh dá réir. Táthar ag súil leis go gcríochnófar iad seo in earrach 2008.

Cuireadh Gardaí Tarrthála ar thránna le Bratach Ghorm, le linn an tséasúir snámha.

# SPRIOC4

*Chun leas a bhaint as rannpháirtíocht pobail, ceannaireacht shibhialta a chur ar fáil agus bród sibhialta a chur a spreagadh*

## *Riaradh Mhaoiniú an Tascfhórsa de chuid PEACE II, a bhí á stiúradh ag an gComhairle Contae*

### TASCFHÓRSA PEACE II Á STIÚRADH AG COMHAIRLE CONTAE LÚ

Le linn 2007, lean Tascfhórsa Peace II, a bhí á stiúradh ag Comhairle Contae Lú, de bheith ag tacú le 25 togra ar tugadh maoiniú dóibh faoi Chlár Sínte Peace II 2005-2006. Cuireadh iomlán €1,449,000 ar fáil faoin gclár, ar mhaithe le tacú leis na tionscnóirí i bhforbairt a dtograí.

Faoi dheireadh 2007, bhí iomlán €522,326.38 caite de bhuiséad iomlán Shíneadh Peace II, le cabhrú leis na tograí seo.

Bhí go leor de na tograí a maoiníodh faoi Chlár Sínte Peace II críochnaithe cheana féin, i dtreo dheireadh 2007.

Baineadh amach an sprioc N+2 a socraíodh ag €700,000 do 2007, faoi Mheitheamh na bliana céanna.

Rinne Cúirt Eorpach na nIniúchóirí iniúchadh ar Thascfhórsa Síochána II de chuid Lú, ar 28 Meitheamh 2007.

Rinne Comhlacht Chláir Speisialta an AE iniúchadh ar an Tascfhórsa i nDeireadh Fómhair 2007.

## *Spreagadh bróid níos mó as ár gcomhshaol*

### NA BAILTE SLACHTMHARA

Ba í 2007 an bhliain ba rathúla go dtí seo maidir le feachtas an chontae le haghaidh na mbailte slachtmhara, agus boinn óir faighte ag Baile an Tallúnaigh agus Droichead an Cnoic agus a bhonn airgid coinnithe ag Dún Dealgan. Ba é Lú an contae ba rathúla i réigiún an lár-oirthir agus chomh leis na boinn a bronnadh, d'éirigh leis na Creagach Dubha an Gradam Bithéagsúlachta Réigiúnach a bhuachan, bhuaigh Ceann an Chlochair Duais na hIontrála Nua is Fearr go náisiúnta sa chatagóir daonra, bhuaigh The Remnant Basket i nDún Dealgan an gradam don Tosach Siopa is Fearr sa Réigiún agus bhuaigh Áth na gCasán Gradam Dianiarrachta dá fheidhmíocht, a bhí tar éis feabhsú go suntasach.

Tarraingíodh aird bhreise ar rath fheachtas an chontae, nuair a d'ainmnigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Baile an Tallúnaigh le dul san iomaíocht ina chatagóir daonra i nGradaim Uile-Éireann na mBaile is Pioctha agus thug sé an svae leis sa chatagóir sin.

Ag leibhéal an Chontae, d'eagraigh gach ceann de na trí údarás áitiúla feachtais an-rathúil agus thug Baile an

*Stáisiún Uí Chléirigh, Dún Dealgan*




Tallúnaigh an svae leis mar Bhuaiteoir Iomlán i gComórtas Chomhairle Contae Lú le haghaidh na nEastát/nDúichí Slachtmhara agus bhí caighdeáin an-ard i gceist leis na catagóirí go léir sa Chomórtas 'Feabhsaigh ár mBaile' de chuid Dhún Dealgan. Sheol Comhairle Baile Dhroichead Átha a scéim gradaim comhshaoil, 'Drogheda on the Boyne', a raibh rannpháirtíocht mhór ann sa chéad bhliain.

### GRADAIM D'FHEABHSÚ ÁR mBAILE 2007

Rinne Comhairle Baile Dhún Dealgan an comórtas bliantúil urraithe, Feabhsaigh do Bhaile, a chur i láthair i Meán Fómhair. Bronnadh 53 duais ar an oíche ar chumainn áitritheoirí, grúpaí pobail, daoine tí éagsúla agus ar an bpobal gnó, mar aitheantas dá n-iarrachtaí chun cuma an bhaile a fheabhsú.

**Buaiteoirí Iomlána:**

| | | |
|---|---|---|
| Eastát is Fearr: | Catagóir A: | Priorland Grove |
| | Catagóir B: | Willow Grove |
| | Catagóir C: | Ard Easmuinn |
| Údarás Áitiúil & Tithíocht Dheonach is Fearr: | An Chearnóg | |
| Gairdín Aonair is Fearr: | Paddy Myers, 8 Castletown Cottages | |
| Teach Tábhairne is Fearr: | The Jockeys, Sráid Áine | |

Áitreabh is Feabhsaithe: Luzzious, The Longwalk
Foirgneamh Poiblí is Fearr: Stáisiún Traenach Uí Chléirigh
Gradam Feasacht Bruscair: Diageo, Bóthar na Carraige

## CLÁR COMHSHAOIL NA SCOILEANNA

Go háitiúil, bhí an bhliain ba rathúla go dtí seo ag Scéim Gradaim Comhshaoil na mBunscoileanna, le 41 iontráil san iomaíocht ag caighdeán an-ard. Bhí idir ghradaim phlatanaim agus chré-umha á mbronnadh ar scoileanna agus é ag brath ar chéatadán na marcanna iomlána a baineadh amach agus bhí sé soiléir go raibh an fheasacht agus an tiomantas comhshaoil níos mó ná riamh.

Treisíodh rannpháirtíocht Lú i scéim na mBratach Glas a thuilleadh, nuair a bronnadh seacht mbratach sa bhreis le linn na bliana, rud a d'ardaigh líon na mbratach scoile sa chontae go dtí 24. Eagraíodh Ceardlann Scoileanna Glasa an-rathúil le linn mhí Mhárta, mar spreagadh agus tacaíocht do scoileanna eile a bheith rannpháirteach sa tionscnamh agus bhí sé mar thoradh air seo gur chuir 16 scoil eile iarratas isteach ar Bhratach Ghlas i Nollaig agus na gradaim le bheith bronnta sa chéad chuid de 2008.

Sheol Comhairle Contae Lú a Díospóireacht Mhór. Díospóireacht comhshaoil sna meánscoileanna í seo, a raibh an-rath uirthi agus ar éirigh le Meánscoil Naomh Uinseann i nDún Dealgan an bua a fháil inti, tar éis iomaíocht ghéar le CBS Naomh Seosamh i nDroichead Átha.

*Daltaí ó Scoil Mhuire na Trócaire i mBaile Átha Fhirdhia ag fáil a gcuid duaiseanna sa Chomórtas Athchúrsála Maisithe Nollag*




## GLANTACHÁN NÁISIÚNTA EARRAIGH

Chuaigh breis is 4,000 duine deonach amach ar bhóithre agus ar bhóithríní Chontae Lú le linn mhí Aibreáin, le bheith páirteach sa tionscnamh frith-bhruscair is mó in Éirinn; An Glantachán Earraigh Náisiúnta. Bhí an rannpháirtíocht is fearr riamh le sonrú i Lú, le breis is 200 glantachán á n-eagrú ag scoileanna, cumainn áitritheoirí, grúpaí pobail, gnólachtaí agus eagraíochtaí spóirt, le tacaíocht ó na trí údarás áitiúla go léir.

## FEACHTAIS COMHSHAOIL GHINEARÁLTA

Rinne Rannóg Comhshaoil na Comhairle obair le cumainn áitritheoirí, grúpaí na mBailte Slachtmhara agus scoileanna, ar roinnt feachtas eile le linn na bliana, lenar áiríodh Seachtain Náisiúnta na gCrann, Paráid Lá Fhéile Pádraig agus An Comórtas d'Athchúrsáil Maisiúcháin Nollag agus bhí siad seo go léir á moladh go mór i measc an phobail le linn na bliana.

# *An Chomhairle Contae Shóisearach agus Comhairle na nÓg*

## AN CHOMHAIRLE SHÓISEARACH, 2007

*Cuairt na Comhairle Sóisearaí ar Dháil Éireann, Márta 2007*



Bhuail Comhairle Shóisearach Lú le chéile cúig huaire le linn 2007, lenar áiríodh cuairt rathúil ar Dháil Éireann le linn mhí Mhárta. Chuir ceathrar Teachtaí Dála Lú fáilte roimh na Comhairleoirí Sóisearacha agus tugadh iad ar turas faisnéiseach ar fud na Dála agus an tSeanaid.
I measc na n-ábhar a pléadh ag Cruinnithe na Comhairle Sóisearaí i 2007 bhí:

- Tionscnaimh tiomsaithe airgid don Mhaláiv, san Afraic.
- Togra ríomhairí do scoileanna de chuid CAMARA.
- Sábháilteacht ar bhóithre.
- Eisiamh óige.
- Seirbhísí ospidéil san oir-thuaisceart.
- Áiseanna caitheamh aimsire do dhaoine óga.
- Cártaí lascaine do mhic léinn.
- Oideachas óige dearfach.

Le linn 2007,.bhí Comhairleoirí Sóisearacha Lú ag obair go dlúth le Clár na Nuálaithe Sóisialta Óga Náisiúnta chomh maith. Le linn 2007.

## COMHAIRLE NA nÓG

Lean Comhairle na nÓg i Lú de bheith i dteagmháil go dlúth leis an Oifig Náisiúnta Leanaí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, go

háirithe maidir le forbairt plean straitéiseach cúig bliana do Chomhairle na nÓg.

Tharla na himeachtaí áitiúla go luath le linn 2007 agus bhí cúigear toscairí ó Lú, lenár áiríodh beirt ó Youth Work Ireland (NE), i láthair ag imeacht Dháil na nÓg i bPáirc an Chrócaigh i bhFeabhra 2007.

## *Daonlathas Rannpháirtíoch*

### COISTÍ POLASAÍ STRAITÉISIGH (CPS)

#### CPS TITHÍOCHTA, POBAIL & FIONTRAÍOCHTA

Bhuail an CPS Tithíochta, Pobail agus Fiontraíochta le chéile cúig huaire in aghaidh na bliana. Tharla an chéad chruinniú i mBealtaine agus rinneadh forbhreathnú iomlán ar na príomhfheidhmeanna tithíochta go léir. Ceisteanna eile a ndearnadh déileáil leo le linn 2007 ná doiciméad polasaí rialtais nua, Soláthar Áiteanna Cónaithe, Cothú na bPobal, staidéar taighde ar oibriú go deonach, Plean Frith-Chiníochais agus Éagsúlachta, Plean Caomhnaithe Chairlinn, Cuid V, Straitéis Frith-Bhochtaineachta, Polasaí Sábháilteacht Pobail, polasaí ar ainmniú na n-eastát tithíochta nua, scéim do leithdháileadh na tithíochta inacmhainne agus scéimeanna deontais nua d'oiriúnú na n-áiteanna cónaithe agus d'áiseanna soghluaisteachta do dhaoine faoi míchumas agus cúnamh tithíochta do sheandaoine.

#### CPS BONNEAGAIR

Bhuail an coiste seo le chéile trí huaire le linn 2007. Tógtar na baill ó na hearnálacha seo a leanas: An túdarás áitiúil, gnó, pobal agus deonach. I measc na bpríomhpholasaithe a ndearnadh déileáil leo le linn na bliana bhí:

- Bearta moillithe tráchta.
- Athbhreithniú ar an teorainn luais.
- Fo-dhlíthe seirbhísí uisce.
- Riachtanais Infheictheachta ar bhóithre réigiúnacha.

Rinneadh léirithe don choiste le linn na bliana ar leathbhanda taobh istigh den chontae (nuashonrú) agus ar Shábháilteacht ar Bhóithre.

#### CPS PLEANÁLA

Rinne an Coiste um Polasaí Straitéiseach Pleanála machnamh ar na príomhréimsí polasaí de Phlean Forbartha an Chontae, d'fhonn seasaimh a ullmhú roimh an athbhreithniú ar an bplean, a thosóidh le linn 2008. Is iad na réimsí polasaí a ndearnadh machnamh orthu ná an Timpeallacht Thógtha agus Nádúrtha (Caibidil 2 den Phlean), an Straitéis Lonnaíochta agus Tithe Aonair faoin Tuath (Caibidil 4 den Phlean) agus Iompar (Caibidil 8 den Phlean). Chomh maith leis sin, cuireadh an coiste ar an eolas faoin dul chun cinn ar Bhonneagar Iartharach Dhroichead Átha agus ar an moladh a bhí curtha isteach ag Comhairle Baile Dhún Dealgan do mhaoiniú faoin gCiste Tionscnamh Geata agus ar fhoilsiú an staidéir 'Éiceolaíocht na gCreagacha Dubha', le Coiste na mBailte Slachtmhara sna Creagacha Dubha. Rinne an coiste plé chomh maith ar oibriú Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, i gContae Lú, tar éis gur cuireadh an t-ábhar ar aghaidh ó chruinniú na Comhairle Contae i Mí Mheithimh.

#### CPS SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL AGUS ÉIGEANDÁLA

Bhuail CPS na Seirbhísí Comhshaoil le chéile 8 n-uaire in aghaidh na bliana le linn 2007. Rinneadh dul chun cinn ar cheisteanna móra polasaí, lenar áiríodh:

- Bainistíocht Comhshaoil Inbhuanaithe.
- Plean Bainistíocht Bruscair.
- Plean Bithéagsúlachta.
- Athchúrsáil/bainistíocht na sruthanna dramhaíola.
- Ceisteanna suntasacha faoi bhainistíocht uisce.

#### CPS CORPARÁIDEACH, CAITHEAMH AIMSIRE AGUS TAITNEAMHACHTA

Bhí ceithre chruinniú ag an CPS Corparáideach, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta, le linn 2007. I measc na gceisteanna polasaí móra a ndearnadh dul chun cinn leo bhí:

- Straitéis Caitheamh Aimsire agus Spóirt don Chontae
- Scéim Teangacha Oifigiúla
- Soláthar clóis súgartha

### COISTÍ POLASAÍ BHARDASAIGH (CPB)

#### CPB COMHSHAOIL CBDD

Bhuail an coiste seo le chéile ceithre huaire le linn 2007. I measc na gceisteanna móra a ndearnadh déileáil leo bhí:

- Straitéis Spóirt agus Caitheamh Aimsire don Chontae
- Polasaí faoi mheaisíní díola i bhfoirgnimh faoi smacht na n-údarás áitiúil.
- Gradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2007.

#### CPB PLEANÁLA CBDD

Bhí ceithre chruinniú le linn na bliana ag an CPB Pleanála agus Forbartha. Ba iad na príomhcheisteanna a ndearnadh déileáil leo ná:

- Athbhreithniú ar Pholasaí HP7 – Forbairt tithíocht inlíonta, forbairt na suímh cúil agus athfhorbairt le haghaidh tithíochta.
- Plean Creata um Straitéis Forbartha agus Dearadh Uirbeach do Lár Bhaile Dhún Dealgan – comhairliúchán réamh-dhréachta le comhairligh.
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Dhún Dealgan agus a Chomharsanacht.
- Forbairt gan chead/Cur i bhfeidhm.

#### CPB TITHÍOCHTA CBDD

Bhuail an CPB Tithíochta le chéile ceithre huaire le linn na bliana. Is iad na príomhábhair polasaí a ndearnadh déileáil leo ná:

- Polasaí ar iompar frith-shóisialta.
- Polasaí athligin.
- Scéim féin-chabhrach.
- Oibriú comhlachtaí bainistíochta in eastáit phríobháideacha.

*Fóram Pobail agus Deonach Chontae Lughaí, Ócáid Spáis Oscailte, Aibreán 2007*



*Scoil Mhuire na nGael, a bhuaigh an Comórtas Póstaeir do Chriosanna Sábhála*



### CPB BONNEAGAIR CBDD

Bhuail an CPB Bonneagair le chéile ceithre huaire le linn na bliana. Is iad na príomhábhair polasaí a ndearnadh déileáil leo ná:

- Ciste Nuálaíocht Geata.
- Gréasáin Ceantair Bhardasaigh.

## FÓRAM POBAIL AGUS DEONACH AN CHONTAE

Bunaíodh Fóram Pobail agus Deonach Chontae Lú i 2000, chun cur ar fáil a dhéanamh d'ionadaíocht agus rannpháirtíocht na hearnála pobail agus deonaí. Ó bunaíodh é, tá struchtúr an Fhóraim bunaithe ar fhóraim trí cheantar, a bhaineann le deighiltí toghcháin sa chontae, agus fóram contae amháin, ina bhfuil ionadaithe ó fhóraim na dtrí cheantar.

Bíonn an ionadaíocht ag feidhmiú ar na leibhéil seo a leanas:

1. Ionadaíocht na ngrúpaí pobail agus deonacha ag fóraim na gceantar.
2. Ionadaíocht na bhfóram ceantair ag an bhfóram contae.
3. Ionadaíocht an fhóraim contae ag na grúpaí agus na coistí éagsúla a bhíonn ag lorg ionadaíochta 'ón bpobal'.
4. Fóraim eantair/Earnáil Pobail agus Dheonach ag Coistí Ceantar Leathnaithe.
5. Cuid de na comhlachtaí a mbíonn Ionadaithe Pobail agus Deonacha rannpháirteach iontu ná: CDB Lú, Tascfhórsa Peace II, Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí; Comhchoiste Póilíneachta, Droichead Átha; CPSanna Chomhairle Contae Lú agus CPB na gComhairlí Baile; Coiste Cúram Leanaí Chontae Lú; Fóram Pobail Náisiúnta; Louth Leader Company; Fóram na Teorann.

Tugtar spreagadh do na baill freastal ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir oiliúna a bhíonn á reáchtáil ag gníomhaireachtaí eile, a bhíonn bainteach lena rólanna ionadaíocha taobh istigh den fhóram. Lean an obair ar aghaidh le linn 2007, chun obair an fhóraim a chur chun cinn agus chun baill nua a mhealladh isteach. Rinneadh é seo go príomha trí obair Oifigeach Forbartha an Fhóraim Pobail, trí dhíriú ar ghrúpaí nua agus chun athchuairt a thabhairt ar bhaill roimhe seo.

Bhí an fóram páirteach sa phróiseas comhairliúcháin do roinnt pleananna don chontae go léir, a bhí á bhfoirmliú ag Comhairle Contae Lú, lena n-áirítear Straitéis don Lucht Siúil, Saorálaíochas, Frith-Chiníochas agus Éagsúlacht.

Fócas a bhí ag an bhfóram le linn 2007, ná ar mheasúnú a staid reatha tar éis 6/7 mbliana ó cruthaíodh é agus an treo amach anseo. Rinneadh roinnt gníomhartha ina leith seo.

Rinneadh athbhreithniú ar Bhunreacht an Fhóraim, agus cuireadh dréacht-doiciméad le chéile, inar leagadh síos bunús do ghlacadh bunreachta nua le linn 2008.

Reáchtáladh imeacht Spáis Oscailte leis an bhfóram, le linn Aibreán 2008 (seo cur chuige i leith comhairliúcháin le pobail), le díriú ar an bpríomhábhar: cén chaoi is fearr chun freastal ar riachtanais, dearcadh agus tuairimí na hearnála pobail agus deonaí i gContae Lú.

# *Fáiltithe Sibhialta*

## COMHAIRLE CHONTAE LÚ

| | |
|---|---|
| 22ú Feabhra 2007 | Ceiliúradh céid d'fhoireann peile 1957. |
| 29ú Bealtaine 2007 | Karate. Feachtas póstaeirí do criosanna sábhála. |

## DROICHEAD ÁTHA

| | |
|---|---|
| 30ú Márta 2007 | Searmanas Sibhialta do Choiste an Highlanes Gallery. Gradaim an Mhéara. |

Bronnadh Gradaim an Mhéara ar:

- *Jimmy Weldon*

Mar aitheantas dá obair mar ghrianghrafadóir agus é ag léiriú

agus ag taifeadadh staid athraitheach Dhroichead Átha agus na daoine ina gcónaí ann.

- *David Clarke*

Mar aitheantas dá éachtaí mar snámhaí i gComórtas Domhanda Shiondróm Down.

- *Kelly Fincham*

As a cuid oibre ar son na nÉireannach mídhleathach i SAM.

- *An tAthair Iggy O'Donovan*

As an gcuid oibre mar shagart san Eaglais Agaistíneach, áit ar cuireadh reiligiún i lár an aonaigh ar fháthanna maithe, nuair atá laghdú ag teacht ar an bhfreastal ar aifreann.

## DÚN DEALGAN

| | |
|---|---|
| 17ú Aibreán 2007 | Foirne an Chomórtais Dhomhanda Haca Oighir. |
| 12ú Meitheamh 2007 | An Staraí Áitiúil, Harold O'Sullivan |

### OSCAILTÍ OIFIGIÚLA

D'oscail CBDD na rudaí seo a leanas go hoifigiúil chomh maith:

| | |
|---|---|
| 5ú Meitheamh 2007 | Páirc Dúiche Mhuirtheimhne Mór. |
| 24ú Samhain 2007 | Cosán cois abhainn agus Raon Rothar Bhaile an Chaisleáin. |
| 19ú Nollaig 2007 | Cuimhneachán d'Íospartaigh Buama i nDún Dealgan. |
| 20ú Nollaig 2007 | Gairdíní San Lionard. |

## FÁGANN CONTAE LÚ SLÁN LEIS AN mBAINISTEOIR CONTAE

Fágadh slán leis an mBainisteoir Contae, Ms Martina Moloney, ag ócáid i Halla an Chontae ar 1 Meitheamh 2007. D'fhág Ms Moloney Lú tar éis trí bliana rathúla ina post, le glacadh le post mar Bhainisteoir Contae na Gaillimhe. Guíonn ionadaithe tofa, bainistíocht agus foireann na nÚdarás Áitiúil i Lú rath ar Martina Moloney ina gairm bheatha amach anseo.

*Ionadaithe tofa, bainistíocht agus foireann na nÚdarás Áitiúil i Lú agus iad ag guí ratha ar Martina Moloney ina gairm bheatha amach anseo*



## *Grúpaí pobail a éascú chun páirtíochtaí trasteorann a fhorbairt agus le teacht ar dheiseanna maoinithe trasteorann opportunities*

## MAOINIÚ TRASTEORANN

Ós údarás áitiúil teorann é Comhairle Contae Lú, baineann an contae leas go fóill as dlúthshineirge leis na comhairlí comharsanacha sa Tuaisceart, lena n-áirítear Comhairle Dúiche an Iúir & Mhúrna, Comhairle Dúiche Dhroichead na Banna, Comhairle Baile Craigavon agus ball-chomhairlí Choiste Réigiúnach na hOir-Theorann.

Cuireadh maoiniú suntasach trasteorann ar fáil do na comhairlí ar dhá thaobh na teorann, mar gheall ar an dlúthchaidreamh oibre, agus cuireadh tograí nuálaíocha ar bun go rathúil, ina ndéantar scrúdú ar chiníochas agus ilchultúrachas, an geilleagar sóisialta agus an meáin chumarsáide.

### IOMLÁN AN MHAOINITHE TRASTEORANN LE hAGHAIDH 2007

| | |
|---|---|
| Togra Challenge of Change | €218,951 |
| Clár Buiséadaithe don Gheilleagar Sóisialta | €30,435.26 |
| Clár Sínte Peace II | €548,341.10 |
| Coimisiún Scannán Lú | €97,500 |

## OIDHREACHT

Is togra turasóireachta trasteorann atá bunaithe ar oidhreacht é Borderlands, atá á mhaoiniú ag InterregIII. Is é Comhairle Dúiche Dhroichead na Banna atá mar cheann-údarás. Díríonn sé ar úsáid a bhaint as oidhreacht réigiún teorann an oirthir, go háirithe nuair a bhaineann sí le teorainneacha ársa agus seanaimseartha, chun turasóirí a mhealladh chuig an gceantar. Seolfar é ag Ionad Eamhain Mhacha i gContae Ard Mhacha i mí Bhealtaine.

## TOGRA DISCOVER-ICT

Tá an togra Discover-ICT dírithe ar ghnólachtaí beaga, grúpaí pobail agus úsáideoirí baile. Tá sé mar aidhm ag an togra an ruaig a chur ar an eagla atá ar dhaoine roimh theicneolaíochtaí nua, amhail daoine nach bhfuil taithí acu ar TFC nó nach raibh aon teagmháil acu le teicneolaíocht roimhe seo agus chun inrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine nach bhfuil aon teacht acu ar TFC.

I measc na seirbhísí a chuirimid ar fáil tá:

- Tús eolais ar na heilimintí bunúsacha de TFC mar shampla béarlagair teicniúil, nuair atá ríomhaire pearsanta nó ceamara digiteach á cheannach.
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil ar gach rud a bhaineann le TFC.

*Lá 'Silver Surfers' Trasteorann leis an Northern Group, Everybody Online agus Discover-ICT*




- Cabhair sa bhreis a fháil (mar shampla riachtanais crua-earraí, suiteáil srl.).
- Oiliúint bhunúsach TFC a chur ar fáil saor in aisce.
- Cúrsaí oiriúnacha a mholadh le haghaidh forbairt foirne/phearsanta.
- Iniúchtaí a dhéanamh ar do riachtanais TFC.
- Feasacht faoi theicneolaíocht nua a chur chun cinn trí fhor-rochtain.
- Chun piocúlacht san oiliúint TFC a mhéadú ar fud na n-earnálacha agus na réigiún.
- Úsáid ríomhthráchtáil agus ríomhghnó a chur chun cinn.

Tá oiliúint bhunúsach TF curtha ar fáil againn do thuairim is 120 duine i Lú. Bhain an fhoireann leas as na háiseanna leabharlainne chun na cúrsaí a chur ar fáil. Bhain 20 gnólacht leas as ár seirbhís chomhairleachta TFC i réigiún Lú. Cuireadh oiliúint ar fáil do 10 ngrúpa pobail éagsúla. Tá roinnt imeachtaí trasteorann 'silver surfers' curtha ar siúl againn.

Chaith an fhoireann trí lá san oifig cánach le léiriú do dhaoine cé chomh héasca is atá sé cáin cairr a íoc ar líne.

Aimseofar na spotaí dubha go léir le suirbhé cuimsitheach leathanbhanda don chontae. Cuireadh foirmeacha amach go dtí na bunscoileanna go léir sa chontae agus iarradh ar gach teaghlach an suirbhé a líonadh isteach. Fuarthas go leor freagraí ar ais.

## BONNEAGAIR

Bhí an Rannóg Bonneagair i bpáirtíocht lenár gcomhghleacaithe i gComhairlí Dúiche an Iúir agus Mhúrna agus le hÚdaráis Áitiúla eile Thuaisceart Éireann, chun roinnt tograí a sholáthar, a bhí á maoiniú faoi chlár Interreg IIIA.

Sa bhliain 2007, rinneamar áiseanna mara feabhsaithe a chríochnú ag Cé Chairlinn, Ó Méith, agus Greers. Thosaíomar chomh maith ar sheachadadh na n-oibreacha faoi thogra 'A Vision for our Coastlines', ina mbeifear ag cur soilse poiblí sa bhreis agus leithris phoiblí athchóirithe ar fáil sna Creagacha Dubha chomh maith le ceantar radhairc a chur ar fáil ag Port Oirialla. Le linn 2008, beidh oibreacha ar siúl ag Áth na gCasán mar chuid den togra seo, chun na háiseanna taitneamhachta ag an gcuan a fheabhsú. Chuir foireann na stiúrthóireachta scéimeanna feabhsaithe bóithre agus sráidbhailte ar fáil chomh maith, a bhí á maoiniú ag Clár agus LEADER.

Tá bunsraith leagtha síos again chun go mbunófar grúpa úsáideoirí cuain i bPort Oirialla agus Áth na gCasán. Cuirfear na grúpaí comhairleacha seo ar bun le linn 2008.

## *Tacú le tionscnaimh chun feasacht a mhúscailt faoi stair agus oidhreacht áitiúil*

## SEIRBHÍS CARTLANN CHONTAE LÚ

### TOGRA CARTLAINNE TRASTEORANN

Ba é an phríomhfhorbairt i Seirbhís na gCartlanna le linn 2007 ná tosú Togra Cartlann Trasteorann, in éineacht le hIarsmalann an Iúir agus Mhúrna. Fuair an togra seo maoiniú €140,146 ón AE, trí Chlár Interreg IIIA, atá á bhainistiú do Chomhlacht Clár Speisialta an AE ag Páirtíocht Interreg IIIA Réigiún na hOir-Theorann.

Is é aidhm an chláir ná cartlanna agus eolas faoi fhorbairt stairiúil an réigiúin a chur ar fáil trí shuíomh gréasáin nasctha. Tógfar an t-eolas ó bhailiúcháin an dá sheirbhís. Thosaigh beirt chartlannaithe ar chatalógú na mbailiúchán, chun aidhm an togra a bhaint amach. Go dtí seo, tá próiseáil déanta ar an 'Roden Collection' agus an 'Paddy Mallon – GNR(I) Collection' i gContae Lú agus tá an obair ag dul ar aghaidh bonn ar aon ar bhailiúchán 'Macardle Moore'. Bhí an méid seo le rá ag Bainisteoir Contae Lú, Martina Moloney:

'Beidh na cartlanna ag croí-lár an chláir oibre sa 21ú haois, nuair a nascfar an dá réigiún le chéile i ngréasán eolais. Déanfar feabhsú mór sa togra ar theacht ar phobail ar bhailiúcháin na gcartlann, ar pheirspictíocht trasteorann. Beidh éascú na rochtana ar na bailiúcháin chartlainne ina chabhair mhór d'athghiniúint eacnamaíoch. Beidh bunús eolais níos fearr ag na gnólachtaí áitiúla agus beidh siad in ann úsáid a bhaint as na cartlanna le haghaidh eolais, chun cruthaitheacht agus intleacht a spreagadh'.

Beidh sé mar thoradh ar an togra go gcruthófar suíomh gréasáin nua, ar a mbeidh ceithre thaispeántas agus gníomhaíochtaí oideachais ar líne, agus cruthófar DD acmhainn oideachais do scoileanna. Críochnófar an togra i Meitheamh 2008.

### SEIRBHÍS CARTLANN

Bhí sé d'ádh ag an tSeirbhís Cartlann chomh maith, deontas €4,000 a fháil ón gComhairle Oidhreachta do chaomhnú a gcartlann, le linn 2007. Rinneadh cóireáil caomhnaithe ar líníochtaí ón 'Paddy Mallon – GNR(I) Collection', agus ar 12 dhintiúr ón 'Roden Collection'. Thosaigh obair chomh maith ar chairt ríoga de chuid Sheoirse III go dtí Bardas Bhaile Átha Fhirdhia.

Cuireadh iomlán 13 bhailiúchan i gCartlann an Chontae le linn na bliana, arbh é an bailiúchán de thaifid ó SIPTU an ceann ba shuntasaí; páipéir stairiúla agus nótaí taighde an Oirmhinnigh Thomas Gogarty cc; leabhar rolla ó Bhunscoil Dhún Dealgan ó 1877-1880; leabhar cisteora ó bhrainse Dhún Dealgan de chuid Chumann Cónasctha Náisiúnta na bPéintéirí & Maisitheoirí Oibritheacha Tí agus Long, 1923 – 1927.

Nuair a bhí na toghcháin ag teannadh linn, chuir Seirbhís na gCartlann bailiúchán d'ábhar toghchánaíochta ón gcartlann ar taispeáint in ionaid fáiltithe na dtrí údarás áitiúla. Ó Bhealtaine go Meitheamh, chuir an tseirbhís taispeántas taistil ar siúl a bhí tar éis teacht ó Iarsmalann Contae Dhún na nGall, dar teideal 'Before I joined the Army'. Bhí an taispeántas faoin bpáirt a bhí ag fir agus mná Uladh sa Chéad Chogadh Domhanda, agus díríodh ar théamaí áirithe amhail an Saol sna Trinsí, Mná agus an Cogadh, Cath na Somme, Éirí Amach na Cásca agus Comóradh. Bhí scannán gearr mar chuid den taispeántas agus bhí ábhar bunaidh ann a bhain le Lú, a tógadh ó bhailiúcháin na gcartlann. Níos déanaí sa bhliain, reáchtáil an tSeirbhís Lá Oscailte ar 25 Lúnasa, mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta agus An Mhí Feasachta ar Chartlanna, nuair a tugadh cuireadh do mhuintir an phobail teacht ar cuairt agus féachaint ar an ábhar cartlainne a bhí ar taispeáint. I nDeireadh Fómhair, cuireadh beatha sna cartlanna trí shraith d'athachtú beo stairiúil, a bhí ar siúl faoi thogra Interreg agus a raibh freastal maith orthu go léir. Ina measc seo, rinneadh ceithre athachtú den saol i dteach na mbocht do na scoileanna, chomh maith le trí athachtú de dhíshealbhú, os comhair an phobail.

Rinneadh an fhoireann próiseáil ar roinnt bailiúchán beag le linn na bliana agus tá siad seo ar fáil do lucht taighde anois. Anuas air sin, tá daoine deonacha ag obair ar thogra innéacsaithe, a bhaineann le leabhair mhiontuairiscí Chomhairle Baile Dhún Dealgan i láthair na huaire agus tá an obair ag dul ar aghaidh bonn ar aon.

### PACÁISTE OIDEACHAIS SCOILEANNA

Buaic amháin a tharla le linn na bliana ná cruthú an chéad phaca oideachais do scoileanna de chuid na seirbhíse, a cuireadh le chéile le haghaidh bunscoileanna roimh dheireadh na bliana, a bhfuil an teideal 'Life in the Workhouse' air agus a bhfuil na haidhmeanna seo a leanas ag baint leis:

- Chun méid áirithe rochtana ar chartlanna a chur ar fáil do scoileanna, trí chóipeanna samplacha de dhoiciméid a chur ar fáil sa seomra ranga.
- Le feidhmiú mar áis teagaisc, le cabhrú le múinteoirí leis an stair áitiúil sa churaclam scoile.
- Chun bailiúchán cartlainne theach na mbocht a chur chun cinn i measc na scoileanna.

Cuirtear tús eolais ar fáil sa phaca oideachais, ar chartlanna agus ar na cineálacha atá ar fáil sa tseirbhís. Tá cuid mhaith eolas cúlra sa phaca ar theach na mbocht, d'úsáid an mhúinteora, cóipeanna macasamhla de na cartlanna ó bhailiúchán theach na mbocht, le hathscríbhinn uaireanta, nuair a bhíonn an scríbhneoireacht sa leagan bunaidh deacair le léamh agus roinnt ceisteanna ar bhileog oibre. Beidh an paca ina chabhair do dhaltaí chun scileanna fiosraithe agus tuisceana a fhorbairt, nuair a bheidh an deis acu scrúdú agus anailís a dhéanamh ar na doiciméid éagsúla. Beidh sé ina chabhair dóibh chomh maith le foghlaim faoina gceantar áitiúil agus chun tuiscint a fháil ar an aimsir chaite.

### BAINISTÍOCHT TAIFEAD

Rinneadh athbhreithniú ar an spás stórais a leithdháiltear le haghaidh taifid neamhreatha sa tSeirbhís Cartlann, a raibh sé mar thoradh air go ndearnadh atheagrú ar líon na mboscaí, chun úsáid níos fearr a bhaint as an spás, nuair a suiteáladh seilfeanna sa bhreis ag tús na bliana. Ina dhiaidh sin, aistríodh taifid ó ceithre rannóg, rud a chiallaigh gur bheag an spás a bhí fágtha do thaifid neamhreatha. Anuas air sin, chruthaigh an cartlannaí Polasaí Bainistíocht Taifead d'Údaráis Áitiúla Lú agus rinneadh léiriúchán den pholasaí don fhoireann bhainistíochta shinsearach. Chuaigh an cartlannaí isteach sa ghrúpa oibre d'athbhreithniú an Pholasaí Náisiúnta Coinneála um Thaifid na nÚdarás Áitiúil, atá á chomhordú ag an LGMSB, chomh maith. Tá an t-athbhreithniú le bheith eisithe chuig na húdaráis áitiúla go léir le linn 2008.

## COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH NA gCARTLANN NÁISIÚNTA

I nDeireadh Fómhair, bhí cruinniú ar siúl ag Comhairle Chomhairleach na gCartlann Náisiúnta i gComhairle Contae Lú, agus chuir Cartlannaí Chontae Lú léiriúchán ar siúl roimhe seo. Bunaíodh Comhairle Chomhairleach na gCartlann Náisiúnta in Eanáir 1987 agus ba é an phríomh-aidhm a bhí acu ná comhairle a chur ar an Aire maidir le cur i bhfeidhm a c(h)úraimí faoi Acht na gCartlann Náisiúnta agus ar cheisteanna a bhaineann le cartlanna agus iad á n-úsáid ag an bpobal. Faoin Acht um Rialtas Áitiúil 1994 agus Acht na gCuan 1996, is féidir leis an gComhairle comhairle a chur ar an Aire Comhshaoil, Mara agus Acmhainní Nádúrtha faoi ábhair ar bith a mbeadh tionchar acu ar chartlanna áitiúla agus cuan faoi seach. Is é An Breitheamh Bryan MacMahon atá mar Chathaoirleach ar an gComhairle. Thug CCCN cuairt ar Sheirbhís Cartlann an Chontae chomh maith ar an lá agus chuaigh sé i gcion orthu go raibh an oiread sin déanta go dtí seo.

# SPRIOC5

## *Comhaontais agus comhpháirtíochtaí oibre a cheapadh go hinmheánach agus le heagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse eile, chun spriocanna agus tosaíochtaí oibriúcháin a chomhlíonadh*

## *Bord Forbartha Chontae Lughaí*

### AN BORD FORBARTHA CONTAE

Lean an Bord Forbartha Contae dá fheidhm thábhachtach ag cur i ngníomh bhearta na Straitéise Chomhtháite d'Fhorbairt Chultúrtha, Shóisialta & Eacnamúil Chontae Lughaí.

Bhi ceithre chruinniú ag an mBord Forbartha i 2007 agus bhí cruinnithe níos rialta ag na naoi gcinn de ghrúpa feidhmithe.

Bhí a thuilleadh ratha ar Bhord Forbartha Chontae Lughaí ar fud 2007, agus aibhsítear cuid de na buaicphointí thíos:

**1. An Grúpa Talmhaíochta & Fhorbairt na Tuaithe**
Bhí cruinnithe rialta ag an ngrúpa seo faoi cheannas ionadaí Theagaisc, agus seoladh Cód Tuaithe go rathúil do Chontae Lughaí i mBealtaine 2007. Scaipeadh an cód ina dhiaidh sin ar ghrúpaí pobail agus ar scoileanna ar fud an chontae.

**2. Forbairt na hEarnála Pobail agus Deonaí**
Rinne an grúpa saorálaithe miontaighde ar shaorálaíocht i gContae Lughaí. Cuireadh moltaí ón taighde ar aghaidh chuid Grúpa SIM Lughaí le cur i bhfeidhm.

**3. Grúpa um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil**
D'oibrigh an foghrúpa seo, faoi cheannas ionadaí DKIT, go dlúth le mórán soláthraithe oideachais sa chontae chun comhbhearta a chur chun feidhme, lena n-áirítear bunú coiste oideachais d'aosaigh.

**4. Grúpa um Bearta do Chuimsiú Sóisialta (SIM)**
Tháinig an grúpa seo le chéile gach sé seachtaine, agus chuir lena ionadaíocht nuair a cuimsíodh ionadaí do dhaoine faoi mhíchumas sa ghrúpa. Sheol an Grúpa SIM a Straitéis Chomhtháite um Sheirbhísí do Thaistealaithe i 2007 agus ritheadh treoirscéim de Thionscadal Toybox i Lughaí. Féachann an tionscadal le deiseanna breise súgartha a sholáthar do pháistí Taistealaithe.

**5. Fiontraíocht & Infheistíocht, Bonneagar & Pleanáil**
Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an bhfoghrúpa seo faoi cheannas ionadaithe Fhiontraíocht Éireann maidir le fiontraíocht agus comhlachtaí nua lena n-áirítear faomhadh ionad fiontair phobail sa Ghrianfort agus cur i bhfeidhm chlár claochlaithe trasteorann.

**6. Caighdeán na Beatha**
Ba iad na príomhréimsí tosaíochta don fhoghrúpa seo le linn 2007 cosc an fhéinmharaithe agus ceisteanna comhshaoil. Bunaíodh comhaontas le haghaidh beart maidir le féinmharú i 2007.

**7. Turasóireacht**
Bliain rathúil eile ab ea 2007 le haghaidh earnáil thurasóireachta Lughaí. Chríochnaigh Louth Hospitality Ltd. clár ceithre bliana leis an gCoiste um Réigiún na Teorann Thoir, arb ionann é agus infheistíocht de bhreis is €320,000 i dtionscadail áitiúla turasóireachta.

**8. Cúram Leanaí**
Bhí Cóiste Cúram Leanaí Chontae Lughaí, faoi cheannas ionadaí an Choiste Ghairmoideachais, ag comhlíonadh cuspóirí a Phlean Gníomhaíochta i gcónaí. Ghnóthaigh Contae Lughaí dhá cheann de shaoráidí mhóra cúraim leanaí le cabhair deontais i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha i 2007.

**9. Cultúr**
Ba é príomhfhócas an fhoghrúpa seo i 2007 forbairt áiseanna spóirt agus ealaíon i gContae Lughaí. Bhí cruinnithe rialta ag an gcoiste comhpháirtíochta spóirt idirlinne.

### IMEASCADH COMHLACHTAÍ ÁITIÚLA FORBARTHA AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT BUNAITHE AR BHAILTE (PRÓISEAS COMHTHÁTHAITHE)

De réir threoirlínte ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, rinneadh dul chun cinn maidir le himeascadh na dtrí gníomhaireacht forbartha i Lughaí – Comhpháirtíocht Fostaíochta Dhún Dealgan, Comhlacht Comhpháirtíochta Dhroichead Átha agus Louth LEADER, i 2007.

Rinne baill foirne ón Oifig Pobail & Fiontraíochta idirchaidreamh rathúil le trí cinn de ghníomhaireachtaí forbartha agus thacaigh go gníomhach leo sa phróiseas comhtháthaithe. Bhí an fhoireann bainteach go speisialta le roghnú na mball Pobail & Deonach ar an mBord Comhtháthaithe nua i Lughaí, Comhpháirtíocht LEADER Lughaí.

## *Cláir RAPID*

### CLÁR RAPID DHÚN DEALGAN

Trí obair Fhoireann Fheidhmithe Cheantar RAPID Dhún Dealgan, brostaíodh roinnt beart sa dá cheantar RAPID i nDún Dealgan, Diméin Cox agus Muirtheimhne Mór. Tá dhá fhóram eile, arna n-éascú ag Comhordaitheoir RAPID – Grúpa Comhairleach Dhún Dealgan um Dhrugaí agus an grúpa oibre cuimsithe sóisialta de Ghrúpa Forbartha Eacnamúla Dhún Dealgan – ag coinneáil go gníomhach le bearta cuimsithe sóisialta i gceantair RAPID.
Ar na príomhbhearta a forbraíodh le linn 2007 bhí:

- Maoiniú a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun Teilifís Chiorcaid Iata a shuiteáil in dhá cheantar – €196,000.
- D'éirigh le roinnt clubanna spóirt i gceantair RAPID maoiniú a fháil bealach an Clár Caipitil Spóirt 2007 – €546,000.
- Fuair Redeemer Crèche and Tionscadal Pobail Muirtheimhne Mór maoiniú chun áiseanna cúraim leanaí a fhorbairt.Rolladh amach Cúrsa Staidéir Andúile Pobail i nDún Dealgan, ag díriú ar gach earnáil lena n-áirítear pearsanra reachtúil, pobail agus deonach.
- Bearta a bhain le fostaíocht lena n-áirítear seachadadh dhá cheann de Thionscnaimh Oiliúna Forbairt Áitiúil dírithe ar dhaoine óga dífhostaithe sna heastáit (clár bunscileanna foigníochta). Chomh maith leis sin, eagraíodh oiliúint fháilteachais spriocaimsithe (Fáilte Ireland) i gcomhar le hóstáin áitiúla anuraidh.
- Scéim Ghiarála RAPID – Suiteáil Limistéar Ilchluichí i Muirtheimhne Mór, a bhí mar chuid d'fhorbairt níos leithne ar pháirc dhúiche sa cheantar.
- Treoirscéim Rochtana ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan do dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a thosaigh i Meán Fómhair 2007.
- Iarratais a rinneadh faoi Acht na gCuntas Dímhaoin – Cuireadh breisíocht de luach €200,000 isteach faoi Chlár RAPID 2007. Tá súil le fógraí go luath i 2008.
- Tugadh an obair chun críche maidir le plean leasaithe atógála sóisialta don dá cheantar, lena n-áirítear próifíl ceantair, cleachtadh mapála ar na seirbhísí a bhí cheana ann agus aithint beart faoi théamaí éagsúla. Soláthróidh sé sin creat leis an gclár a stiúradh ag an leibhéal áitiúil amach anseo.

Eisíodh roinnt treoirlínte ar fud na tíre ar fad maidir le rannpháirtíocht pobail agus gníomhaireachta chomh maith le téamaí straitéiseacha. Tá súil Cláir RAPID a bhrostú go háitiúil de réir na dtreoirlínte seo i 2008.

## TUARASCÁIL RAPID DHROICHEAD ÁTHA

San iomlán tá toradh an-mhaith ar rannpháirtíocht pobail i gcláir RAPID i nDroichead Átha agus le hacmhainní ó na gníomhaireachtaí is mór a baineadh amach. Tá tionchar leanúnach ag cistí giarála a chuirtear ar fáil tríd an gclár ar phobail áitiúla, go hairithe an Scéim Feabhsúcháin ar Eastáit, Bearta Maolaithe Tráchta, agus Deontais RAPID do Chlóis Shúgartha arb ionann iad agus infheistíocht shuntasach de €260,000 sa bhliain. Cuireadh maoiniú de €300,000 a leithdháileadh le caitheamh i 2007 i leataobh, ionas gur críochnaíodh roinnt tionscadal caipitil.

Foilsíodh an dara nuachtlitir RAPID i 2007 agus fuair dhá thionscadal, Treoirthionscadal Slándála Baile na nDaoine Scothaosta agus an Gleann moladh ó Dhámhachtainí Rialtais Áitiúil an Chumainn Tráchtála 2007.

### SHAORÁIDÍ CÚRAIM LEANAÍ

D'oscail an Méara Anthony Donohue agus an tAire Stáit do Leanaí, Brendan Smith, Ionad Cúraim Leanaí an Mhónaidh Mhóir i Meán Fómhair 2007. Tá sé suite ar shuíomh a sholáthair Comhairle Baile Dhroichead Átha láimh le hInstitiúid Bhreisoideachais Dhroichead Átha, agus soláthróidh an tIonad deis do thuismitheoirí sa cheantar glacadh le deiseanna oideachais agus oiliúna ag an gColáiste agus an t-eolas acu go bhfuil aire mhaith á tabhairt dá bpáistí ag foireann oibrithe gairmiúla cúraim leanaí. Freastalaóidh an t-ionad do 82 pháiste.

D'oscail Ionad Oideachais Blianta Luatha an Gharráin a dhoirse do pháistí mí na Nollag. Uair amháin eile, rinneadh áis nua cúraim leanaí de shuíomh tréigthe agus freastalaíonn sé do na ceithre cinn de cheantair RAPID. Ba ionann an infheistíocht seo móide infheistíocht in Ionad Cúraim Leanaí an Mhónaidh Mhóir agus tuairim is €3.2m gan luach na láithreacha agus costais foirne san áireamh.

### MHÓINÉAR PHÁIRC MHUIRE

Tugadh chun críche claochlú Mhóinéar Pháirc Mhuire ó spás tréigthe a bhí ligthe i ndearúd agus clúdaithe le bruscar agus brablach agus fearais teaghlaigh diúscartha go gairdin do chónaitheoirí an cheantair. D'oscail an Leas-Mhéara Frank Maher é ar an lá ab fhliche i samhradh 2007.

### SEIRBHÍSÍ NUA

I ndiaidh aighneachtaí chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Theaghlaigh agus Ciste Cuntas Dímhaoin RAPID tugadh trí cinn de sheirbhísí nua isteach i gceantair RAPID Dhroichead Átha. Leithdháileadh Tionscadal Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána a bhainisteoidh Foróige mar aon le hAonad Tacaíochta Teaghlaigh ar an Mhónaidh Mhór. Ceapadh tacaí ar son daoine scothaosta chun tacaíocht pobalbhunaithe a sholáthar do dhaoine scothaosta. Baineadh amach an tionscnamh seo atá cuimsithe sa Phlean bunaidh RAPID tríd an nGrúpa Oibre Idirghníomhaireachta do Dhaoine Scothaosta.

### CEAMARAÍ TEILIFÍSE CIORCAID IATA POBAIL

Cuireadh sé cinn de cheamaraí teilifíse ciorcaid iata pobail i bhfeidhm mí Iúil agus fuarthas deontas eile le haghaidh sé cinn bhreise. Cabhróidh na ceamaraí chun ciontóirí i gcoireanna agus in iompar frithshóisialta a aithint. Tá cónaitheoirí ag feitheamh go díocasach le suiteáil na sé cheamara eile i 2008.

### AN tAOS ÓG SA PHOBAL

Nasctha leis seo tá ionchur RAPID sa Choiste Comhphóilínithe agus ullmhú Phlean Gníomhaíochta 2007 na gComhchoistí Póilíneachta. Tionóladh roinnt cruinnithe óige agus tá tuilleadh beartaithe le haghaidh 2008. Cuireadh togra maidir le Café Óige ar aghaidh le haghaidh maoiniú agus tá pleananna ailtireachta á n-ullmhú d'athchóiriú Leabharlann Carnegie. Solatharóidh an tsaoráid seo ionad chun gach gné de shláinte an ógra a chur chun cinn.

### IONAD CAITHEAMH AIMSIRE POBAIL LOURDES

Fuair Ionad Caitheamh Aimsire Pobail Lourdes athchóiriú i 2007 le hacmhainní ón DBC, ó Chiste Áiseanna Sóisialta agus Pobail na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil agus an

Deontas Rochtana Míchumais. Tá cáil ar an gClub Babhlála mar an fhoirgneamh is fuaire i nDroichead Átha, mar sin cuireadh an-fháilte roimh an chóras nua téimh agus an rochtain do dhaoine faoi mhíchumas. Bunaíodh an Club Babhlála i 2006 faoi choimirce RAPID.

## *Líonraí agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn chun deiseanna forbartha agus cáilíocht na beatha sa chontae a uasmhéadú*

### TIONSCADAL SEI (DÚN DEALGAN 2020)

Tá Comhairle Contae Lughaí mar príomhpháirtí i bpáirt i gcomhar le SEI ag cur Tionscadal Dhún Dealgan 2020 i bhfeidhm. Tá Crios Fuinnimh Inbhuanaithe bunaithe faon tionscadal seo i nDún Dealgan mar shamhail don chuid eile den tír. Maoinítear an tionscadal faoi Chlár Concerto an AE sa tsuim €12 milliún do na trí phobal agus caithfear €4 milliún ar an gCrios Fuinnimh Inbhuanaithe. Cuirfidh an €4 milliún seo luach breise de thuairim is €20 milliún le tionscadail sa chrios. Síníodh conarthaí i nDún Dealgan an 28 Meitheamh 2007 idir na trí phobal comhpháirtíochta, Dún Dealgan, Modling san Ostair agus Neuchatel san Eilbhéis. Seo é an chéad Tionscadal Concerto AE a bronnadh ar Éirinn.

Is í aidhm fhoriomlán an tionscadail úsáid fuinnih athnuaite inbhuanaithe a chur chun cinn i gceantair áitiúla. Treoirthionscadal is ea é a thaispeánann na teicneolaíochtaí seo don phobal i gcoitinne agus don tír tríd is tríd.

Bunaíodh roinnt Grúpaí Gníomhaíochta chun míreanna éagsúla den tionscadal a chur chun cinn. Is iad seo: Grúpa Gníomhaíochta Chomhlacht na Seirbhísí Fuinnimh, Grúpa Gníomhaíochta na Timpeallachta Tógtha, an Grúpa Gníomhaíochta Socheacnamaíochta, an Grúpa Gníomhaíochta Tionscail, an Grúpa Gníomhaíochta Bainistíochta um Thaobh an Éilimh agus an Grúpa Gníomhaíochta Cumarsáide.

Samplaí de Thionscadail idir lámha:

- Córas Téimh Dúiche Bithmhaise.
- An dara Tuirbín Gaoithe ar láithreán Xerox.
- Aisfheistiú na bhfoirgneamh atá anois ann idir chónaitheach agus neamhchónaitheach.
- Méadaracht chliste.
- Biúró fuinnimh.
- Soilsiú sráide inathnuaite (gaoth agus grian).
- Suirbhéanna socheacnamúla.

Is iad na príomhspriocanna tionscadail atá le sroichint faoi 2010:

- 20% den leictreachas a úsáidtear sa phobal a bheith ginte ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite.
- feabhsú 40% in éifeachtacht foirgneamh roghnaithe ó thaobh fuinnimh.
- méadú 20% sa mhéid teasa a ghintear ó fhoinsí inathnuaite sna hearnálacha tithíochta agus pobail.

### COMHCHOISTÍ PÓILÍNEACHTA

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta sa bhliain 2006 i gceantar Chomhairle Baile Dhroichead Átha. Soláthraíonn an Coiste fóram chun dul i gcomhairle maidir le ceisteanna a bhaineann le póilíniú cheantar Dhroichead Átha agus na ceisteanna sin a phlé. Tá an coiste comhdhéanta de Bhaill Tofa, baill d'fhoireann Chomhairle Baile Dhroichead Átha, comhaltaí den Gharda Síochána agus an Oireachtais, chomh maith le hIonadaithe Pobail.

Bhí a chruinniú tionscnaimh ag an gCoiste ar an 23 Deireadh Fómhair 2006 agus tháinig siad le chéile gach ráithe le linn 2007. Ar Chlár Oibre an Choiste le haghaidh 2007 bhí na míreanna seo a leanas:

- Seimineár Drugaí a shocraigh Ms Valerie Artherton, Comhordaitheoir RAPID i mí an Mhárta 2007
- Dhá chruinniú poiblí a shocraigh an Comhchoiste Póilíneachta ar an taobh thuaidh agus ar an taobh theas i mBealtaine 2007
- Ceardlann na Seirbhísí Ceartais Phobail agus Idirghabhála i bhfómhar 2007.
- Leathnú na Treoirscéime Slándála Baile
- Cur chun feidhme na bhFodhlíthe um Alcól in Áiteanna Poiblí
- Cur chun feidhme tograí teilfíse ciorcaid iata i gceantair RAPID
- Réamhthograí do theilifís chiorcaid iata i lár an bhaile

Is iad baill Chomhchoiste Póilíneachta Dhroichead Átha:

| | |
|---|---|
| An Clr. Paul Bell | An Clr Tommy Byrne |
| An Clr Matthew Coogan | An Clr Anthony Donohoe |
| An Clr Malachy Godfrey | An Clr Frank Maher |
| An Clr Jimmy Mulroy | An Clr Tommy Murphy |
| An Clr Gerald Nash | An Clr Ken O'Heiligh |
| An Clr Michael O'Dowd, An Méara | An Clr Dom Wilton |
| | |
| Seamus Kirk TD | Arthur Morgan TD |
| Fergus O'Dowd TD | An Ceannfort Gerry Smith |
| An Cigire Tom Fox | |

Ms M Moloney, Bainisteoir Contae
Mr D Foley, Cléireach Baile
Mr Kevin Callan, Forbairt Ógra Dhroichead Átha
Ms Nuala Earley, Grúpa Seanóirí Dhroichead Átha
Ms Marie Russell, Teach Pobail an Mhónaidh Mhóir

Is é an Comhairleoir J. Mulroy cathaoirleacht an Choiste.

### DEARBHÚ BARCELONA

#### CUIMSIÚ SÓISIALTA

Scaipeadh suirbhé ar ghrúpaí míchumais maidir le teacht ar sheirbhísí Údaráis Áitiúla Lughaí agus beidh torthaí an tsuirbhé mar ionchur sa Phlean Feidhmithe Míchumais atá á cheapadh.

# Táscairí Seirbhíse

| Tithíocht | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| ***Folúntais Tithíochta*** | | |
| A. Líon iomlán stoc an údaráis áitúil | 2967 | 3160 |
| B. % atá ligthe ar cíos | 97 | 98 |
| C. % d'áitreabh atá folamh | 3 | 2 |
| D. % atá folamh ach athchóiriú mór le déanamh orthu | 50 | 27 |
| E. % na n-áitreabh folamh nach bhfuil ar fáil le ligean ar cíos | 95 | 96 |
| F. % na n-áitreabh folamh atá ar fail le ligean ar cíos | 5 | 4 |
| An t-am ar an meán (i seachtainí) a thógann sé áitreabh a athligean ar cíos | 0.67 | 1 |
| Uimh. na ndeisithe a tugadh chun críche mar % den líon iarratas bailí ar dheisiú a fuarthas | 83.97 | 95 |
| ***An meántréimhse ama (i laethanta) a thógann sé cinneadh údaráis áitiúil a chur in iúl d'iarratasóir:*** | | |
| Ar Úinéireacht Tí Roinnte | 1.29 | 0 |
| Ar Scéim na nIasachtaí Tithíochta | 4.08 | 0 |
| Ar Tithíocht Údarás Áitiúil | 8.96 | 13 |
| Líon iomlán na dteaghlach taistealaithe ar tugadh cóiríocht dóibh mar % de na spriocanna a leagadh síos sa chlár áitiúil do chóiríocht do thaistealaithe | 80.43 | 33 |

| Bóithre | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| A. Cóiriú dromchla curtha ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha per annum (méadair chearnacha) | 568358 | 345303 |
| B. % de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a fuair cóiriú dromchla per annum | 9.39 | 5.71 |

| Cáin Fheithicle | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| ***% d'Idirbheartaíochtaí Cáin Fheithicle:*** | | |
| a rinneadh thar an gcuntar | 90.81 | |
| a rinneadh tríd an bpost | 9.19 | |
| a rinneadh ar bhealaí eile | 14.58 | |

| | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| ***Líon agus % na n-iarratas poist a ndéantar déileáil leo ar an lá céanna:*** | | |
| A. ar an la céanna | 3215 | |
| | 34.28% | |
| B. ar an 3ú lá nó roimhe | 3895 | |
| | 41.53% | |
| C. ar an 5ú lá nó roimhe | 857 | |
| | 9.14% | |
| D. níos mó ná 5 lá | 1412 | |
| | 15.05% | |
| Meán na n-uaireanta oscailte sa tseachtain | 28.75 | |

| Seirbhísí Sláintíochta | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| ***% de chainéal abhann:*** | | |
| A. neamhthruaillithe | 58 | 58 |
| B. beagán truaillithe | 21.7 | 21.7 |
| C. measartha truaillithe | 19.7 | 19.7 |
| D. truaillithe go dona | 0.6 | 1.4 |
| ***% d'anailís uisce inólta ag teacht le riachtanais reachtúla i dtaca le:*** | | |
| scéimeanna poiblí | 98 | 99 |
| scéimeanna príobháideacha | 77 | 76 |
| ***An t-am ar an meán a thógann sé briogáidí dóiteáin a shlógadh i:*** | | |
| stáisiúin lánaimseartha | 1.61 | 1.7 |
| stáisiúin pháirtaimseartha | 3.9 | 4.8 |
| ***% láithreachta ag láithreacha mar a dtarlaíonn an chéad láithreacht:*** | | |
| laistigh de 10 nóiméad | 83.6 | 75.9 |
| laistigh de 20 nóiméad | 14 | 22.1 |
| lasmuigh de 20 nóiméad | 2.4 | 2 |
| ***Uimh. iomlán iarratas Sábháilteachta Tine:*** | | |
| faighte | 299 | 371 |
| próiseálta | 292 | 380 |

| Saoráidí Athchúrsála | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| ***Teaghlach a fuair bailiúchán bruscair leithscartha*** | | |
| % de dhramhaíl teaghlaigh athchúrsáilte | 19 | 20 |
| % de dhramhaíl teaghlaigh ag dul go líonadh talún | 81 | 80 |
| ***Gloine*** | | |
| Uimh. Ionad Beir Leat | 37 | 38 |
| Uimh. Ionad Conláiste Cathrach | 2 | 2 |
| Uimh. iomlán na saoráidí | 39 | 40 |
| Uimh. na n-ionad in aghaidh 5,000 daonra | 2 | 40 |
| Tonnáiste dramhaíola bailithe le hathchúrsáil in aghaidh 5,000 daonra | 5000 | 2708 |
| ***Cannaí*** | | |
| Uimh. Ionad Beir Leat | 43 | 43 |
| Uimh. Ionad Conláiste Cathrach | 2 | 2 |
| Uimh. iomlán na saoráidí | 45 | 45 |
| Uimh. na n-ionad in aghaidh 5,000 daonra | 2 | 45 |
| Tonnáiste dramhaíola bailithe le hathchúrsáil in aghaidh 5,000 daonra | 80.27 | 230 |
| ***Teicstílí*** | | |
| Uimh. Ionad Beir Leat | 0 | 0 |
| Uimh. Ionad Conláiste Cathrach | 2 | 2 |
| Uimh. iomlán na saoráidí | 2 | 2 |
| Uimh. na n-ionad in aghaidh 5,000 daonra | 2 | 2 |
| Tonnáiste dramhaíola bailithe le hathchúrsáil in aghaidh 5,000 daonra | 107 | 169 |
| ***Cadhnaraí*** | | |
| Uimh. Ionad Beir Leat | 0 | 0 |
| Uimh. Ionad Conláiste Cathrach | 2 | 2 |
| Uimh. iomlán na saoráidí | 2 | 2 |
| Uimh. na n-ionad in aghaidh 5,000 daonra | 2 | 2 |
| Tonnáiste dramhaíola bailithe le hathchúrsáil in aghaidh 5,000 daonra | 47 | 27 |
| ***Olaí*** | | |
| Uimh. Ionad Beir Leat | 0 | 0 |
| Uimh. Ionad Conláiste Cathrach | 2 | 2 |
| Uimh. iomlán na saoráidí | 2 | 2 |
| Uimh. na n-ionad in aghaidh 5,000 daonra | 2 | 2 |
| Tonnáiste dramhaíola bailithe le hathchúrsáil in aghaidh 5,000 daonra | 11 | 11 |
| ***Eile*** | | |
| Uimh. Ionad Beir Leat | 0 | 43 |
| Uimh. Ionad Conláiste Cathrach | 2 | 2 |
| Uimh. iomlán na saoráidí | 2 | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. na n-ionad in aghaidh 5,000 daonra | 2 | 2 |
| Tonnáiste dramhaíola bailithe le hathchúrsáil in aghaidh 5,000 daonra | 10281 | 11277 |

***Cosc Bruscair agus Forfheidhmiú Comhshaoil***

***Uimh. na Maor Bruscair***

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. iomlán na maor lánaimseartha | 7 | 7 |
| Uimh. iomlán na maor páirtaimseartha | 0 | 0 |
| Uimh. iomlán na maor in aghaidh 5,000 daonra | 0.343 | |
| Uimh. na bhfíneálacha ar an láthair | 1886 | 1207 |
| Uimh. na n-ionchúiseamh do neamhíocaíocht | 248 | 174 |
| Uimh. na n-ionchúiseamh a tugadh chun críche | 101 | 55 |

***% de limistéir údaráis áitiúil atá:***

| | | |
|---|---|---|
| A. neamhthruaillithe | 12 | 14 |
| B. beagán truaillithe | 57 | 78 |
| C. measartha truaillithe | 26 | 8 |
| D. an-truaillithe | 5 | 0 |
| E. fíorthruaillithe | 0 | 0 |

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. na ngearán comhshaoil faighte (i dtrí údarás) do dhramhaíl, bruscar, truailliú uisce agus truailliú aeir agus truailliú torainn | 2053 | 2755 |
| Uimh. a imscrúdíaodh | 1910 | 2625 |
| Líon na nósanna imeachta feidhmiúcháin | 244 | 217 |

***Scéim na Scoileanna Glasa***

| | | |
|---|---|---|
| % na meánscoileanna i scéim | 69 | 75 |
| % na mbunscoileanna i scéim | 63 | 64 |

| **Pleanáil** | **2006** | **2007** |
|---|---|---|

***Iarratais Phleanála Cinnteoireacht Tithe Aonair:***

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. na n-iarratas a socraíodh | 708 | 722 |
| % na n-iarratas iomlán a socraíodh laistigh de 8 sheachtain | 336 | 305 |
| Líon na gcinntí a raibh tuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh | | 406 |
| Líon na gcinntí faoinar ghlac an t-iarratasóir le síneadh ama ina leith, faoi Chuid 34 (9) den Acht Pleanála & Forbartha | | 11 |
| Meántréimhse ama (i laethanta) a thog sé iarratas a shocrú i gcás nuair a lorgaíodh faisnéis bhreise | 70 | 72 |
| % de dheontais | 82.77 | 76.45 |
| % de dhiúltuithe | 17.23 | 23.55 |
| % de chásanna i gcás gur athdhearbhaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 62.96 | 59.26 |
| % de chásanna i gcás gur éagsúlaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 13.79 | |
| % de chásanna i gcás gur athiompaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 37.04 | 40.74 |

***Forbairt Tithíochta***

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. na n-iarratas a socraíodh | 143 | 144 |
| % na n-iarratas iomlán a socraíodh laistigh de 8 sheachtain | 60 | 48 |
| Líon na gcinntí a raibh tuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh | | 94 |
| Líon na gcinntí faoinar ghlac an t-iarratasóir le síneadh ama ina leith, faoi Chuid 34 (9) den Acht Pleanála & Forbartha | | 2 |
| Meántréimhse ama (i laethanta) a thog sé iarratas a shocrú i gcás nuair a lorgaíodh faisnéis bhreise | 82 | 78 |
| % de dheontais | 73.43 | 74.31 |
| % de dhiúltuithe | 26.57 | 25.69 |
| % de chásanna i gcás gur athdhearbhaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 63.64 | 63.64 |
| % de chásanna i gcás gur éagsúlaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 0 | |
| % de chásanna i gcás gur athiompaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 36.36 | 36.36 |

***Beagán Eile: nuair nár ghá Ráiteas Tionchair Chomhshaoil (RTC)***

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. na n-iarratas a socraíodh | 1112 | 1355 |
| % na n-iarratas iomlán a socraíodh laistigh de 8 sheachtain | 789 | 926 |
| Líon na gcinntí a raibh tuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh | | 414 |
| Líon na gcinntí faoinar ghlac an t-iarratasóir le síneadh ama ina leith, faoi Chuid 34 (9) den Acht Pleanála & Forbartha | | 15 |
| Meántréimhse ama (i laethanta) a thog sé iarratas a shocrú i gcás nuair a lorgaíodh faisnéis bhreise | 73 | 75 |
| % de dheontais | 92.99 | 90.55 |
| % de dhiúltuithe | 7.01 | 9.45 |
| % de chásanna i gcás gur athdhearbhaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 55.32 | 69.23 |
| % de chásanna i gcás gur éagsúlaigh An Bord Pleanála an cinneadh | | 23.4 |
| % de chásanna i gcás gur athiompaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 23.26 | 30.77 |

***Beagán Eile: nuair ba ghá RTC***

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. na n-iarratas a socraíodh | 4 | 15 |
| % na n-iarratas iomlán a socraíodh laistigh de 8 sheachtain | 1 | 6 |
| Líon na gcinntí a raibh tuilleadh eolais ag teastáil lena n-aghaidh | | 8 |
| Líon na gcinntí faoinar ghlac an t-iarratasóir le síneadh ama ina leith, faoi Chuid 34 (9) den Acht Pleanála & Forbartha | | 1 |
| Meántréimhse ama (i laethanta) a thog sé iarratas a shocrú i gcás nuair a lorgaíodh faisnéis bhreise | 111 | 107 |
| % de dheontais | 100 | 73.33 |
| % de dhiúltuithe | 0 | 26.67 |
| % de chásanna i gcás gur athdhearbhaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 100 | 100 |
| % de chásanna i gcás gur éagsúlaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 0 | |
| % de chásanna i gcás gur athiompaigh An Bord Pleanála an cinneadh | 0 | 0 |

***Forfheidhmiú Pleanála***

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. na bhforfheidhmithe Pleanála imscrúdaithe | 979 | 700 |
| Uimh. na bhforfheidhmithe Pleanála caite | 115 | 173 |
| Líon na nósanna imeachta d'fheidhmiúchán Pleanála trí idirbheartaíocht | | 238 |
| Uimh. na ngnáthamh forfheidhmithe trí litreacha rabhaidh | 171 | 443 |
| Uimh. na ngnáthamh forfheidhmithe trí fhógraí forfheidhmithe | 75 | 135 |
| Uimh. na n-ionchúiseamh | 27 | 36 |
| Uimh. na n-uaireanta oscailte de chuntar poiblí an Roinn Pleanála | 39.16 | 39.1667 |
| Meán-am feithimh do choinne réamhphleanála le Pleanálaí (ó choinne go cruinniú) | 8.75 | 9.61 |

***Rialáil Foirgneamh***

| | | |
|---|---|---|
| Cigireachtaí ar fhoirgnimh mar % d'fhoirgmimh nua a cuireadh in iúl | 13.25 | 15.86 |

| **Bailiúchán Ioncaim** | **2006** | **2007** |
|---|---|---|
| An méid cíos tithíochta a bailíodh mar % de dhlithe | 88.77 | 88.35 |

***Ceatadán riaráiste:***

| | | |
|---|---|---|
| % 4-6 seachtaine d'aois | 8.32 | 8.91 |
| % 6-12 seachtaine d'aois | 12.64 | 11.19 |
| % os cionn 12 sheachtain d'aois | 69.6 | 71.41 |
| An méid na n-iasachtaí tithíochta a bailíodh mar % de dhlithe | 98.3 | 89.57 |

***Ceatadán riaráiste:***

| | | |
|---|---|---|
| % 1 mhí d'aois | 4.3 | 3.78 |
| % 2-3 mhí d'aois | 5.09 | 4.85 |
| % os cionn 3 mhí d'aois | 87.44 | 88.84 |
| An méid rátaí tráchtála a bailíodh ag deireadh bliana mar % den méid dlite | 84.15 | 76.56 |
| Muirir bhruscair | 0 | 0 |

| | | |
|---|---|---|
| An méid muirir tráchtála uisce a bailíodh ag deireadh bliana mar % den mhéid dlite | 59.16 | 42.26 |

| Corparáideach | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| % na laethanta oibre a cailleadh do bhreoiteacht dheimnithe | 4.2 | 4.25 |
| % na laethanta oibre a cailleadh do bhreoiteacht neamhdheimnithe | 0.77 | 0.9 |
| Caiteachas ar oiliúint/forbairt mar % de chostais iomlán pá-rolla | 5.68 | 4.75 |

| Leabharlann | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Meánuimhir na n-uaireanta oscailte poiblí sa tseachtain: | | |
| i leabharlanna lánaimseartha | 34.52 | 35 |
| i leabharlanna páirtaimseartha | 19.66 | 20 |
| Uimh. na mball leabharlainne den daonra áitiúil | 12416 | 11913 |
| Uimh. na n-éisiúintí leabharlainne de leabhair in aghaidh an duine | 286416 | 273429 |
| Uimh. na n-éisiúintí leabharlainne de mhíreanna eile in aghaidh an duine | 51108 | 39012 |
| % na leabharlanna a ofráileann seisiúin idirlín in aghaidh 1000 daonra | 100% | 100% |
| Uimh. na seisiúin idirlín a cuireadh ar fáil in aghaidh gach 1000 den daonra | 64955 | 1282.65 |

| Ealaín & Saothrú | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Uimh. na ndeontas ealaíon a leithdháileadh | 96 | 98 |
| Luach iomlán na ndeontas ealaíon in aghaidh 1,000 daonra | 620.83 | 83015 |

**Caitheamh Aimsire**

| | | |
|---|---|---|
| ***Uimh. no n-áiteanna súgartha in aghaidh 1,000 daonra:*** | | |
| A. arna soláthar ag údarás áitiúil | 9 | 7 |
| B. arna éascú ag údarás áitiúil | 1 | 1 |
| Uimh. na gcuairteoirí ar shaoráidí snámha údarás áitiúil in aghaidh 1000 daonra | 306404 | 347964 |

| Pobal & Fiontraíocht | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| % na scoileanna áitiúla atá bainteach leis an gComhairle Áitiúil don Óige/Comhairle na nÓg | 81.25 | 81.25 |

# Figiúir Airgeadais

| CAITEACHAS | INIÚCHTA 2006 |
|---|---|
| Tithíocht & Foigníocht | 7,864,638 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 19,008,204 |
| Soláthar Uisce & Séarachas | 8,913,722 |
| Dreasuithe & Rialú Forbartha | 4,283,310 |
| Cosaint Comhshaoil | 8,164,075 |
| Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht | 3,583,150 |
| Tal., Oid., Sláinte & Leas | 8,097,304 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 4,250,766 |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | **64,165,169** |
| IONCAM | INIÚCHTA 2006 |
| Deontais Stáit | 32,084,227 |
| Earraí & Seirbhísí | 16,686,471 |
| Ranníocaíochtaí ó ÚÁ eile | 7,403,364 |
| Rátaí | 6,538,226 |
| **IONCAM IOMLÁN** | **62,712,288** |

| | INIÚCHTA 2006 |
|---|---|
| Barrachas/easnamh don bhliain | (1,452,880) |
| Aistrithe go/ó chúlchistí | (1,813,212) |
| Barrachas/easnamh foriomlán don bhliain | (3,266,092) |
| Iarmhéid Oscailte | 10,992,981 |
| Iarmhéid Dúnta | 7,726,889 |
| **CUNTAS CAIPITIL** | |
| Caiteachas | 102,522,858 |
| Admhálacha | 102,526,774 |
| **COMHDHÁLACHA** | |
| Laistigh den Stát* | 83,324 |
| Thar sáile | 23,922 |

* D'úsáid Comhairleoirí cuid dá n-airgead comhdhála chun leithdháiltí a dhéanamh le gníomhaíochtaí áitiúla.

**COMHAIRLE THOGHLACH DHROICHEAD ÁTHA FIGIÚIR AIRGEADAIS (INIÚCHTA)**
Ba é an t-ollchaiteachas ioncaim 2006 €25,640,428.00
Ba é an t-ollchaiteachas caipitil 2006 €37,271,125.00

**COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN FIGIÚIR AIRGEADAIS (INIÚCHTA)**
Ba é an t-ollchaiteachas ioncaim 2006 €27,031,039
Ba é an t-ollchaiteachas caipitil 2006 €29,345,000

**COMHAIRLE CONTAE LÚ ACHOIMRE AR MHÓRBHAILIÚCHÁIN REATHA DO 2006**

| | Riaráiste ag 01/01/2006 € | Fabhraith € | Díscríobh € | Tarscaoileadh € | Iomlán an Bhailiúcháin € | Bailithe € | Riaráiste ag 31/12/2006 € | Bailithe % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Rátaí | 529,221 | 6,536,848 | 519,162 | Nil | 6,546,907 | 5,786,453 | 760,454 | 88 |
| Cíosa & Blianachtaí | 92,108 | 1,520,338 | 3,673 | Nil | 1,608,773 | 1,505,797 | 102,976 | 94 |
| Uisce Tráchtála | 530,042 | 594,260 | 56,880 | Nil | 1,067,422 | 508,916 | 558,506 | 48 |
| Iasachtaí Tithíochta | 8,334 | 485,181 | 663 | Nil | 492,852 | 484,931 | 7,921 | 98 |